

Athbhreithniú

ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán
Aibreán 2017



Building a
Better Health
Service

Seirbhís Sláinte
Níos Fearr
á Forbairt

Tá gach íomhá coipcheart agus bronntar go coibhneasta Emer O'Shea
emerosheaphotography@gmail.com. 086 021 9023

Clár Ábhar

Brollach	4
Giorrúcháin	5
Gluais	6
Nóta Buíochais	7
Achoimre Fheidhmeach	9
Caibidil 1	
1.0 Réamhrá	20
1.1. Ag Maireachtáil ar Oileán	20
1.2. Cúram Príomhúil	20
1.3. Cuspóir agus Struchtúr na Cáipéise seo	22
1.4. Aidhm agus Spriocanna	22
Caibidil 2	
2.0 Próifíl an Daonra a bhfuil cónaí orthu ar na hOileáin	25
2.1. Réamhrá	25
2.2. Próifíl Daonra	27
2.3. Cóimheas Cleithiúnais	28
2.4. Teaghligh de réir Comhdhéanaimh	29
2.5. Fostaíocht	30
2.6. Oideachas	31
2.7. Figiúirí Féin-Tuairiscithe Sláinte agus Míchumais	32
2.8. Seirbhísí Ginearálta Leighis (GMS) / Incháilitheacht do Chárta Leighis	33
2.9. Eitneacht agus Teanga	34
2.10. Ríomhairí agus Leathanbhanda	35
2.11. Seirbhísí Cúraim Phríomhúil ar na hOileáin	36
Caibidil 3	
3.0 Comhthéacs Polasaí	59
Caibidil 4	
4.0 Prionsabail	64
4.1. Fíricí	64
Caibidil 5	
5.0 Fís	67

Caibidil 6

6.0	Riachtanais Sláinte Pobal Beag Oileán: Léirmheas Litríochta	69
6.1.	Réamhrá	69
6.2.	Sainmhíniú ar Phobail Bheaga Oileán	69
6.3.	Cúram Sláinte agus Pobail Bheaga Oileán	69
6.4.	Léirmheas Litríochta	70
6.5.	Modheolaíocht	70
6.6.	Torthaí	70
6.7.	Polasaí Sláinte agus Oileáin Bheaga na hÉireann	71
6.8.	An Dúshlán an bhaineann le Freastal ar Riachtanais Sláinte Pobal Oileánda	73
6.9.	Soláthar Seirbhísí	73
6.10.	Daonchumhacht	74
6.11.	Roghanna do Mhúnláí Nua Soláthair do Phobail Oileáin na hÉireann	74
6.12.	Oideachas: Fochéime agus Iarchéime	75
6.13.	Féin-Bhainistíocht	75
6.14.	Teacht Aniar an Phobail	75
6.15.	Teilea-Shláinte	76
6.16.	Cur Chuige na Foirne Ildisciplíní	77
6.17.	Conclúid	78

Caibidil 7

7.0	Céard atá ag obair go maith faoi láthair	80
7.1.	Cur Chuige Foirne	80
7.2.	Dochtúirí Teaghlaigh/PHN/RGN/PN	81
7.3.	Rochtain ar Sheirbhísí Eile Cúraim Phríomhúil	82
7.4.	Cúram Réamhbheithe	83
7.5.	Cúram Maolaitheach	83
7.6.	Bainistíocht Chógais	83
7.7.	An Costas a bhaineann le Soláthar Seirbhísí Cúraim Phríomhúil	84
7.8.	Conclúid	85

Caibidil 8

8.0	Téamaí agus Dúshláin	87
8.1.	Réamhrá	87
8.2.	Conclúid	102

Caibidil 9

9.0	Conclúidí, Príomhtheachtaireachtaí agus Moltaí	104
9.1.	Conclúidí	104
9.2.	Moltaí	104
9.3.	An Ghaeilge	105
9.4.	Eagraíochtaí Sláinte Pobail (CHO) agus Grúpaí Ospidéal/Cúraim Chomhtháite	105
9.5.	Pleanáil Fórsa Saothair	106
9.6.	Teacht Aniar an Phobail	107
9.7.	Tacaíocht Féin-Bhainistíochta	108
9.8.	Ríochtaí Fadtréimhseacha	108
9.9.	Meabhairshláinte	108
9.10.	Cúram Tnútháin	109
9.11.	Cúram Pleanáilte	109
9.12.	Cúram Éigeandála	110
9.13.	Cúram taobh amuigh de Ghnáthuaireanta	110
9.14.	Ríomh-Shláinte	111
9.15.	Bonneagar Fisiciúil	112
9.16.	Bainistíocht Chógais	113
9.17.	Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse le Gníomhaireachtaí Seachtracha	113
9.18.	Bailiú Eolais	114
9.19.	Plean Cur i bhFeidhm do Bhliain 1	114
9.20.	Conclúid	117
	Aguisíní	118
	Foinsí	135

Brollach

Is cuid thábhachtach de Phlean Straitéiseach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) i dTuairisc na hEagraíochta Sláinte Pobail1 (CHO) seirbhís sláinte a chur ar fáil do dhaoine san áit agus ag an am a dteastaíonn sé uathu, “an tseirbhís cheart, ag an am ceart, san áit cheart, ón bhfoireann cheart”. Leagtar amach in Éire Fholláin chomh maith fócas do dhaoine aonair páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcuid sláinte féin trí mhaireachtáil ar bhealach níos folláine agus trí fhéin-bhainistíocht a dhéanamh ar riochtaí fadtréimhseacha. I bpobail oileánda, is é an dúshlán atá ann ná tacú le hothair a bheith chomh folláin agus chomh láidir agus is féidir agus seirbhísí cuí agus inrochtana a chur ar fáil atá inmharthana in áit le daonra beag.

Is áiteanna iargúlta iad oileáin na hÉireann, agus iad suite amach ó chósta cuid de na codanna is iargúlta agus is neamh-inrochtana sa tír. Is minic nach mbíonn fáil rialta ar sheirbhísí de bharr na haimsire agus modhanna teoranta taistil. Glactar leis nach féidir gach seirbhís phoiblí ná sóisialta a sholáthar ar oileáin nó in áiteanna iargúlta tuaithe, ach tá sé de sprioc ag FSS seirbhís d’ardchaighdeán a chur ar fáil de réir caighdeáin faoi leith agus oiread úsáid agus is féidir a bhaint as an teicneolaíocht ionas nach mbeidh an gá céanna le taisteal.

Mar gheall ar ghnéithe iontacha ar nós na hoidhreachta, na teanga, an chultúir agus an tsaol thraidisiúnta bíonn fonn ar roinnt mhaith daoine cónaí ar na hoileáin. Tá sé de sprioc ag an athbhreithniú seo ar sheirbhísí cúraim príomhúil na n-oileán bunlíne a sholáthar d’athbhreithniú ar sheirbhísí reatha, rudáí atá ag obair go maith agus áiteanna a bhfuil gá le hathrú a aithint. Is é ár bhfís seirbhís archaighdeán inmharthana cúraim príomhúil a chur ar fáil do dhaoine chomh gar don bhaile agus is féidir, ag glacadh leis ag an am céanna nach féidir taisteal a sheachaint i suíomhanna áirithe.

Mar chuid den athbhreithniú seo tugadh faoi chomhairliúchán leis na daoine agus leis na hoibrithe cúraim sláinte a chónaíonn agus a chuireann seirbhís ar fáil ar na hoileáin, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as an gcúnamh luachmhar a thug siad don athbhreithniú seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na daoine aonair a rinne ionadaíocht ar phobail na n-oileán agus do bhaill an choiste stiúrtha a thug soiléiriú dúinn ar sheachadadh bunseirbhísí agus ar shaol laethúil mhuintir na n-oileán.

John Hayes

Príomhoifigeach, Eagraíocht Sláinte Pobail [CHO] Limistéar 1

Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha

Giorrúcháin

Giorrúchán	Míniú
AMDS	An tSeirbhís Seolta Aeraileighis (ar ar tugadh NACC, an tIonad Náisiúnta Comhordaithe Aeraileighis, roimhe seo)
CHO	Eagraíocht Sláinte Pobail
CM	Bean Chabhrach Phobail
CME	Oideachas Leanúnach Leighis
CMHT	Foireann Mheabhairshláinte Phobail
COÉ	Comhdháil Oileáin na hÉireann, a dhéanann ionadaíocht ar na hoileáin amach ó chósta na hÉireann a bhfuil cónaí orthu
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
GMS	Seirbhísí Ginearálta Leighis
HCA	Cúntóir Cúraim Sláinte
ICGP	Coláiste Dochtúirí Teaghlaigh Éireann
NAS	An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna
OT	Teiripe Shaothair
PHN	Altra Sláinte Poiblí
PN	Altra Cleachtaidh
REOGRTG	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
RGN	Altra Ginearálta Cláraithe
ÚnG	Údarás na Gaeltachta
WHO	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
WONCA	Eagraíocht Dhomhanda na gColáistí, na nAcadamh agus na gCumann Acadúil Náisiúnta Dochtúirí Teaghlaigh

Gluais

Cúram Príomhúil: - Na seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta ar fad a chuirtear ar fáil sa phobal, taobh amuigh d'ospidéal.

Cúram Tánaisteach: - Cúram leighis a chuireann speisialtóir nó ionad ar fáil ar mholadh dochtúra cúraim príomhúil agus a dteastaíonn eolas, scil nó trealamh níos speisialaithe lena chur ar fáil ná mar atá ag an dochtúir cúraim príomhúil.

Cúram Treasach: - Is cúram speisialta sláinte é cúram treasach, d'othair chónaitheacha de ghnáth, ar mholadh ó oibrí príomhúil nó tánaisteach sláinte, in ionad ina bhfuil foireann agus áiseanna do mhionscrúduithe agus cóir leighis.

Eagraíochtaí Sláinte Pobail: - Tá Poblacht na hÉireann roinnte ina naoi nEagraíocht Sláinte Pobail chun múnla comhtháite cúraim a chur ar fáil taobh amuigh de chóras na n-ospidéal. I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil tá Cúram Príomhúil, Cúram Sóisialta, Seirbhísí Meabhairshláinte agus Seirbhísí Sláinte agus Folláine. Déantar na seirbhísí seo a chur ar fáil trí FSS agus trí na forais a mhaoiníonn sé do dhaoine i bpobail áitiúla, chomh gar agus is féidir do bhaile na ndaoine.

Foireann Chúraim Phríomhúil: - Is foireann é an Fhoireann Chúraim Phríomhúil d'oibríthe cúraim sláinte atá freagrach as cúram sláinte príomhúil a eagrú agus a chur ar fáil do dhaoine áitiúla.

I measc na seirbhísí a chuireann an Fhoireann Chúraim Phríomhúil ar fáil tá:

- Dochtúirí Teaghlaigh
- Altraí Cleachtaidh
- Altraí Pobail (Altraí Sláinte Poiblí agus Altraí Ginearálta Cláraithe Poiblí)
- Cúntóirí Baile / Cúntóirí Cúraim Bhaile
- Teiripe Shaothair
- Fisiteiripe
- Teiripe Urlabhra agus Teanga
- Obair Shóisialta

Tá líonra seirbhísí eile ar fáil a thugann tacaíocht don fhoireann, ina measc sin Teiripe Urlabhra agus Teanga, Síceolaíocht/Comhairleoireacht, Éisteolaíocht, Cosliacht, Oifigigh Leighis Limistéir, Seirbhís Sláinte Scoileanna, Fiaclóireacht, Daitéitic, Oftailmeolaíocht agus Altraí Meabhairshláinte Poiblí.

Altra Sláinte Poiblí (PHN)

Is ionann Altra Sláinte Poiblí agus altra a bhfuil dioplóma iarchéime in Altranais Sláinte Poiblí curtha i gcrích aige/aici agus atá cláraithe le Bord Altranais agus Cnámhseachais na hÉireann chun seirbhís uileghabhálach altranais a chur ar fáil sa phobal, lena n-áirítear cur chun cinn na sláinte, galarchosc agus scagthástáil sláinte do leanaí. Is bainisteoir riar cásanna an PHN do limistéar tíreolaíochta faoi leith le riar cásanna ó chúram réamhbhreithe agus cúram do leanaí úra go tacaíochtaí do sheandaoine.

Altra Ginearálta Cláraithe (RGN)

Is é ról an RGN atá ag obair sa phobal oibríú agus tacú leis an tseirbhís PHN mar chuid d'fhoireann altranais an phobail. Diríonn príomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí na RGN sa phobal ar chúram altranais chliniciúil a chur ar fáil sa bhaile agus i suíomhanna cúraim príomhúil.

Altra Cleachtaidh

Bíonn an t-altra cleachtaidh fostaithe ag dochtúir teaghlaigh agus oibríonn sé/sí go dlúth leis an dochtúir teaghlaigh chun réimse leathan seirbhísí a sheachadadh ar othair i suíomh dochtúra teaghlaigh.

Nóta Buíochais

Chuidigh go leor daoine aonair agus grúpaí le forbairt na tuairisce seo. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le muintir na n-oileán a bhí an-chabhrach agus rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin. Tá buíochas faoi leith ag dul do na hoibrithe agus do na bainisteoirí forbartha pobail a thug tacaíocht agus eolas dúinn ar bhonn leanúnach. Tá gach iarracht déanta a chinntiú go bhfuil an t-eolas sa tuairisc seo cruinn; caithefear glacadh leis, áfach, go bhféadfadh roinnt athruithe a bheith tagtha ar an eolas le linn thréimse an phróisis chomhairliúcháin.

- An Dr Louise Doherty, Speisialtóir Leighis Sláinte Poiblí, Dún na nGall, a raibh ról lárnach aici i scríobh na tuairisce seo thar ceann an choiste stiúrtha.
- Maeve MacDermott, Bainisteoir Togra, a rinne áisitheoireacht ar an bpróiseas comhairliúcháin agus a chomhoibrigh le réimse leathan ball foirne, grúpaí deonacha, gníomhaireachtaí reachtúla agus leis an bpobal.
- Baill an Choiste Stiúrtha a liostaítear in Aguisín 4.
- Foireann chúraim sláinte a chuireann seirbhísí ar fáil sna pobail oileánda, Dochtúirí Teaghlaigh, Altraí Sláinte Poiblí, Altraí Ginearálta Cláraithe, Altraí Cleachtaidh agus baill na bhFoirne Cúraim Phríomhúil.
- Bainisteoirí Sheirbhísí FSS, go háirithe na Stiúrthóirí agus na Stiúrthóirí Cúnta Altranais Sláinte Poiblí, Stiúrthóir an Aonaid Seolta Aeraileighis agus Bainisteoirí na Seirbhísí Iasmuigh de Ghnáthuaireanta.
- Baill na Roinne Leighis Sláinte Poiblí san Iarthuaisceart:
 - ❑ Louise Cullen, Eolaí Sinsearach Faireachais, as a cuid saineolais ar dhéimeagrafach agus ar thuiscint sonraí;
 - ❑ An Dr Sarah O'Brien, Cláraitheoir Speisialaithe i Leigheas Sláinte Poiblí, as an léirmheas litríochta a chur le chéile agus as cuidiú leis an bpróiseas eagarthóireachta;
 - ❑ Martina Walsh, Riarachán, as formáidiú a dhéanamh ar gach leagan den tuairisc agus as saintacaíocht rúnaíochta;
 - ❑ Tracey McCole, Riarachán, as an gcúnamh le formáidiú táblaí;
 - ❑ Joan McDonald, Bainisteoir Gnó, as an gcomhairle eagarthóireachta;
 - ❑ Ms Tracey McCole, Administration, for assistance with formatting tables;
 - ❑ Ms Joan McDonald, Business Manager, for editorial advice.
- Lar Thompson, Graphic Designer (onthedot.ie), as an scil atá aige ag ullmhú léarscáileanna.
- Virginia Reid, Bainisteoir Gnó CHO1 A, as an gcúnamh le costáil.
- Deirdre Goggin, Oifigeach Eolais, an Roinn Leighis Sláinte Poiblí, Gaillimh, as an gcúnamh le cairteacha droma.
- Joanne Deeney, Oifigeach GIS CHO 1 as an gcúnamh le léarscáiliú a dhéanamh ar sheirbhísí.
- Aistrithe ón mBéarla ag Hannah Ní Dhoimhín



Achoimre Fheidhmeach

Réamhrá

Is áiteanna faoi leith iad oileáin na hÉireann a bhfuil oidhreacht chultúrtha, áilleacht agus traidisiúin na hÉireann ag baint leo agus ar léir gur áiteanna tarraingteacha iad le cónaí iontu nó le cuairt a thabhairt orthu.

Ar ndóigh, is áiteanna beaga iad seo, ó thaobh achair agus ó thaobh daonra de, tá siad iargúlta agus imeallach braitheann siad go mór ar thalmhaíocht, ar iascaireacht agus ar thurasóireacht agus bíonn easpa seirbhísí riachtanacha orthu². Tá cúrsaí imirce, go háirithe i measc na glúine óige, ag goilleadh ar go leor de na hoileáin seo le fada an lá, rud a fhágann go bhfuil daonra níos sine ar na hoileáin ná mar atá ar an mórthír^{3,4}.

Baineann dúshlán le seirbhís cúraim phríomhúil a sholáthar do phobail oileánda mar gheall ar athruithe sa daonra le linn an tsamhraidh, ar dhaonra atá ag dul in aois agus a bhfuil riachtanais níos casta cúraim orthu, ar dheacrachtaí rochtana agus ar easnaimh eile sa bhonneagar. Mar bharr air sin, caithfear cuimhneamh ar na deacrachtaí a bhaineann le hoibrithe cúraim sláinte a mhealladh agus a choinneáil san áit. Is é polasaí reatha an rialtais tacú le pobail oileánda fanacht ar na hoileáin mar sin is tráthúil go ndéanfaí athbheithniú ar sheirbhísí reatha cúraim phríomhúil na n-oileán. Is é an Rannóg Cúraim Phríomhúil de chuid FSS a choimisiúnaigh an tAthbheithniú seo d'fhonn seirbhís inmharthana, éifeachtach ó thaobh costais de, ardchaighdeánach agus chothrom cúraim phríomhúil a fhorbairt a chomhlíonann riachtanais laethúla phobail oileáin na hÉireann.

Tugadh grúpa stiúrtha idir-rannach le chéile a raibh ionadaíocht ó FSS, ó COÉ, ón REOGRTG, ó oibrithe cúraim sláinte a chónaíonn agus a oibríonn ar na hoileáin agus daoine cuí eile air. Is féidir ballraíocht iomlán an ghrúpa a fheiceáil in Aghuisín 4. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le pobail na n-oileán, le hoibrithe cúraim sláinte ar na hoileáin, agus le bainisteoirí seirbhísí a chuireann seirbhísí cúraim phríomhúil ar fáil do na hoileáin. Bhí sé de sprioc ag an bpróiseas seo, de réir na dtearmaí tagartha, léargas a fháil ar sheirbhísí reatha, chomh maith leis an eolas a bailíodh ó bhainisteoirí seirbhísí, agus ar cheisteanna agus ar bhuarthaí na n-oileánach agus na n-oibrithe cúraim sláinte. Déantar cur síos ar an bpróiseas comhairliúcháin i gcáipéis eile atá iniata leis an tuairisc seo.

Cuireadh an t-eolas ón gcomhairliúchán seo le sonraí atá ar fáil ó fhoinsí náisiúnta agus áitiúla. Pléadh múnlaí do sheachadadh cúraim sláinte ar oileáin bheaga i gcodanna eile den domhan agus rinneadh moltaí maidir le hinbhuanaitheacht agus leagan amach seirbhísí cúraim phríomhúil don todhcháil.

Tá cáipéis oibre ann a chuirfidh creat ar fáil d'obair agus d'fhorbairt amach anseo. Teastóidh obair foirne, tiomantas agus fíis shoiléir chun fíor-athruithe marthanacha a dhéanamh. Tháinig inbhuanaitheacht na seirbhísí aníos mar théama arís agus arís eile agus is léir go dteastaíonn solúbthacht agus toilteanas breathnú ar réitigh úra. Is aonad ar leith é gach oileán agus níl aon réiteach a fheileann do gach uile cheann acu.

Tá géarghá le cur chuige cuimsitheach náisiúnta do riachtanais chúraim phríomhúil na bpobal oileánda. Tá go leor rann rialtais páirteach i soláthar seirbhísí do na hoileáin a mbíonn tionchar acu, go díreach nó go hindíreach, ar shláinte agus ar fholláine an phobail. Áirítear orthu seo an Roinn Sláinte, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an REOGRTG, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Trí chumarsáid agus comhoibriú gníomhach idir na ranna seo i dtaca leis na hoileáin d'fhéadfaí ceisteanna agus fadhbanna a thiocfadh aníos a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

Ár bhFís

Is é ár bhfís do na hoileáin seirbhís éifeachtúil, inmharthana agus chothrom cúraim phríomhúil sláinte a thógáil ar ardchaighdeán a éascaíonn comhoibriú idir muintir na n-oileán, Oibríthe Cúraim Sláinte, an Fhoireann Chúraim Phríomhúil agus Seirbhísí Cúraim Thánaisteach. Tá sé seo amhlaidh ionas gur féidir leo seirbhís iomlánaíoch a chur ar fáil, chomh gar don bhaile agus is féidir, do phobail oileánda. Déanfar an tseirbhís seo a chumasú trí láidreacht phobail a chur chun cinn chomh maith le húsáid teicneolaíochta chun cumarsáid a éascú agus an gá le taisteal a íoslaghdú. Is foireann solúbtha ildisciplíneach, le tacaíocht ó bhonneagar agus ó acmhainní cuí, a dhéanfaidh an tseirbhís a sheachadadh.

Príomhthorthaí

Is iad seo a leanas príomhthorthaí an athbhreithnithe:

- Tá dúshlán i gceist le seirbhís chothrom, éifeachtach ó thaobh costais de agus ardchaighdeánach cúraim phríomhúil a chur ar fáil do na hoileáin.
- Is ionann go leor de na dúshlán seo agus dúshlán a bhíonn ag pobail i gcodanna iargúlta tuaithe d'Éirinn.
- Faoi láthair, caithfidh daoine atá ag cónaí ar oileáin píosa fada taistil a dhéanamh le rochtain a fháil ar sheirbhísí.
- Ní féidir gach seirbhís a sheachadadh ar na hoileáin ach ba chóir go mbeadh sé mar sprioc againn seirbhís mhaith chaighdeánach a sheachadadh a laghdódh an gá le taisteal.
- Is léir go bhfuil gnéithe dearfacha go leor ag baint leis an tseirbhís atá á cur ar fáil faoi láthair agus go bhfuil sé sin thar a bheith tábhachtach do na hoileánaigh.
- Ní hionann an tseirbhís a chuirtear ar fáil ar na hoileáin ar fad agus d'fhéadfaí feabhas a chur uirthi i roinnt mhaith ceantar.
- Is é an cur síos a tháinig as an bpróiseas comhairliúchán ná seirbhís bhriste nach féidir brath uirthi i gcónaí, le hoibríthe cúraim sláinte ar na hoileán ag obair go han-dian le seirbhís iomlánaíoch d'ardchaighdeán a chur ar fáil gan na hacmhainní cuí.
- Is dúshlán iad earcú, coinneáil agus íocaíocht oibríthe cúraim sláinte do na hoileáin.
- Is roghanna agus réitigh féideartha iad naisc feabhsaithe taistil agus úsáid teicneolaíochta leis an ngá atá le taisteal a íoslaghdú agus ba chóir na roghanna seo a fhiosrú tuilleadh.
- Is Foireann solúbtha ildisciplíneach Chúraim Phríomhúil, le tacaíocht i bhfoirm bonneagair agus acmhainní cuí, an cur chuige atá á mholadh.
- Beidh cumarsáid leanúnach idir pobail oileánda agus soláthróirí cúraim sláinte fíorthábhachtach d'fhorbairtí amach anseo, chomh maith le bunú comhghrúpaí oibre.

Moltaí

Tugtar thíos sraith moltaí d'fhorbairt soláthair chúraim príomhúil do na hoileáin amach anseo. Pléitear réasúnaíocht na moltaí seo tuilleadh i gcorp an athbheithnithe.

Náisiúnta

- Go dtabharfaí san áireamh an tionchar a bheadh ag polasaithe rialtais ar mhuintir na n-oileán.
- Go dtabharfaí le chéile Fóram Náisiúnta a chuirfeadh moltaí na tuairisce seo i bhfeidhm. Beidh ionadaíocht ar an bhFóram seo ó phobail oileánda, idir an pobal agus oibrithe cúraim sláinte a bhfuil cónaí orthu ar na hoileáin, ranna ábhartha rialtais, FSS agus forais ábhartha eile.
- Go mbeadh san áireamh feasta i bPlean Seirbhíse Náisiúnta FSS spriocanna sonracha a bhaineann le seachadadh agus le forbairt seirbhísí ar na hoileáin, gníomhaíochtaí chun moltaí an athbheithnithe seo a chur i bhfeidhm ina measc.

An Ghaeilge

- De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, tá scéim teanga le haontú ag FSS
- Ba chóir go mbeadh seirbhísí cúraim príomhúil i nGaeilge ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn siad uathu.
- Moltar acmhainní seirbhíse (m.sh. uirlisí measúnaithe) a fhorbairt i nGaeilge.
- Teastaíonn ó gach suíomh cúraim sláinte liosta de na daoine atá ar fáil a bhfuil Gaeilge acu, go háirithe nuair a bhíonn ceantar Gaeltachta faoi chúram na foirne cúraim sláinte.

Eagraíochtaí Sláinte Pobail (CHO) agus Grúpaí Ospidéal/Cúraim Chomhtháite

- Bunófar fóraim áitiúla idir-ghníomhaireachta sna CHO* ar a mbeidh ionadaíocht ó phobail oileánda, ó FSS (An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna san áireamh), Dochtúirí Teaghlaigh, Altraí Oileánda, Údaráis Áitiúla, Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (INRBT), an Garda Cóta, an Garda Síochána agus an tSeirbhís Dóiteáin. Beidh sé de dhualgas ar na fóraim seo na pleananna a thagann as an athbheithníú seo agus ón bhfóram náisiúnta a chur i bhfeidhm agus cuirfidh siad tuairiscí ar fáil do Phríomh-Oifigeach an CHO.
- Cuirfear seirbhísí cúraim príomhúil ar fáil ar na hoileáin de réir riachtanas measta cliniciúil agus de réir incháilitheachta. Beidh an t-eolas seo faoi na seirbhísí seo ar fáil go forleathan dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu ar oileáin agus d'oibrithe ábhartha cúraim sláinte.
- Cuirfidh foireann FSS riachtanais sláinte pobal oileánda chun cinn trí na fóraim idir-ghníomhaireachta reatha, na Coistí Áitiúla Forbartha Pobail san áireamh.

* Sa chás go gcuimsíonn CHO pobail oileánda

Pleanáil Fórsa Saothair

A) Dochtúirí Teaghlaigh

- Ba chóir go n-oibreodh Coláiste Dochtúirí Teaghlaigh Éireann (ICGP) agus FSS le dochtúir teaghlaigh ar oileáin chun riachtanais oiliúna do dhochtúirí teaghlaigh a aithint, agus ba chóir go mbeadh an réimse leathan seirbhísí a chaithfidh dochtúirí teaghlaigh a chur ar fáil do phobail oileánda a bheith le feiceáil sa churaclam oiliúna do dhochtúirí teaghlaigh.
- Teastaíonn tacaíocht chuí ionaid ó dhochtúirí teaghlaigh le go mbeidh siad in ann saoire a thógáil agus freastal ar dheiseanna oiliúna ar bhonn leanúnach. Caithfear soláthar róta do na dochtúirí teaghlaigh atá i gceist a chur san áireamh sa phleanáil.
- Ba chóir rannpháirtíocht dochtúirí teaghlaigh i bhFoirne Cúraim Phríomhúil ar oileáin a spreagadh agus a chothú.
- Ba chóir pleanáil do chúram leanúnach dochtúra teaghlaigh do dhaoine atá ag cónaí ar oileáin agus acmhainní cuí a chur ar fáil dó trí phleanáil fórsa saothair.

B) Altranas

- Forbrófar sain-sonraí poist d'Altra Sláinte Poiblí (PHN) oileánda chun ról nua altranais a aithint de réir riachtanas aitheanta. Forbrófar an post seo chun ról an altranais a chur chun cinn i bhfeabhsú seachadta seirbhíse cúraim phríomhúil.
- Tabharfar san áireamh sna sonraí poist d'altra oileánda riachtanais shainiúla pobal oileánda agus a suíomhanna tíreolaíochta, an t-uaigneas gairmiúil agus sóisialta a d'fhéadfadh a bheith i gceist, agus na dúshláin a bhaineann le taisteal go dtí an t-oileán i gcaitheamh na bliana.
- Caithfidh an ról a bheith inmharthana, agus do na hoileáin bheaga caithfidh solúbthacht a bheith i gceist chun tascanna na seirbhíse PHN a chomhlíonadh ar an oileán.
- Sainchúrsa oiliúna d'altraí oileánda le forbairt i gcomhar leis na hAonaid Pleanála agus Forbartha Altranais agus Cnáimhseachais.
- Teastaíonn athbheithniú ar rialú agus ar chothú scileanna altraí oileánda.
- Caithfear clúdach ionaid a chur ar fáil le go mbeidh ar chumas an altra freastal ar laethanta oiliúna agus breathnóireacht a choinneáil.
- Caithfear athbheithniú a dhéanamh ar rialú mar a bhaineann sé le riachtanais oibre aonair agus ba chóir go mbeadh tacaíocht chuí bainistíochta sinsearaí ar fáil go héasca i gcás tinnis/suíomhanna deacra.

Foireann Chúraim Phríomhúil (PCT)

- Ba chóir go mbeadh Foireann Chúraim Phríomhúil i mbun seachadta chúraim phríomhúil do phobail oileánda.
- Ba chóir go dtabharfadh an Fhoireann Chúraim Phríomhúil faoi ghníomhaíochtaí ar oileáin chun sláinte agus folláine a chur chun cinn agus chun feasacht a ardú ar sheirbhísí.
- I gcás Foirne Cúraim Phríomhúil a bhfuil oileáin faoina gcúram, ba chóir breathnú ar fhéidearthachtaí le cruinnithe rialta a reáchtáil ar an oileán ar bhonn rialta.
- Breathnóidh FSS ar fhéidearthachtaí maidir le cúntóirí cúraim sláinte (HCA) a earcú agus a thraenáil ar oileáin chun oibriú mar chuid d'fhoireann le seirbhís altranais an oileáin.
- Ba chóir go dtabharfaí Conradh le huaireanta seasta don HCA ach le sainchúram níos leithne ná mar atá ag HCA ar an mórthír.
- Ba chóir grúpa HCA a thraenáil agus a bheith ar fáil le tacaíocht chuí a chinntiú do phobail na n-oileán.

Láidrecht Phobail

- Forbróidh agus cuirfidh FSS i bhfeidhm plan i gcomhar le pobail aonair oileánda chun sláinte agus folláine na bpobal oileánda a chur chun cinn, bunaithe ar riachtanais aitheanta, ar chláir náisiúnta tosaíochtaí agus ar spriocanna Éire Fholláin.
- Oibreoidh FSS le pobail oileánda chun chumas láidreachta an phobail a thógáil le cinntiú gur féidir cúram a chur ar fáil do dhaoine chomh gar don bhaile agus is féidir.

Mar chuid de na hiarrachtaí seo:

- Aithneofar deiseanna do phobail oileánda leas a bhaint as oiliúint i mbuntacaíocht beatha/ athbheochan chardascamhógach (CPR)/láimhsiú/cúram tnútháin/bainistiú riochtaí fadtréimhseacha.
- Forbrófar, spreagfar, cuirfear ar fáil agus tacófar le hoiliúint agus rialú do Scéim Chéad Fhreagróirí Pobail.
- Earcófar Comhordaitheoir Scéime Céad Fhreagróirí Pobail.

Tacaíocht Féin-Bhainistíochta

- Ba chóir go dtacódh an córas cúraim sna pobail oileánda le féin-chúram, ba chóir go mbeadh súil le riachtanais sláinte chun géarchéimeanna galair ainsealaigh a sheachaint agus ba chóir go mbeadh ar a chumas freagairt do chásanna práinne.
- Cuideoidh an Fhoireann Chúraim Phríomhúil le daoine aonair a bhféin-chúram a bhainistiú.

Ríochtaí Fadtréimhseacha

- Forbrófar córas comhtháite idir cúram príomhúil, tánaisteach agus treasach chun conairí láidre cúraim sláinte a thabhairt isteach do bhainistíocht fhadtréimhseach ríochtaí.

Meabhairshláinte

- Ba chóir go mbeadh cur chun cinn na meabhairshláinte ina thosaíocht do phobail oileánda.
- Ba chóir cur le tacaíochtaí síceolaíochta mar chuid de chúram príomhúil.
- Ba chóir tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine ar na hoileáin a bhfuil ríochtaí fadtréimhseacha meabhairshláinte orthu chomh fada agus is féidir.

Cúram Tnútháin

- Ba chóir go mbeadh sainphleananna gníomhaíochta do shláinte ar oileáin ag CHO agus Grúpaí Ospidéal a bhfuil oileáin faoina gcúram chun cúram comhtháite d'othair le ríochtaí fadtréimhseacha a chinntiú.
- Caithfear pleananna cúraim réamhbhreithe a fhorbairt i gcomhar le mná atá ag súil le páistí go luath sa toircheas.

Cúram Pleanáilte

- Ba chóir dul i ngleic le sainriachtanais daoine a bhfuil cónaí orthu ar oileáin maidir le coinnithe a bhaineann le sláinte agus coinnithe ospidéal.
- Caithfidh ospidéal agus Foirne Cúraim Phríomhúil athbheithniú a dhéanamh ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do phobail oileánda, ag cur san áireamh deacrachtaí taistil agus an gá atá le réamhphleanáil.

Cúram Éigeandála

- Ba chóir go bhforbródh Oifigeach Idirchaidrimh Aeraileighis na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna sainpholasaí caighdeánach aslonnaithe leighis atá cothrom le dáta do gach oileán.
- Cuirfear eolas poiblí in airde go feiceálach faoi chur chuige éigeandála do chuariteoirí agus do dhaoine a chónaíonn ar na hoileáin.
- Ba chóir go mbeadh plan timpiste tromchúisí faoi leith do gach oileán agus go bhfreastalódh na príomhpháirtithe leasmhara ar chleachtaí rialta.
- Déanfaidh Oifigeach Idirchaidrimh Aeraileighis na Seirbhíse Otharcharranna gnáthfhaisnéisiú rialta le hoibrithe sláinte agus le pobail oileánda maidir le aslonnuithe éigeandála a tharla.
- Déanfar iniúchadh bliantúil ar aslonnuithe éigeandála na n-oileán.
- Ba chóir go mbeadh fáil ag oibrithe sláinte atá ag obair ar na hoileáin ar thraenáil agus ar uasoiliúint i mbainistiú éigeandálaí leighis agus aslonnuithe leighis.
- Cuirfear tús le plé ar iompar othar chuig limistéir aslonnaithe leighis.

Cúram taobh amuigh de Ghnáthuaireanta

- An chonair do bhainistiú seirbhíse dochtúra teaghlach taobh amuigh de ghnáthuaireanta le soiléiriú. Go hidéalach, ba chóir gurbh é seo an chéad phointe teagmhála i limistéir ina bhfuil seirbhís taobh amuigh de ghnáthuaireanta.

Ríomh-Shláinte

- Aithníonn FSS an gá atá le nasc cuí leathanbhanda d'oileáin agus oibreoidh sí leis na gníomhaireachtaí ábhartha le cinntiú go gcoinnítear é seo mar thosaíocht ag an leibhéal náisiúnta chun seachadadh cúraim sláinte a fheabhsú.
- Oibreoidh FSS le seirbhísí teililighis a fhorbairt d'oileáin chun:
 - Comhairliúchán físchomhdhála a éascú;
 - Gléasanna a chur ar fáil a chuireann chun cinn measúnú móibleach agus seachadadh seirbhísí ar oileáin, ag teacht le dea-chleachtas;
 - Obair ildisciplíneach a fheabhsú;
 - Oiliúint agus oideachais ar líne a chur ar fáil.
- Oibreoidh FSS le gníomhaireachtaí ábhartha chun feabhsú clúdaigh ghuthán soghluaiste a chur chun cinn.
- Cuirfidh FSS tacaíocht theicniúil chuí ar fáil do gach Oibrí Cúraim Phríomhúil a chuireann seirbhísí ar fáil ar oileáin, ar a n-áireofar rochtain ar líonra FSS agus ar ghléasanna ríomhphoist, facs, teileafóin agus gutháin soghluaiste.
- Tacófar agus cuirfear le hoibriú Foirne ildisciplíní Cúraim Phríomhúil trí fhorbairt roghanna teililighis (m.sh. físchomhdháil, Skype) agus trí roinnt cruinnithe a réachtáil ar oileáin gach bliain.
- Beidh rochtain ag Foirne Cúraim Phríomhúil atá ag obair ar oileáin ar thaifeadtaí roinnte leictreonacha. De bharr nach bhforbrófar taifeadtaí leictreonacha go ceann tamall maith, machnamh le déanamh ar fhorbairt taifeadtaí a bheadh i seilbh an othair.

Bonneagar Fisiciúil

- Ba chóir do FSS athbhreithniú a dhéanamh ar a háiseanna cúraim príomhúil ar na hoileáin agus tosaíochta a dhéanamh dá pleananna caipitil, lena n-áireofar áitribh sain-tógtha, ag obair i gcomhar le hÚdarás Áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun áiseanna a roinnt.
- Ba chóir go mbeadh gach áitreabh de chuid FSS oiriúnach dá chuspóir.
- Agus ionaid nua chúraim príomhúil ar oileáin áirithe á fhorbairt, breathnóidh FSS ar fhéidearthachtaí maidir le lóistín a chur ar fáil do dhochtúirí teaghlaigh ionaid agus d'altraí.
- Cuirfear feabhas agus déanfar caighdeánú ar lóistín d'altraí agus d'altraí ionaid a chuireann seirbhís 24/7 ar fail ar oileáin, rochtain ar an idirlíon san áireamh.
- Forbrófar gnáthfhardal trealaimh riachtanaigh a theastaíonn ó ionaid sláinte aonair ar na hoileáin le comhairle ó Fhoirne Cúraim Phríomhúil na n-oileán.
- Forbrófar ionaid nua chúraim príomhúil ar Inis Bó Finne agus ar Árainn.
- Tabharfar san áireamh i sain-ionad cúraim príomhúil d'oileán aon soláthar breise a theastaíonn do shuíomhanna cúraim phráinne.
- Déanfar measúnú ar an ngá atá le gineadóir taca i gcás gearrthacha fada cumhachta do gach ionad cúraim príomhúil oileánda.
- Déanfaidh an grúpa áitiúil idir-ghníomhaireachta, i gcomhar leis an gComhlacht Iompair Tuaithe cúí, athbhreithniú ar shocruithe taistil d'othair ar oileáin.

Bainistíocht Cógais

- Ar oileáin a bhfuil seirbhís altranais 24/7 iontu agus nach bhfuil dochtúir teaghlaigh cónaitheach acu, forbrófar ról an altra oileánda i gcur i bhfeidhm prótacail do dháileadh cógas ar oileáin. San áireamh anseo beidh gnáthliosta cógas a bheidh ar fáil agus rialachas inghlactha maidir le hoideas a fháil i bhfoirm facs ó dhochtúir teaghlaigh agus maidir lena dháileadh ag altra.
- Úsáidfear cógaslann phobail chun an próiseas soláthair cógais do ríochtaí fadtréimhseacha agus d'oidis leantacha a éascú.
- Breathnófar ar ról an altra oideas i bhforbairt sonraí poist d'altra oileánda.
- Rachaidh cláir láidreachta pobail i ngleic le ceistanna maidir le cúram tnútháin i dtaca le cógais thar an gcuntar agus le hoidis leantacha.

Comhaontuithe Leibhéal na Seirbhíse le Gníomhaireachtaí Seachtracha

- Do CHO agus do grúpaí ospidéal a chuireann seirbhís ar fáil do phobail oileánda, breathnófar ar thionchar gach comhaontaithe leibhéal seirbhíse a dhéantar le gníomhaireachtaí seachtracha ar oileáin, i. beidh ar na gníomhaireachtaí cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfar an tseirbhís a sheachadadh ar na hoileáin.

Bailiú Sonraí

- Caithfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) breathnú ar gach oileán as féin i gcur i láthair torthaí daonáirimh.
- Cinnteoidh grúpaí áitiúla idir-ghníomhaireachtaí go mbaileofar sonraí i dtaca lena n-oileáin féin agus go ndéanfar na sonraí sin a uasdátú agus a athbhreithniú.
- Córais bailithe sonraí le forbairt le gur féidir riachtanais seirbhíse sláinte agus gníomhaíocht a aithint ar oileáin agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Caithfear córais sonraí a chur i bhfeidhm chun eolas cruinn a bhailiú ar líon na gcuairteoirí chun soiléiriú a dhéanamh ar an acmhainneacht bhorrtha pearsanra chliniciúil a theastaíonn.



**Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán Aibreán 2017**

Caibidil 1

Réamhrá

Caibidil 1

1.0 Réamhrá

1.1. Ag Maireachtáil ar Oileán

Baineann go leor gnéithe dearfacha le bheith ag cónaí ar oileán, mar a d'aithin na pobail oileánda.

Glórtha na nOileánach:

- *“Tá cónaí orainn in áit álainn”*
- *“Tá pobal álainn tacúil timpeall orainn..... is áit iontach í le páistí a thógáil ann”*
- *“Tá dea-chaidreamh idir an pobal agus an dúlra.....is cultúr éagsúil é le cultúr na mórthíre”*

Tá dúshlán áirithe roimh phobail oileánda áfach, agus teastaíonn láidreacht agus tiomantas le dul i ngleic leo.

Glórtha na nOileánach:

- *“Féadfaidh na seandaoine a bheith an-scoite amach, go háirithe sa gheimhreadh: teastaíonn cuairteoirí uathu”*
- *“Tá sé an-tábhachtach fios a bheith agat gur féidir leat imeacht ón oileán más gá”*
- *“Is pobal beag atá againn agus bíonn sé deacair gníomhaíochtaí a choinneáil ag imeacht”*

Tá fáil ar chúram sláinte i measc na bpríomhbhuarthaí a bhíonn ar dhaoine a rugadh ar na hoileáin nó a shocraigh dul chun cónaithe orthu.

Glórtha na nOileánach:

- *“Má tá muid ag iarraidh go dtiocfaidh daoine le cónaí anseo caithfidh muid na seirbhísí sláinte atá againn a choinneáil”*
- *“Bíonn an baol i gcónaí ann go gcaillfidh muid na seirbhísí atá againn (go háirithe seirbhísí sláinte agus iompair)”*

1.2 Cúram Príomhúil

Is ar chúram príomhúil atá an tseirbhís sláinte ar fad bunaithe. Déanann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) cur síos air mar seo a leanas: “Is cur chuige praiticiúil é cúram príomhúil sláinte chun cúram riachtanach sláinte a chur ar fáil ar bhonn uilíoch do dhaoine aonair agus do theaghlaigh sa phobal agus ar bhealach inghlactha agus inacmhainne lena rannpháirtíocht iomlán; ba chóir go mbeadh sé á sheachadadh ag oibrithe sláinte pobail a thuigeanann fíor-riachtanais na bpobal a gcuireann siad seirbhís ar fáil dóibh agus a bhfuil muinín ag an bpobal astu”⁵.

Caithfidh muid cúram príomhúil a chosaint, a chothú a fhorbairt agus tacú leis mar gurb é bunús sheirbhís sláinte na n-oileán. Caithfidh muid athrú chomh maith chun dul i ngleic le dúshlán atá le teacht, déimeagrafach atá ag athrú, earcú fórsa saothair sciliúil agus maoiniú don earnáil phoiblí. Teastaíonn uainn an fhís agus an cheannaireacht le smaointe níos radacaí a chur chun cinn agus leis an athrú claochlaitheach a dhéanamh a chruthóidh seirbhísí ar oileáin amach ó chósta na hÉireann atá feiliúnach don todhchaí.

Prionsabail na hEagraíochta Domhanda Sláinte do Chúram Príomhúil⁶:

- Ba chóir an cúram a dhíriú ar na grúpa is géire a dteastaíonn sé uathu – ba chóir acmhainní a roinnt go cothrom, de réir riachtanais, agus níos mó a thabhairt dóibh siúl a bhfuil gátar orthu.
- Ba chóir go mbeadh cúram infhaighte agus inghlactha do chách.
- Níor chóir go mbeadh cúram sláinte príomhúil ródhaor.
- Ba chóir go mbeadh rannpháirtíocht iomlán phobail ann, agus go gcuirfeadh cúram sláinte príomhúil le féintuilleamaí agus féintreorú pobal.
- Ba chóir cúram sláinte príomhúil a bheith comhtháite le codanna eile de na seirbhísí sláinte agus le hearnálacha eile forbartha chomh maith.

Tá plé ar siúl faoi láthair maidir le struchtúir cúraim príomhúil amach anseo. Tá fadhbanna le hinbhuanaitheacht seirbhísí dochtúra teaghlaigh i roinnt mhaith ceantar tuaithe in Éirinn. D'eisigh Coláiste Dochtúirí Teaghlaigh Éireann (ICGP) dhá cháipéis anuraidh a phléann todhchaí na ndochtúirí teaghlaigh in Éirinn, "The ICGP vision for the future of Irish Rural General Practice" agus "Bridging the Gap"^{7,8}.

Eisíodh go leor tuairiscí agus moltaí eile maidir le sláinte ar na hoileáin i gcaitheamh na mblianta, agus is é an t-aischothú láidir a fuarthas ón bpobal agus ó chomhairleoirí gairmiúla ná go dteastaíonn gníomh anois. Tá faitíos ar phobail oileánda go gcaillfidh siad na seirbhísí cúraim sláinte atá acu agus tá a n-imní curtha in iúl acu maidir leis an easpa pleanála teagmhais agus pleanáil don todhchaí.

Tá seirbhís den scoth á cur ar fáil, agus curtha ar fáil le blianta fada, do phobal na n-oileán ag go leor oibrithe cúraim sláinte, dochtúirí teaghlaigh agus altraí, lena n-áirítear altraí sláinte poiblí (PHN), altraí ginearálta cláraithe (RGN) agus altraí cleachtaidh (PN). Tá sé mar aidhm ag an tuairisc seo tógáil ar sheirbhís agus ar thiomantas na ndaoine seo le cinntiú go gcoinnítear agus go bhforbraítear an tseirbhís atá á cur ar fáil faoi láthair.

1.3 Cuspóir agus Struchtúr na Cáipéise seo

Tá an tuairisc seo bunaithe ar chomhairliúchán le pobail oileánda, le hoibrithe cúraim sláinte agus le foireann ábhartha ó FSS. Tá sé mar aidhm go dtabharfar chun solais san athbhreithniú seo ar sheirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthraítear d'oileáin na hÉireann gnéithe de struchtúr reatha an tsoláthair seirbhíse a oibríonn agus nach n-oibríonn. Cuirfear i láthair ann réitigh bunaithe ar fhianaise ar na dúshláin atá i gceist le seirbhís inmharthana, chothrom chúraim phríomhúil a chur ar fáil ar ardchaighdeán.


Déantar cur síos ag tús na cáipéise seo ar gach oileán agus ar an mbonneagar agus ar na seirbhísí atá ag gach oileán. Tugtar léargas ansin ar an gcomhthéacs polasaí ina seachadtar seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta na hÉireann agus ar an tionchar a bhíonn ag polasaithe mar sin ar an gcineál cúraim a chuirtear ar fáil ar na hoileáin. Déantar cur síos ina dhiaidh sin ar na prionsabail agus ar na tuairimí ar an mbunaítear an tuairisc seo agus ar an litríocht idirnáisiúnta a bhaineann le cúram pobal oileán beag. Baineadh úsáid as an bpróiseas comhairliúchán, mar a liostaítear in Aguisín 6, agus as an mbunús fianaise, chun na gnéithe dearfacha agus diúltacha araon de na seirbhísí reatha a chuirtear ar fáil do phobail oileánda na hÉireann a thabhairt chun solais. Ar deireadh, tugtar moltaí atá bunaithe ar fhianaise chun feabhas a chur ar chaighdeán an chúraim a sholáthraítear agus tugtar léargas ar phlean feidhmithe chun cur i bhfeidhm tráthúil na moltaí sin a chinntiú.

1.4 Aidhm agus Spriocanna

Is é an aidhm uileghabhálach ná creat a chur ar fáil do sholáthar ardchaighdeánach seirbhíse cothroime agus inmharthana cúraim phríomhúil do phobail oileánda amach ó chósta na hÉireann.

Is iad seo a leanas na spriocanna:

- Cur síos a dhéanamh ar na hoileáin, ar a bpróifíilí daonra, ar a riachtanais aitheanta sláinte agus ar na seirbhísí atá ar fáil do gach oileán.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht idirnáisiúnta acadúil agus neamhfhoilsithe chun na dúshláin a bhaineann le seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta do phobail bheaga oileánda a aithint, chomh maith le réitigh fhéideartha ar na dúshláin sin.
- Gnéithe dearfacha de na seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a chuirtear ar fáil ar oileáin na hÉireann a aithint agus cur síos a dhéanamh chomh maith ar na gnéithe nach n-oibríonn chomh maith céanna i seachadadh seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta ar phobail na n-oileán.
- Riachtanais neamhshásta i bpobail oileánda a thabhairt chun solais agus moltaí a fhorbairt bunaithe ar an bhfianaise chun dul i ngleic leis na riachtanais sin.
- Plean feidhmithe a fhorbairt le cinntiú go gcuirtear moltaí na tuairisce seo i bhfeidhm go tráthúil.



**Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán Aibreán 2017**

Caibidil 2

**Próifíl an Daonra a bhfuil
cónaí orthu ar na hOileáin**

Léarscáil 1: Suíomh na nOileán



¹ Inis Fraoigh, Inis Bó Finne agus Gabhla i gCo. Dhún na nGall, Inis Coitil, Inis na Coilleadh agus Inis Toirc Bheag i gCo. Mhaigh Eo agus Inis Uí Mhaolchluiche i gCo. Shligigh

Caibidil 2

2.0 Próifíl an Daonra a bhfuil cónaí orthu ar na hOileáin

2.1 Réamhrá

De réir na Príomh-Oifige Staidrimh tá 77 oileán amach ó chósta na hÉireann, agus tá daoine ag cónaí ar 69 ceann acu⁹. Is ionann líon na nOileán Cónaidhme, is é sin oileáin nach bhfuil aon nasc cabhsa acu leis an mórthír, agus 25 oileán le raon daonraí idir beirt agus 845 duine.

Orthu sin, níl aon daonra cónaitheach buan nó tá nasc ócáideach cabhsa leis an mórthír le 7 gcinn acu¹. Níor cuireadh na hoileáin seo san áireamh sa tuairisc agus áiríodh 18 n-oileán sa phróifíl. (Léarscáil 1)

Tá 2,846 duine ina gcónaí ar na hoileáin seo: 47% (1,331 duine) acu ar mná iad agus 53% (1,515 duine) ar fir iad. Níl ar fáil ó thaobh sonraí de do na hoileáin a bhfuil daonra de 50 duine nó níos lú orthu² ach daonra iomlán agus inscne. Cuirtear ar fáil i nDaonáireamh 2011 eolas níos sonraí faoi na haon oileán déag eile⁹. Cuireann an CSO figiúirí Inis Meáin agus Thoráí i nDún na nGall le chéile agus cuirtear figiúirí Inis Toirc le Cliara i Maigh Eo chomh maith. Ní chuirtear Inis Meáin (Dún na nGall) san áireamh sa chuid eile den athbheithniú seo de bharr nach bhfuil aon daonra buan ag cónaí uirthi agus nach ball í de Chomhdháil Oileáin na hÉireann. Luaitear í sa rannóg seo, áfach, mar go n-áirítear an dá oileán sna figiúirí.

I dtaca le hoileáin Mhaigh Eo, cuirtear na sonraí d'Inis Toirc agus do Chliara – seachas líon agus inscne na ndaoine – le chéile. Aithníonn muid ar ndóigh gur dhá oileán faoi leith atá ann, le riachtanais agus próifílí éagsúla agus dá bharr sin gur chóir idirdhealú a dhéanamh eatarthu sa daonáireamh náisiúnta. Faoi láthair, de bharr gur ó dhaonáireamh 2011 na sonraí a thugtar thíos, ní féidir an t-idirdhealú sin a dhéanamh ach déanfar moladh sa tuairisc seo gur chóir go gcuirfeadh sonraí idirdhealaithe ar fáil amach anseo.

Fuarthas an t-eolas seo a leanas ar fad ón CSO ó dhaonáireamh 2011 agus tá sé ar fáil go poiblí⁹. Tugadh faoi dhaonáireamh eile ina dhiaidh sin in 2016 ach go dtí seo níl ach torthaí sealadacha ar fáil uaidh seo. Mar gheall ar an moill, beidh athrú tagtha ar chuid den eolas a thugtar sa tuairisc seo san idirlinn.

² Oileán Baoi, Inis Fada, Faoide agus Inis Uí Drisceoil i gCo. Chorcaí agus Cláinis, Inis Laidhre agus Inis Bigil i gCo. Mhaigh Eo

Tábla 1: Déimeagrafach na nOileán⁹

Oileán	Daonra	Fireann	Baineann
Toraigh & Inis Meáin	151	86	65
Árainn Mhór*	514	261	253
Iomlán do Dhún na nGall	665	347	318
Inis Bigil	25	16	9
Inis Toirc & Cliara*	221	128	93
Cláinis	4	2	2
Inis Laidhre	4	2	2
Iomlán do Mhaigh Eo	254	148	106
Inis Bó Finne*	160	83	77
Árainn*	845	446	399
Inis Meáin*	157	79	78
Inis Oírr*	249	135	114
Iomlán do Ghaillimh	1,411	743	668
Oileán Baoi	3	3	0
An tOileán Mór*	216	124	92
Faoide	20	12	8
Inis Fada	10	7	3
Oileán Chléire*	124	63	61
Inis Arcáin	114	53	61
Inis Uí Drisceoil	29	15	14
Iomlán do Chorcaigh	516	277	239
Iomlán	2,846	1,515	1,331

*Eolas sonrach ar fáil ón Daonáireamh

2.2. Próifíl Daonra⁹

- Níl ach 5% de dhaonra na n-oileán seo faoi 4 bliana d'aois, i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 8%.
- Tá éagsúlacht le feiceáil ar chéatadán na bpáistí atá idir 5 bliana agus 14 bliana d'aois, ó 7% i dToraigh agus Inis Meáin (Dún na nGall) go beagnach 17% in Oileán Chléire.
- Tá breis agus 20% de dhaonra na n-oileán os cionn 65 bliain d'aois, céatadán atá i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta de 12%. Tá daonra níos aosta ag cuid de na hoileáin thar a chéile, áfach: tá 28% de mhuintir Árann Mhór agus 25% de mhuintir an Oileáin Mhóir agus Inis Meáin san aoisghrúpa seo, le hais 15% de dhaonra Thoraí, Oileán Chléire agus Inis Arcáin.

Léirítear sa tábla thíos, Tábla 2, daonra na n-oileán de réir aoise i gcomparáid leis an bpróifíl náisiúnta.

Tábla 2: Daonra na nOileán de réir Aoise

Oileán	0 – 4 bl.		5 – 14 bl.		15 – 24 bl.		25 – 64 bl.		65 bl. +		Iomlán
	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	
An tOileán Mór	14	6	27	13	16	7	105	49	54	25	216
Oileán Chléire	6	5	21	17	11	9	69	56	17	14	124
Inis Arcáin	1	1	10	9	27	24	59	52	17	15	114
Árainn Mhór	24	5	76	15	45	9	225	44	144	28	514
Toraigh & Inis Meáin	7	5	10	7	20	13	95	63	19	13	151
Inis Bó Finne	4	3	22	14	13	8	88	55	33	21	160
Árainn	43	5	86	10	120	14	461	55	135	16	845
Inis Meáin	5	3	13	8	13	8	86	55	40	25	157
Inis Oírr	15	6	26	10	19	8	143	57	46	18	249
Clíara & Inis Toirc	13	6	32	14	21	10	115	52	40	18	221
Iomlán do na hOileáin	132	5	323	12	305	11	1,446	53	545	20	2,751
Iomlán Náisiúnta	356,329	8	623,261	14	580,250	13	2,493,019	54	535,393	12	4,588,252

2.3 Cóimheas Cleithiúnais⁹

Baintear úsáid as cóimheas cleithiúnais chun léargas a thabhairt ar struchtúr aoise pobail le daoine óga (0-14bl.) agus seandaoine (65 bl. +) mar chéatadán den daonra atá in aois saothair (i. iad siúd atá 15-64 bliain d'aois). Cuirtear cóimheas na ndaoine óga agus cóimheas na seandaoine le chéile chun an cóimheas iomlán cleithiúnais a aimsiú.

- Is é 57.1 an cóimheas iomlán cleithiúnais do dhaonra na n-oileán, cóimheas atá i bhfad níos airde ná an cóimheas cleithiúnais d'Éirinn (49.3). Is in Árann Mhór atá an cóimheas cleithiúnais is airde (90.4) agus ar an Oileán Mór atá an dara cóimheas cleithiúnais is airde (78.5). Ar an taobh eile, tá cóimheas iomlán cleithiúnais i bhfad níos ísle ná an cóimheas náisiúnta i dToraigh (31.3) agus ar Inis Arcáin (32.6).
- Tá cóimheas cleithiúnais na ndaoine óga níos ísle ná an cóimheas náisiúnta i sé cinn de na hoileáin agus i gcás naoi n-oileán tá cóimheas cleithiúnais na seandaoine níos airde ná an cóimheas náisiúnta, rud a fhágann go bhfuil daonra níos sine ar na hoileáin ná ar an mórthír.
- Níl cóimheas cleithiúnais ar fáil do na hoileáin bheaga, i. na hoileáin a bhfuil daonra de 50 duine nó níos lú ag cónaí orthu. Tá sé le feiceáil i bhfianaise thurgnamhach a fuarthas ó oibrithe cúraim sláinte áfach go bhfuil daonra níos sine orthu sin freisin.

Go hachomair, bíonn níos lú páistí agus níos mó seandaoine ar na hoileáin go hiondúil ná an meán náisiúnta, mar a léirítear i dTábla 3.

Tábla 3: Cóimheas Cleithiúnais do Phobail na nOileán

Oileán	Daonra spleách		Cóimheas Cleithiúnais	
	1-14 bl. & 65 bl. +	0-14 bl.	65 bl. +	lomlán
An tOileán Mór	95	33.9	44.6	78.5
Oileán Chléire	44	33.8	21.3	55.0
Inis Arcáin	28	12.8	19.8	32.6
Árann Mhór	244	37.0	53.3	90.4
Toraigh & Inis Meáin	36	14.8	16.5	31.3
Inis Bó Finne	59	25.7	32.7	58.4
Árann	264	22.2	23.2	45.4
Inis Meáin	58	18.2	40.4	58.6
Inis Oírr	87	25.3	28.4	53.7
Cliara & Inis Toirc	85	33.1	29.4	62.5
lomlán do na hOileáin	1,000	26.0	31.1	57.1
lomlán Náisiúnta	1,514,983	31.9	17.4	49.3

2.4. Teaghlaigh de réir Comhdhéanaimh⁹

- Níl mórán de dhifríocht idir líon na dteaghlach aon tuismitheora sna hoileáin (10.3%) agus an figiúr náisiúnta (10.9%). Tá éagsúlacht i measc na n-oileán éagsúil, áfach, mar a léirítear i dTábla 4.
- Is airde líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu leo féin ar na hoileáin (39%) ná an meán náisiúnta (24%).

Tábla 4: Teaghlaigh de réir Comhdhéanaimh

Oileán	Cónaí Aonair		Teaghlaigh aon Tuismitheora		Líon iomlán Teaghlach	
	Líon	%	Líon	%	Líon	
An tOileán Mór	32	35	13	14	92	
Oileán Chléire	13	27	4	8	49	
Inis Arcáin	26	55	4	9	47	
Árainn Mhór	77	36	26	12	212	
Toraigh & Inis Meáin	21	37	4	7	57	
Inis Bó Finne	43	55	4	5	78	
Árainn	135	41	33	10	330	
Inis Meáin	29	41	5	7	71	
Inis Oírr	33	32	15	14	104	
Cliara & Inis Toirc	32	40	8	10	81	
Iomlán do na hOileáin	441	39	116	10	1,121	
Iomlán Náisiúnta	392,000	24	179,761	11	1,654,208	

2.5 Fostaíocht⁹

- Is ísle na figiúirí fostaíochta d'oileánaigh (40%) ná an meán náisiúnta (50%) ach tá difríocht mhór idir na hoileáin éagsúla mar a léirítear i dTábla 5.
- Tá ráta dífhostaíochta níos airde ar na hoileáin (16%) ná an ráta náisiúnta (12%).
- Tá céatadán níos airde daoine atá éirithe as ag cónaí ar na hoileáin (19%) ná an céatadán náisiúnta (13%).

Tábla 5: Fostaíocht

Oileán	Ag obair		Dífhostaithe nó ag cuardach an chéad phoist		Mic Léinn		Ag tabhairt aire do theaghlach/chlann		Éirithe as		Níl in ann oibriú de bharr tinnis/míchumais	
	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%
An tOileán Mór	94	54	12	7	10	6	10	6	43	25	6	3
Oileán Chléire	55	57	6	6	8	8	9	9	15	15	3	3
Inis Arcáin	45	44	8	8	28	27	5	5	15	15	2	2
Árainn Mhór	90	22	70	17	39	9	66	16	120	29	26	6
Toraigh & Inis Meáin	35	26	44	33	12	9	16	12	16	12	8	6
Inis Bó Finne	58	43	29	22	4	3	13	10	23	17	7	5
Árainn	300	42	99	14	88	12	79	11	118	16	28	4
Inis Meáin	55	40	24	17	11	8	22	16	19	14	8	6
Inis Oírr	91	44	44	21	14	7	25	12	25	12	9	4
Cliara & Inis Toirc	85	48	26	15	15	9	14	8	31	18	5	3
Iomlán do na hOileáin	908	40	362	16	229	10	259	11	425	19	102	4
Iomlán Náisiúnta	1,807,360	50	424,843	12	408,838	11	339,918	9	457,394	13	156,993	4

2.6 Oideachas⁹

- Tá céatadán na ndaoine ar na hoileáin nach bhfuil aon oideachas foirmiúil acu nó nach bhfuil ach oideachas bunskoile acu (32%) i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta de 15%. Tá éagsúlacht sna figiúirí seo idir na hoileáin (féach Tábla 6). I gcás sé cinn de na hoileáin, Árainn Mhór, Toraigh, Inis Bó Finne, Inis Meáin, Inis Oírr agus Cliara agus Inis Toirc, tá an céatadán den daonra atá sa ghrúpa seo dhá oiread níos airde ná an céatadán náisiúnta.
- Is ísle líon na ndaoine a bhaineann cáilíochtaí tríú leibhéal amach i measc phobal na n-oileán (18%) ná an meán náisiúnta (25%).

Tábla 6: Oideachas

Oileán	Daoine gan aon oideachas foirmiúil nó le hoideachas bunskoile amháin		Cáilíochtaí 3ú Leibhéal	
	Líon	%	Líon	%
An tOileán Mór	37	23	30	19
Oileán Chléire	17	20	31	36
Inis Arcáin	7	9	23	31
Árainn Mhór	162	46	27	8
Toraigh & Inis Meáin	58	49	19	16
Inis Bó Finne	40	33	27	23
Árainn	133	22	113	19
Inis Meáin	47	38	14	11
Inis Oírr	59	31	47	25
Cliara & Inis Toirc	64	41	24	15
lomlán do na hOileáin	624	32	355	18
lomlán Náisiúnta	456,896	15	739,992	25

2.7 Figiúirí Féin-Tuairiscithe Sláinte agus Míchumais⁹

- Tuairiscíonn níos lú ná 2% de mhuintir na n-oileán go bhfuil drochshláinte nó an-drochshláinte acu, ráta atá rud beag níos airde ná an ráta náisiúnta (1.5%).
- Is é 401 duine (15%) an líon iomlán daoine a bhfuil míchumas orthu ar na hoileáin, i gcomparáid le 13% go náisiúnta. Tá 47% de mhuintir na n-oileán a bhfuil míchumas orthu 65 bliain d'aois nó os a chionn (féach Tábla 7).

Tábla 7: Féin-Tuairiscíú ar Shláinte agus ar Míchumas

Oileán	Drochshláinte nó an-drochshláinte		Míchumas (65 bl. +)		Líon iomlán daoine le míchumas	
	Líon	%	Líon	%	Líon	%
An tOileán Mór	3	1.4	19	63.3	30	13.9
Oileán Chléire	0	0.0	3	37.5	8	6.5
Inis Arcáin	2	1.8	3	17.6	17	14.9
Árainn Mhór	16	3.1	53	55.2	96	18.7
Toraigh & Inis Meáin	4	2.6	13	43.3	30	19.9
Inis Bó Finne	3	1.9	12	48.0	25	15.6
Árainn	11	1.3	46	39.7	116	13.7
Inis Meáin	2	1.3	15	60.0	25	15.9
Inis Oírr	4	1.6	13	50.0	26	10.4
Cliara & Inis Toirc	8	3.6	10	35.7	28	12.7
Iomlán do na hOileáin	53	1.9	187	46.6	401	14.6
Iomlán Náisiúnta	69,661	1.5	204,069	34.3	595,335	13.0

2.8. Seirbhísí Ginearálta Leighis (GMS) / Incháilitheacht do Chártaí Leighis⁹

In 2014, bhí 39% de dhaonra na hÉireann incháilithe do chártaí leighis.

- Co. Dhún na nGall – 55% (an céatadán is airde in Éirinn)
- Co. Mhaigh Eo – 49% (an dara céatadán is airde in Éirinn)
- Co. na Gaillimhe – 40%
- Co. Chorcaí – 38%

Ar na hoileáin bhí éagsúlacht sna rátaí incháilitheachta do chártaí leighis ó 100% ar Inis Bigil anuas go 17% ar an Oileán Mór.

Tábla 8: Incháilitheacht GMS

Contae	Oileán	Daonra	Líon daoine le hIncháilitheacht GMS	% le hIncháilitheacht GMS
Dún na nGall	Árainn Mhór	514	389	76
	Toraigh	151	105	70
Maigh Eo	Cliara	168	51	30
	Inis Bigil	25	25	100
Maigh Eo/Gaillimh	Inis Bó Finne & Inis Toirc	213	119	56
Gaillimh	Árainn	845	476	56
	Inis Meáin & Inis Oírr	406	253	62
Corcaigh	An tOileán Mór	216	36	17
	Oileán Chléire	124	33	27
	Inis Arcáin	114	30	26
Iomlán		2,776	1,571	55

Ní raibh sonraí ar fáil do na hoileáin bheaga de bharr go dtéann go leor de mhuintir na n-oileán seo chuig dochtúirí teaghlaigh ar an mórthír.

- Maigh Eo – Claínis & Inis Laidhre
- Corcaigh – Faoide, Inis Uí Drisceoil, Inis Fada agus Oileán Baoi

2.9. Eitneacht agus Teanga⁹

- Is Éireannaigh gheala formhór dhaonra na n-oileán (90%). Tá an céatadán seo níos airde ná an meán náisiúnta de 84%.
- Labhraíonn formhór an phobail in Inis Oírr (98%) an Ghaeilge. Ar oileáin eile, Cliara agus Inis Toirc mar shampla, ní labhraíonn ach 23% an Ghaeilge. Tuairiscíonn 41% de dhaonra na tíre go bhfuil cumas labhartha Gaeilge acu, agus 71% de phobal na n-oileán.

Tábla 9: Eitneacht agus Teanga⁹

Oileán	Éireannaigh Gheala		Daoine le cumas labhartha sa Ghaeilge	
	Líon	%	Líon	%
An tOileán Mór	175	85	84	40
Oileán Chléire*	92	76	88	74
Inis Arcáin	87	81	50	44
Árainn Mhór*	466	94	435	86
Toraigh & Inis Meáin*	145	97	138	94
Inis Bó Finne	143	90	46	29
Árainn*	682	89	646	79
Inis Meáin*	133	88	133	86
Inis Oírr*	242	97	233	98
Cliara & Inis Toirc	192	91	49	23
lomlán do na hOileáin	2,357	90	1,902	71
lomlán Náisiúnta	3,821,995	84	1,774,437	41

*Oileáin Ghaeltachta (Árainn Mhór, Toraigh & Inis Meáin, Árainn, Inis Meáin, Inis Oírr, Oileán Chléire)

2.10. Ríomhairí agus Leathanbhanda⁹

- Is lú rochtana atá ag muintir na n-oileán ar ríomhaire (58%) agus ar leathanbhanda (55%) ná mar atá ag muintir na mórthíre, mar a fheictear i dTábla 10.

Tábla 10: Rochtain ar Ríomhairí agus ar Leathanbhanda

Oileán	Teaghlaigh le Ríomhaire	%	Teaghlaigh le Leathanbhanda/ Nasc eile Idirlín	%	Líon iomlán Teaghlach
An tOileán Mór	60	66	59	65	91
Oileán Chléire	38	78	38	78	49
Inis Arcáin	35	76	32	70	46
Árainn Mhór	115	54	107	50	212
Toraigh & Inis Meáin	27	47	25	44	57
Inis Bó Finne	43	58	39	53	74
Árainn	181	56	176	55	321
Inis Meáin	32	45	27	38	71
Inis Oírr	60	58	62	60	104
Cliara & Inis Toirc	45	56	45	56	80
Iomlán do na hOileáin	636	58	610	55	1,105
Iomlán Náisiúnta	1,199,298	73	1,184,915	72	1,649,408

Tá sonraí níos cuimsithí ón daonáireamh d'oileáin áirithe ar fáil in Aguisín 2.

2.11. Seirbhísí Cúraim Phríomhúil ar na hOileáin

Iarradh ar oifigí áitiúla sláinte pobail eolas a chur ar fáil maidir leis na seirbhísí cúraim phríomhúil a chuirtear ar fáil do phobail oileánda ina gceantair. Cuireadh é seo i gcomparáid leis an eolas a bailíodh ó sholáthróirí cúraim sláinte ar na hoileáin lena dlheimhniú. Cé gur thug roinnt mhaith seirbhísí le fios go gcuirfidís seirbhís ar fáil d'oileán dá dteastódh sé, chonacthas in aischothú a fuarthas nach raibh pobail oileánda ná oibrithe sláinte ar oileán ar an eolas faoin rogha seo.

Breathnaítear go mion sa chéad rannóg eile ar phróifílí aonair gach oileáin. Maidir le seirbhísí ar cuairt, fuarthas an t-eolas ó bhainisteoirí seirbhíse a thug le fios go gcuirfí a seirbhís ar fáil ar bhonn riachtanais mheasta. I gcásanna áirithe, áfach, níor cuireadh na seirbhísí seo ar fáil ar an oileán le tamall maith. Tá bearna san eolas maidir le seirbhísí a bheith ar fáil agus caithfear an bhearna seo a líonadh le go mbeidh fáil ag daoine atá ag cónaí ar oileáin ar eolas soiléir agus cuimsitheach maidir leis na seirbhísí atá ar fáil dóibh.



Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte

- Tá altra cónaitheach ar Thoraigh a bhfuil fáil air/ uirthi 24/7 agus tagann dochtúir teaghlaigh go dtí an t-oileán uair sa choicís.
- Tá Toraigh ar cheann den dá oileán san athbhreithniú seo a bhfuil scéim chéad fhreagróirí acu. Tá dhá dhífhibrileoir ar an oileán.
- Cuirtear seirbhísí cúntóra baile ar fáil ar an oileán.
- I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá teiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga, seirbhísí diáitítigh, seirbhísí cosliachta agus seirbhísí sláinte scoileanna.

Buaicphointí Déimeagrafacha (Figúirí náisiúnta idir lúibíní)

- Labhraíonn 94% den oileán an Ghaeilge (41%).
- Tá an cóimheas cleithiúnais de 31.3 píosa maith níos ísle ná an meán náisiúnta chomh maith (49.3).
- Tá an tríú chuid, 33%, de na daoine dífhostaithe, an ráta dífhostaithe is airde i measc na n-oileán uile (12%).
- Thuairiscigh 19.9% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 44% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).



Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte


- Tá dochtúir teaghlaigh cónaitheach ar Árainn Mhór agus altra a thagann isteach cúig lá sa tseachtain agus le haghaidh coinnithe riachtanacha réamhbheartaithe ag an deireadh seachtaine.
- Cuirtear seirbhísí cúntóra baile ar fáil ar an oileán.
- Tá seacht ndífhibrileoir ar an oileán; cuirtear oiliúint ar dhaoine deonacha ach níl aon scéim chéad fhreagróirí.
- I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá teiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga, seirbhísí diaitéitigh, seirbhísí fiaclóireachta agus seirbhísí sláinte scoileanna.

Buaicphointí Déimeagrafacha *(Figiúirí náisiúnta idir lúibíní)*

- Labhraíonn 86% den oileán an Ghaeilge (41%).
- Tá Árainn Mhór ar an oileán is díothaí -20.4* (0.2).
- Tá cóimheas cleithiúnais an-ard ar an oileán: 90.4 (49.3).
- Tá céatadán níos airde teaghlach aon tuismitheora: 12.3% (10.9%).
- Tá céatadán níos airde de dhaoine a bhfuil cónaí orthu ina n-aonar: 36.3% (23.7%).
- Thuairiscigh 18.7% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 50% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).

* I dtéarmaí bunúsacha, is bealach é Innéacs Díthe Pobal HP le saibheas nó míbhuntáiste coibhneasta ceantair tíreolaíochta faoi leith a thomhas ag baint úsáide as sonraí a bailíodh do dhaonáirimh éagsúla. Tugtar scór don cheantar idir thart ar -35 (an ceantar is mó atá faoi mhíbhuntáiste) agus +35 (an ceantar is saibhre)







Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte

- Tá altra cónaitheach ar Chliara a chuireann seirbhís 24/7 ar fáil agus dochtúir teaghlaigh a thagann isteach go dtí an t-oileán ar bhonn seachtainiúil.
- Cuirtear seirbhísí cúntóra baile ar fáil ar an oileán.
- Cé nach bhfuil aon scéim fhoirmiúil chéad fhreagróirí ar an oileán, cuireadh oiliúint ar dhaoine deonacha, tá aonad gníomhach de chuid Ord Mhálta ar an oileán agus tá dhá dhífhibrileoir ar an oileán.
- I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá seirbhísí cosliachta agus seirbhísí sláinte scoileanna.

Buaicphointí Déimeagrafacha (Figiúirí náisiúnta idir lúibíní)

- Labhraíonn 23% de mhuintir na n-oileán an Ghaeilge (41%).
- Tá an cóimheas cleithiúnais de 62.5 i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta (49.3).
- Tá 14.8% de na daoine dífhostaithe (12%).
- Thuairiscigh 12.7% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 56% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).



Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte

- Tá altra cónaitheach ar Inis Toirc a chuireann seirbhís 24/7 ar fáil agus dochtúir teaghlaigh a thagann isteach go dtí an t-oileán uair sa mhí.
- Cé nach bhfuil aon scéim fhoirmiúil chéad fhreagróirí ar an oileán, cuireadh oiliúint ar dhaoine deonacha agus tá dhá dhífhibrileoir ar an oileán.
- Cuirtear seirbhís chosliachta ar fáil ar an oileán.

Buaicphointí Déimeagrafacha* (Figiúirí náisiúnta idir lúibíní)[§]

- Labhraíonn 23% de mhuintir na n-oileán an Ghaeilge (41%).
- Tá an cóimheas cleithiúnais de 62.5 i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta (49.3).
- Tá 14.8% de na daoine dífhostaithe (12%).
- Thuairiscigh 12.7% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 56% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).

*Cliara san Aireamh



Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte

- Reáchtálann dochtúir teaghlaigh trí sheisiún in aghaidh na míosa ar Inis Bó Finne agus tá altra cónaitheach ann a chuireann seirbhís 24/7 ar fáil.
- Tá dhá dhífhibrileoir ar an oileán agus aonad gníomhach de chuid Ord Mháita ach níl aon scéim fhoirmiúil chéad fhreagróirí ann.
- I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá fisiteiripe, teiripe shaothair agus seirbhísí cosliachta.
- Níl aon seirbhís chúntóra baile ar fáil.

Buaicphointí Déimeagrafacha (Figúirí náisiúnta idir lúibíní)

- Labhraíonn 29% de phobal an oileáin an Ghaeilge (41%).
- Tá cóimheas cleithiúnais an oileáin – 58.4 – i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta (49.3).
- Tá céatadán ard daoine (55.1%) ina gcónaí ina n-aonar (23.7%)
- Tá 21.6% de na daoine dífhostaithe (12%).
- Thuairiscigh 15.6% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 53% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).

Príomhsheirbhísí	Stáisiún na nGardaí
Ionad Sláinte	Ionad Pobail
Dochtúir Teaghlaigh – Cónaitheach agus Altra Cleachtaidh	Siopa
Altra – Seirbhís Luan-Aoine	Naíonra & Grúpa Spraoi
Dífhibrileoír (9)	Bunscoil (2)
Rúidbhealach	Iar-bhunscoil
Bád Tarrhála	Ionad Lae
Seirbhís Dóiteáin	Áiseanna Fadchónaithe

Inis Mór
(Daonra 845)

Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte

- Tá dochtúir teaghlaigh cónaitheach ar Inis Mór agus altra a bhíonn ar fáil cúig lá sa tseachtain agus le haghaidh coinnithe riachtanacha réamhbheartaithe ag an deireadh seachtaine.
- Tá naoi ndífhibrileoír ar an oileán. Tá oiliúint curtha ar dhaoine deonacha ach níl aon scéim fhoirmiúil chéad fhreagróirí ann.
- Tá Aonad Altranais Phobail (Áras Rónáin) ar Inis Mór ina bhfuil 12 leaba, ar leapacha fadchónaithe iad 10 gcinn acu agus leapacha gearrchónaithe/téarnaimh/maolaitheacha iad péire acu.
- Tá planáil ar bun chun na seirbhísí sláinte ar fad atá ar fáil ar an oileán a thabhairt le céile in aon ionad amháin, is é sin Áras Rónáin.
- Tá seirbhísí cúntóra baile ar fáil ar an oileán.

- I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá fisiteiripe, teiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga, síceolaíocht, seirbhísí cosliachta agus seirbhísí sláinte scoileanna.

Buaicphointí Déimeagrafacha *(Figiúirí náisiúnta idir lúibíní)*

- Labhraíonn 79% de phobal an oileáin an Ghaeilge (41%).
- Tá cóimheas cleithiúnais an oileáin – 45.4 – níos ísle ná an meán náisiúnta (49.3).
- Tá 14% de na daoine dífhostaithe (12%).
- Thuairiscigh 13.7% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 55% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).



Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte

- Tá altra cónaitheach ar Inis Meáin a chuireann seirbhís 24/7 ar fáil agus dochtúir teaghlaigh a thagann isteach trí huair sa tseachtain do sheisiúin 2 uair an chloig.
- Cé nach bhfuil aon scéim fhoirmiúil chéad fhreagróirí ann, tá grúpa de chuid Ord Mhálta agus dífhibrileoir amháin ar an oileán.
- Tá seirbhísí cúntóra baile ar fáil ar an oileán.
- I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá seirbhísí fisiteiripe, teiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga, seirbhísí cosliachta agus seirbhísí sláinte scoileanna.

Buaicphointí Déimeagrafacha (Figiúirí náisiúnta idir lúibíní)

- Labhraíonn 86% de phobal an oileáin an Ghaeilge (41%).
- Is ionann céatadán na ndaoine atá 65 bliain d’aois nó os a chionn, 25.0%, agus dhá oiread an meán náisiúnta (12.0%).
- Tá cóimheas cleithiúnais an oileáin – 58.6 – i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta chomh maith (49.3).
- Tá 17% de na daoine dífhostaithe (12%).
- Thuairiscigh 15.9% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 38% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).



Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte

- Tá dochtúir teaghlaigh cónaitheach le haltra cleachtaidh ar Inis Oírr chomh maith le haltra sláinte poiblí a thagann isteach 3 lá sa tseachtain.
- Tá trí dhífhibrileoir ar an oileán agus cé nach bhfuil aon scéim fhoirmiúil chéad fhreagróirí ann, tá oiliúint curtha ar dhaoine deonacha.
- Tá seirbhísí cúntóra baile ar fáil ar an oileán.
- I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá fisiteiripe, teiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga, síceolaíocht, cosliacht agus seirbhísí sláinte scoileanna.

Buaicphointí Déimeagrafacha *(Figúirí náisiúnta idir lúibíní)*

- Labhraíonn 98% de phobal an oileáin an Ghaeilge (41%).
- Tá céatadán ard teaghlach aon tuismitheora – 14% (10.9%) – agus daoine atá ina gcónaí ina n-aonar – 32% (23.7%).
- Tá 12% de na daoine dífhostaithe (12%).
- Thuairiscigh 10.4% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 60% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).






Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte

- Bíonn altra ar an Oileán Mór cúig lá sa tseachtain agus tagann sé/sí isteach le haghaidh coinnithe riachtanacha réamhbheartaithe ag an deireadh seachtaine. Cuirtear seirbhís dochtúra teaghlaigh ar fáil uair sa mhí.
- Cé nach bhfuil aon scéim fhoirmiúil chéad fhreagróirí ann, tá oiliúint curtha ar dhaoine deonacha agus tá trí dhífhibrileoir ar an oileán.
- Tá seirbhísí cúntóra baile ar fáil ar an oileán.
- I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá teiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga agus seirbhísí sláinte scoileanna.

Buaicphointí Déimeagrafacha (Figúirí náisiúnta idir lúibíní)

- Labhraíonn 40% de phobal an oileáin an Ghaeilge (41%).
- Tá cóimheas cleithiúnais an oileáin – 78.5 – i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta (49.3)
- Tá céatadán ard daoine atá ina gcónaí ina n-aonar – 34.8% (23.7%).
- Tá ráta íseal dífhostaíochta ann – 6.9% (12%).
- Thuairiscigh 13.9% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 65% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).



Oileán Uí Drisceoil
(Daonra 29)

Chuig Conamar

Príomhsheirbhísí

- Díthibileoir (1)
- Siopa

The image features a map of the Oileán Uí Drisceoil region, highlighted in green and yellow against a blue background. An inset map in the top left shows the region's location within Ireland. A legend in the bottom left lists services: 'Príomhsheirbhísí' (Main Services), 'Díthibileoir (1)' (1 Mobile Phone Shop) with a red icon, and 'Siopa' (Shop). A blue boat icon and a compass rose are also present in the top right.



Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte

- Tá scéim fhoirmiúil chéad fhreagróirí ar an oileán agus dhá dhífhibrileoir.
- I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá altra sláinte poiblí, cúntóirí baile agus teiripe shaothair.

Buaicphointí Déimeagrafacha (Figiúirí náisiúnta idir lúibíní)

- Labhraíonn 44% de phobal an oileáin an Ghaeilge (41%).
- Tá cóimheas cleithiúnais an oileáin - 32.6 - i bhfad níos ísle ná an meán náisiúnta (49.3)
- Tá céatadán ard daoine atá ina gcónaí ina n-aonar – 55.3% (23.7%).
- Tá 7.8% den daonra dífhostaithe, rud a fhágann go bhfuil Inis Arcáin ar cheann de na hoileáin leis na rátaí is ísle dífhostaíochta (12%).
- Thuairiscigh 14.9% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 70% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).



Buaicphointí na Seirbhísí Sláinte

- Tá altra cónaitheach ar Oileán Chléire a chuireann seirbhís 24/7 ar fáil agus tagann dochtúir teaghlaigh isteach go dtí an t-oileán gach sé seachtaine.
- Cé nach bhfuil scéim fhoirmiúil chéad fhreagróirí ann, tá oiliúint curtha ar dhaoine deonacha agus tá dhá dhífhibrileoir ann.
- Cuirtear seirbhísí cúntóra baile ar fáil ar an oileán.
- I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá teiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga, seirbhísí cosliachta agus seirbhísí sláinte scoileanna.

Buaicphointí Déimeagrafacha *(Figúirí náisiúnta idir lúibíní)*

- Labhraíonn 74% de phobal an oileáin an Ghaeilge (41%).
- Tá cóimheas cleithiúnais an oileáin – 55.0 – i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta (49.3)
- Tá 6.2% den daonra dífhostaithe, rud a fhágann go bhfuil Oileán Chléire ar cheann de na hoileáin leis na rátaí is ísle dífhostaíochta (12%).
- Thuairiscigh 6.5% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas (13%).
- Tá fáil ag 78% de theaghlaigh ar an idirlíon (72%).

Achoimre ar Chúram Príomhúil mar atá faoi láthair

Tugtar achoimre i dTábla 11 ar sheirbhísí reatha cúraim phríomhúil ar na hoileán, seachas na bunseirbhísí PCT, i. teiripe shaothair, fisiteiripe agus tacaíocht bhaile, a ndéantar cur síos orthu thíos. Feictear go bhfuil éagsúlacht mhór i soláthar na seirbhísí seo ó oileán go hoileán. Sa Tábla, déantar rangú ar na seirbhísí de réir an ghnáthmhodha seachadta – mórthír nó ar cuairt – ach thug bainisteoirí seirbhísí le fios go ndéanfaidís iarracht an tseirbhís a chur ar fáil ar an oileán dá n-aithneofaí go raibh gá leis. I dtaca le cosliacht, tabharfar faoi dearadh gur soláthar príobháideach atá i gceist le cuid de na seirbhísí ar na hoileáin; is féidir go gclúdaíonn fóirdheontas ó FSS cuid de na costais don tseirbhís sin nó go n-íocann an pobal an costas iomlán, braitheann sé ar an oileán. Cuirtear seirbhís cosliachta FSS (atá saor in aisce d’othair incháilithe) ar fáil aran mórthír agus ar oileáin áirithe.

Teiripe Shaothair

Bíonn sé mar aidhm ag an tseirbhís teiripe saothair (OT) seirbhís a chur ar fáil ar an oileán do dhaoine a meastar go dteastaíonn sé uathu, agus an tseirbhís sin a chur ar fáil dóibh siúd a meastar gur chóir tús áite a thabhairt dóibh taobh istigh de choicís. Tugann an OT cuairteanna rialta réamhbheartaithe ar chuid de na hoileáin (Árainn, Inis Meáin agus Inis Oírr). Níor thug OT cuairt ar chuid de na hoileáin le tamall fada, áfach. Baineann daoine leas as an tseirbhís ar an mórthír chomh maith agus déanann an OT iarracht freastal ar dhaoine arbh fhéidir go mbeidís ag freastal ar sheirbhísí eile ar an mórthír ag an am céanna. I measc na ndúshlán atá roimh sholáthar na seirbhíse seo ar na hoileáin tá cúrsaí taistil, stóráil agus cothabháil trealaimh agus easpa spáis do mheasúnuithe agus d’obair ghrúpa. Is féidir go mbeadh ar an bhfoireann taisteal de shiúl na gcos nó brath ar an altra chun dul chomh fada le tithe daoine nuair a thugann siad cuairt ar na hoileáin.

Fisiteiripe

Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil ar an mórthír go hiondúil, níl sceideal rialta cuairteanna do sheirbhís fisiteiripe ach amháin ar na hOileáin Árainn agus ar Inis Bó Finne. Cruthaíonn sé seo fadhbanna in amanna do dhaoine nach féidir leo an t-oileán a fhágáil mar gheall ar dheacrachtaí luaineachta nó easpa rochtana ar mhodh iompair. Dhéanfaidh an tseirbhís iarracht, áfach, seirbhís ar na hoileáin/seirbhís bhaile a chur ar fáil dá mheasfaí go mbeadh gá leis.

Seirbhís Tacaíochta Baile

Baineann dhá dhúshlán mhóra le soláthar na seirbhíse seo ar na hoileáin: bíonn sé deacair an tseirbhís a chur ar fáil ón mórthír de bharr go bhfuil cuid de na hoileáin scoite amach an-fhada ón gcósta, agus ar ndóigh is pobail bheaga iad pobail oileánda agus is féidir nach mbeadh sé d’acmhainn ag gach pobal an tseirbhís a chur ar fáil ar an oileán. B’fhéidir go mbeadh oibríthe tacaíochta baile ag cónaí ar chuid de na hoileáin ach b’fhéidir nach mbeadh ar a gcumas an tseirbhís a chur ar fáil do chliaint nua nó go mbeadh fadhbanna leis an maoiniú atá ar fáil don tseirbhís. Níl aon oibrí tacaíochta baile ar chuid de na hoileáin faoi láthair agus níl an tseirbhís ar fáil dá bharr sin.

Seirbhísí Meabhairshláinte do Dhaoine Fásta

Reáchtálann Síciatraí agus Altraspeisialtóir Cliniciúil clinicí rialta d’othair sheachtracha ar Árainn, ar Inis Meáin agus ar Inis Oírr. Ar na hoileáin eile, bheadh fáil ag daoine ar an tseirbhís seo (clinic d’othair sheachtracha agus tacaíocht leantach ón bhfoireann ildisciplíneach) ar an mórthír, cé go bhfuil an fhoireann ildisciplíneach mheabhairshláinte ar fáil d’othair agus d’oibríthe cúraim sláinte le tacaíocht a chur ar fáil taobh amuigh d’uaireanta clinice, m.sh. tacaíocht ghutháin. Thabharfaidh an fhoireann mheabhairshláinte/an t-altra meabhairshláinte pobail cuairt ar dhaoine ar na hoileáin dá measfaí go mbeadh gá tosaíochta cliniciúil acu.

Seirbhís Mheabhairshláinte do Pháistí agus do Dhéagóirí (CAMHS)

Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil ar an mórthír go hiondúil, ach d’fhéadfaí é a chur ar fáil ar an oileán dá measfaí é riachtanach.

Tábla 11: Seirbhísí Cúraim Phríomhúil ar na hOileáin

Oileán	Dún na nGall		Corcaigh	
	Árainn Mhór	Toraigh	An tOileán Mór	Oileán Chléire
Daonra	514	144	216	124
Achar ón Mórthír (km)	5 (Ailt an Chorráin)	14.5 (Machaire Rabhartaigh)	3 (Baile Chaisleán Bhéarra)	13 (Dún na Séad)
Ionad Sláinte	Tá	Tá	Tá	Tá
Dochtúir Teaghlaigh	Cónaitheach	Uair sa choicís	Míosúil	Gach 6 seachtaine
Altra	Laethúil ^c	24/7	Laethúil ^c	24/7
Lóistín d'Altra	Ní bhaineann	Tá	Ní bhaineann	Tá
Otharcharr	Tá	Níl	Níl	Níl
Scéim Chéad Fhreagróirí	Níl ^e	Tá	Níl ^e	Níl ^e
Dífhibrileoír (méad)	7	2	3	2
Seirbhísí Teiripe Urlabhra & Teanga	Ar cuairt	Ar cuairt	Ar cuairt	Ar cuairt
Seirbhísí Daitéitigh	Ar cuairt	Ar cuairt	Mórthír	Mórthír
Seirbhísí Síceolaíochta	Mórthír	Mórthír	Mórthír	Mórthír
Seirbhísí Cosliachta	Ar cuairt (príobháideach)	Ar cuairt (príobháideach)	Mórthír	Ar cuairt (FSS)
Seirbhísí Fiaclóireachta	Ar an oileán (uair sa bhliain)	Mórthír (uair sa bhliain)	Mórthír	Mórthír
Seirbhísí Éisteolaíochta	Mórthír	Mórthír	Mórthír	Mórthír
Seirbhísí Sláinte Scoileanna	Ar cuairt	Ar cuairt	Ar cuairt	Ar cuairt
Seirbhísí Oftailmeolaíochta	Ar cuairt (uair sa bhliain)	Mórthír	Mórthír	Mórthír

^aÚsáideann an dochtúir teaghlaigh an tIonad Pobail^bAltraí Cleachtaidh chomh maith^cCoinnithe riachtanacha réamhbheartaithe ag an deireadh seachtaine^dOrd Mhálta^eDaoine deonacha oilte ach gan scéim fhoirmiúil

Corcaigh				
Faoide	Inis Uí Drisceoil	Inis Fada	Oileán Baoi	Inis Arcáin
20	29	10	3	114
3.4 (Beanntraí)	1 (Cé Chonamair)	3 (An Caladh)	2 (An Bealach Buí)	4.1 (Baltimore)
Níl	Níl	Níl	Níl	Níl
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Cuairteanna ón mórhír ^c	Cuairteanna ón mórhír ^c	Cuairteanna ón mórhír ^c	Cuairteanna ón mórhír ^c	Cuairteanna ón mórhír ^c
Ní bhaineann	Ní bhaineann	Ní bhaineann	Ní bhaineann	Ní bhaineann
Níl	Níl	Níl	Níl	Níl
Níl ^e	Níl ^e	Níl	Níl	Níl
1	1	Níl dífhibrileoir ann	Níl dífhibrileoir ann	2
Ar cuairt	Ar cuairt	Mórhír	Mórhír	Ar cuairt
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Ní bhaineann	Ní bhaineann	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír

^aÚsáideann an dochtúir
theaghlaigh an tlonad
Pobail

^bAltraí Cleachtaidh
chomh maith

^cCoinnithe riachtanacha
réamhbheartaithe ag an
deireadh seachtaine

^dOrd Mhálta

^eDaoine deonacha oilte
ach gan scéim fhoirmiúil

Tábla 11: Seirbhísí Cúraim Phríomhúil ar na hOileáin

Oileán	Maigh Eo			
	Cliara	Inis Toirc	Inis Bigil	Inis Laidhre
Daonra	168	53	25	3
Achar ón Mórthír (km)	5 (Ruanaid)	14.5 (Ruanaid)	1.6 (Rinn Deoráin)	2 (a modh taistil féin ag muintir an oileáin)
Ionad Sláinte	Tá	Tá	Níl ^a	Níl
Dochtúir Teaghlaigh	Uair sa tseachtain	Uair sa mhí	Gach 3 seachtaine	Mórthír
Altra	24/7	24/7	Cuairteanna ón mórthír ^c	Cuairteanna ón mórthír ^c
Lóistín d'Altra	Tá	Tá	Ní bhaineann	Ní bhaineann
Otharcharr	Tá ^d	Níl	Níl	Níl
Scéim Chéad Fhreagróirí	Níl ^d	Níl ^e	Níl	Níl
Dífhibrileoír (méad)	2	2	Níl dífhibrileoír ann	Níl dífhibrileoír ann
Seirbhísí Teiripe Urlabhra & Teanga	Mórthír	Mórthír	Mórthír	Mórthír
Seirbhísí Daitéitigh	Mórthír	Mórthír	Mórthír	Mórthír
Seirbhísí Síceolaíochta	Mórthír	Mórthír	Mórthír	Mórthír
Seirbhísí Cosliachta	Ar cuairt (FSS)	Ar cuairt (FSS)	Mórthír	Mórthír
Seirbhísí Fiaclóireachta	Mórthír (uair sa bhliain)	Mórthír (uair sa bhliain)	Mórthír	Mórthír
Seirbhísí Éisteolaíochta	Mórthír	Mórthír	Mórthír	Mórthír
Seirbhísí Sláinte Scoileanna	Ar cuairt	Mórthír	Ní bhaineann	Ní bhaineann
Seirbhísí Oftailmeolaíochta	Mórthír	Mórthír	Mórthír	Mórthír

^aÚsáideann an dochtúir theaghlaigh an tIonad Pobail^bAltraí Cleachtaidh chomh maith^cCoinnithe riachtanacha réamhbheartaithe ag an deireadh seachtaine^dOrd Mhálta^eDaoine deonacha oile ach gan scéim fhoirmiúil

Maigh Eo		Gaillimh		
Cláinis	Árainn	Inis Meáin	Inis Oírr	Inis Bó Finne
4	845	157	249	160
2.4 (a modh taistil féin ag muintir an oileáin)	19.5 (Ros a' Mhíl)	20.8 (Ros a' Mhíl)	23.5 (Ros a' Mhíl)	11 (An Cloigeann)
Níl	Tá	Tá	Tá	Tá
Mórhír	Cónaitheach ^b	2 uair an chloig x 3 huair sa tseachtain	Cónaitheach ^b	3 Chéadaoin in aghaidh na míosa
Cuairteanna ón mórhír ^c	Laethúil ^c	24/7	3 lá sa tseachtain ^c	24/7
Ní bhaineann	Tá	Tá	Tá	Tá
Níl	Tá	Níl	Níl	Tá ^d
Níl	Níl ^e	Níl ^d	Níl ^e	Níl ^d
Níl díffhbrileoir ann	9	1	3	2
Mórhír	Ar cuairt	Ar cuairt	Ar cuairt	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Mórhír	Ar cuairt (príobháideach)	Ar cuairt (príobháideach)	Ar cuairt (príobháideach)	Ar cuairt (príobháideach)
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír
Ní bhaineann	Ar cuairt	Ar cuairt	Ar cuairt	Mórhír
Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír	Mórhír

^aÚsáideann an dochtúir theaghlaigh an ttonad Pobail

^bAltraí Cleachtaidh chomh maith

^cCoinnithe riachtanacha réamhbheartaithe ag an deireadh seachtaine

^dOrd Mhálta

^eDaoine deonacha oilte ach gan scéim fhoirmiúil



Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán Aibreán 2017

Caibidil 3

Comhthéacs Polasaí

Caibidil 3

3.0 Comhthéacs Polasaí

Tá roinnt straitéisí éagsúla a dhéanann rialú ar sholáthar seirbhísí cúraim sláinte d'Éirinn ag an leibhéal náisiúnta. Déantar cur síos achomair ar na príomhstraitéisí a bhaineann le soláthar cúraim sláinte thíos.

Foilsíodh **Cúram Príomhúil: Treoir Nua** in 2001 agus is é an straitéis reatha do chúram príomhúil in Éirinn¹⁰. Sa straitéis seo, cuirtear chúram príomhúil i gcoilár chóras cúraim sláinte agus shóisialta na hÉireann. Aithnítear agus tagraítear do láidreachtaí Chleachtadh Ginearálta na hÉireann, ar a n-áirítear cosc drochshláinte, athshlánú, leanúnachas cúraim agus cumarsáid idir oibrithe cúraim sláinte sa phobal agus sna hospidéal. Bunaíodh foirne cúraim príomhúil i ndiaidh fhoilsiú na tuairisce straitéisí chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar chúrsaí cumarsáide agus comhoibrithe. Bíonn Foireann Chúraim Phríomhúil comhdhéanta de Dhochtúirí Teaghlaigh, Altraí/Mná Cabhrach, Fisiteiripeoirí, Teiripeoirí Saothair, Poitigéirí Pobail, Oibrithe Sóisialta agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga. Baineann Fiaclóirí, Diaitéitigh, Coslianna, Poitigéirí Pobail agus Síceolaithe le líonraí cúraim sláinte agus shóisialta. Cuireann an straitéis chúraim príomhúil béim ar éifeacht seirbhíse láidre cúraim príomhúil ó thaobh costais de agus ar thábhacht chur chuige foireann-bhunaithe i gcúram sláinte, le béim ar ghalarchoosc agus ar chur chun cinn shláinte an phobail.

Leagtar amach in **Sláinte don Todhchaí: Creat Straitéiseach d'Athchóiriú na Seirbhíse Sláinte 2012-2015** plean chun athchóiriú ó bhonn a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte na hÉireann. Ba é an aidhm a bhí leis ná seirbhís sláinte aon leibhéal a thabhairt isteach le tacaíocht ó Árachas Uilíoch Sláinte ag teacht le prionsabail dlúthpháirtíochta sóisialta.

Tugtar in **Na hEagraíochtaí Sláinte Pobail – Tuairisc agus Moltaí Ghrúpa Athbheithnithe na Limistéar Seirbhísí Comhtháite** creat do rialachán nua agus do struchtúir nua eagraíochtúla le soláthar seirbhísí a fheabhsú agus le cinntiú go bhfaigheann an pobal “an tseirbhís cheart, ag an am ceart, san áit cheart, ón bhfoireann cheart”¹¹.

Foilsíodh **Fís don Athrú** in 2006 agus déantar cur síos ann ar mhúnla do Chúram Meabhairshláinte na hÉireann atá, den chuid is mó, pobal-bhunaithe, ildisciplíneach, iomlánaíoch agus a bhfuil fáil éasca air¹¹. Oibríonn oibrithe cúraim sláinte le chéile i bhFoirne Meabhairshláinte Pobail (CMHT) agus cuireann siad seirbhísí ar fáil do chodanna áirithe den daonra, agus é de sprioc acu cúram a chur ar fáil chomh gar don bhaile agus is féidir. Go hiondúil, roinntear na codanna den daonra atá faoi chúram gach CMHT de réir na tíreolaíochta.

Is é **Éire Fholláin – Creat do Shláinte agus d’Fholláine Feabhsaithe: 2013-2025** Straitéis reatha Sláinte na hÉireann, a bhfuil sé de sprioc acu gach réimse den tsochaí a chumhachtú le sláinte agus le folláine a fheabhsú¹². Cuirtear béim sa straitéis seo ar chomhpháirtneireacht idir an rialtas agus na pobail, agus ar ról a bheith ag gach duine i bhfeabhsú sláinte chun éagothroime sa tsochaí a laghdú; chun céatadán na ndaoine atá sláintiúil ag gach aois a mhéadú; chun timpeallacht a chruthú a chuireann sláinte chun cinn agus a chosnaíonn an pobal ó bhagairtí sláinte agus folláine.

Foilsíodh **Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe, an Plean Gníomhaíochta d’Fhorbairt Tuaithe** i mí Eanáir 2017 agus leagtar amach ann fíis an rialtais d’inbhuanaitheacht agus d’fhorbairt pobal tuaithe in Éirinn¹³. I measc na bpríomh-mholtaí, moltar feabhas a chur ar sholáthar iompair tuaithe agus ar sheirbhísí dochtúra teaghlaigh faoin tuath agus dul i bhfeidhm ar an uaigneas trí cheangail a fheabhsú.

Tugtar sa **Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach** treoir do gach polasaí amach anseo a bhainfidh le cúrsaí aoise in Éirinn¹⁴. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo sláinte agus folláine Éireannach a chur chun cinn de réir mar a théann siad in aois. Moltar sa straitéis, agus i Straitéis Náisiúnta Néaltraithe na hÉireann chomh maith, seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a chur ar fáil chomh gar don bhaile agus is féidir¹⁵.

Tá sé de sprioc ag an **Straitéis Ríomh-Shláinte** d’Éirinn sláinte agus folláine an phobail a fheabhsú, éifeachtúlacht sa tseirbhísí sláinte a chur chun cinn agus cur le geilleagar na hÉireann trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht¹⁶. Baineann ríomh-shláinte (eHealth) le comhtháthú gach sonra a bhaineann le cúrsaí cúraim sláinte, lena n-áirítear taifeadtaí cúraim sláinte othar, gléasanna agus braiteoirí atá in ann monatóireacht a dhéanamh ar shláinte, agus sonraí riaracháin, d’fhonn comhroinnt eolais a éascú san earnáil sláinte agus seirbhísí níos othar-lárnaí a chur ar fáil.

Cuireann **Todhchaí níos fearr a chruthú le chéile: an Straitéis Náisiúnta Mháithreachais 2016-2026** creat uileghabhálach ar fáil d’sholáthar seirbhíse máithreachas atá dírithe ar mhná, leanúnach ar bhonn náisiúnta, sábháilte agus ar ardchaighdeán agus a chuireann béim ar shláinte agus ar fholláine na máthar agus an linbh ag gach céim den tréimhse réamhbhreithe agus iarbhreithe. Tá sé de sprioc ag an straitéis seo cúram ildisciplíneach a chur chun cinn le dochtúirí teaghlaigh, altraí sláinte poiblí agus mná cabhrach pobail ag obair as lámh a chéile chun seirbhísí a chur ar fáil chomh gar don bhaile agus is féidir, le tacaíocht ó sheirbhís ospidéal-bunaithe chun ceisteanna níos casta a bhaineann le toircheas a láimhseáil.

Tá dhá cháipéis eile foilsithe ag Coláiste Dochtúirí Teaghlaigh Éireann agus cé nach cáipéisí polasaí atá iontu, is fiú mar sin féin iad a lua. Is iad sin “The ICGP vision for the future of Irish Rural General Practice” agus “Bridging the Gap”^{7,8}.

Polasaí Forbartha Oileán

Tá sprioc faoi leith ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG) tacú leis an nGaeilge, cur lena húsáid mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta agus cuidiú le forbairt inbhuanaithe phobail na n-oileán.

Cuireann REOGRTG maoiniú ar fáil d'Údarás na Gaeltachta agus oibríonn go dlúth leis, ós é an tÚdarás an phríomhghníomhaireacht forbartha réigiúnaí don Ghaeltacht. Bunaíodh ÚnG i 1980 agus is é atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Is é príomhchuspóir ÚnG a chinntiú go gcoinnítear an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta agus go gcaomhnaítear í do na glúine atá le teacht. Féachann an tÚdarás leis an gcuspóir sin a bhaint amach trí mhaoiniú agus tacaíocht a chur ar fáil do réimse leathan tionscnamh fiontraíochta agus cruthaithe fostaíochta agus trí tacú le gníomhaíochtaí straitéiseacha a bhaineann le teanga, cultúr agus pobal. In 2016, chuir REOGRTG maoiniú de €18.510m ar fáil d'ÚnG. Baineann na hOileáin Ghaeltachta* leas áirithe as clár infheistíochta ÚnG i dtionscnaimh ghnó, fostaíochta, shóisialta agus chultúrtha.

Tá ÚnG freagrach chomh maith as cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 sa Ghaeltacht agus ar na hoileáin Ghaeltachta. Cuireann an straitéis cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite i leith na Gaeilge chun cinn a thagann le dea-chleachtas idirnáisiúnta. Taobh amuigh de ról ÚnG taobh istigh den Ghaeltacht, tá freagracht uileghabhálach ar REOGRTG do chur i bhfeidhm na Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, agus bheadh na hoileáin eile nach oileáin Ghaeltachta iad san áireamh ansin chomh maith.

De réir théarmaí Chomhaontú Angla-Éireannach 1999 cuireann REOGRTG maoiniú ar fáil do dhá ghníomhaireacht trasteorann: Foras na Gaeilge (FnG) agus Gníomhaireacht na hUltaise, a bunaíodh chun tacú le heagraíochtaí pobail agus le himeachtaí cultúrtha a chuireann an Ghaeilge agus an Ultais, faoi seach, chun cinn. Chun na cuspóirí seo a bhaint amach cuireann REOGRTG 75% de mhaoiniú FnG ar fáil don obair a dhéanann sé le tacú leis an nGaeilge ar bhonn uile-oileánda.

Aontaíonn REOGRTG scéimeanna teanga chomh maith le forais phoiblí, le Ranna Rialtais, le forais leathstáit agus le heagraíochtaí eile, FSS san áireamh, faoi théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá sé i gceist go láidreoidh na scéimeanna seo na seirbhísí Gaeilge a chuireann an stát ar fáil do mhuintir na tíre. Déantar cur síos sna scéimeanna seo ar chearta teanga phobail na n-oileán, idir oileáin Ghaeltachta agus oileáin eile, agus iad ag plé le forais stáit. Chomh maith leis sin, agus chun na gealltanais a aontaíodh sna scéimeanna teanga a chinntiú, cuireann REOGRTG maoiniú ar fáil d'Oifig an Choimisinéara Teanga agus oibríonn siad go dlúth le chéile.

Tá buiséad caipitil ag REOGRTG do na hoileáin chomh maith leis an nGhaeltacht. Cuireann sé seo ar a cumas tacú le tionscnaimh bhonneagair ar nós deisiúchán bóithre agus forbairtí calaí ar na hoileáin, idir oileáin Ghaeltachta agus oileáin eile. Cuireann REOGRTG an chuid is mó den mhaoiniú ar fáil do thionscnaimh bhonneagair áirithe, agus tugann an Chomhairle Contae chuí faoin obair tógála. Sa bhliain 2015, b'ionann buiséad caipitil REOGTRG do na hoileáin agus €644,000; méadaíodh leithdháileadh na Roinne go €2.643m, áfach, le go bhféadfaí tabhairt faoi mhórtionscnamh feabhsaithe calaidh in Inis Oírr, Co. na Gaillimhe.

Baintear úsáid as an gcuid is mó de bhuiséad reatha na Roinne, arbh ionann é agus €5.9m in 2015, chun tacú le seirbhísí iompair do na hoileáin atá amach ón gcósta. Mar chuid de seo, caithfear tacú le seirbhísí bád farantóireachta paisinéirí agus lastais do na hoileáin a bhfuil cónaí orthu, agus maoiniú a chur ar fáil do seirbhís aeir do na hOileáin Árann i gCo. na Gaillimhe i gcaitheamh na bliana agus seirbhís theoranta ingearáin do Thoraigh, Co. Dhún na nGall. Tháinig méadú suntasach ar an tacaíocht a chuireann an roinn ar fáil do sheirbhísí iompair bád farantóireachta agus aeir le 15 bliana anuas, ó dhornán beag bád farantóireachta go 25 bád farantóireachta agus seirbhís aeir in 2016.

De bhreis air sin ar fad, cuireann REOGR TG tacaíocht i bhfoirm maoinithe ar fáil d'fhorais forbartha arna hoileáin nach oileáin Ghaeltachta iad (féach scéim na nOileáin Neamh-Ghaeltachta thíos) trí Chomhar na nOileán (féach Eagraíochtaí na nOileán thíos). Déantar líon beag tionscnamh éagsúil a mhaoiniú ó bhuiséad reatha REOGR TG chomh maith, mar shampla cuireann an Roinn agus Comhairle Contae Chorcaí comh-mhaoiniú ar fáil do réachtáil an chúrsa BA sna hEalaíona Físiúla ar Inis Arcáin.

Eagraíochtaí na nOileán

Is é Comhar na nOileán an Comhlacht Comhtháite Forbartha Áitiúla atá freagrach as na hoileáin amach ó chósta na hÉireann agus Ghaeltacht na Gaillimhe. Fostaíonn sé oibrithe pobail agus tá ionadaí dá chuid ar Chomhdháil Oileán na hÉireann. Tá deichniúr ball ag Comhar, ionadaithe ó na hoileáin agus ó ghníomhaireachtaí ar nós FSS, na n-údarás áitiúil agus ball tofa san áireamh. Is eisean atá freagrach as cur i bhfeidhm polasaí agus déanann sé maoirsiú ar mhaoiniú, m.sh. maoiniú faoin gclár Leader.

Tá Comhdháil Oileán na hÉireann nasctha le Comhdháil Oileáin Bheaga na hEorpa. Tá deichniúr ball aige agus is foras ionadaíoch é do na hoileáin a dhéanann stocaireacht ar son phobail na n-oileán.

Tá eagraíochtaí forbartha pobail atá an-ghníomhach ar na hoileáin ar fad seachas Clainis agus Inis Laidhre, nach bhfuil aon eagraíocht oileánda faoi leith acu ach a bhfuil baint acu le Comhdháil Oileán na hÉireann agus ar baill iad de Choiste Oileáin Mhaigh Eo. Tá roinnt mhaith scéimeanna maoinithe a ndéanann na heagraíochtaí seo bainistíocht orthu ar na hoileáin. Tá sé i gceist ag an gclár Fostaíochta Pobail (CE) cuidiú le daoine atá dífhostaithe le fada fillleadh ar an obair trí poist pháirtaimseartha agus shealadacha a chur ar fáil go háitiúil. Díríonn an Scéim Shóisialta Tuaithe (RSS) ar fheirmeoirí agus ar iascairí beagioncaim a bhíonn ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh chomh maith. Mar chúiteamh air seo, cuireann na daoine a ghlacann páirt sa RSS seirbhísí atá chun leas na bpobal tuaithe. Tacaíonn an clár Seirbhísí Pobail le gnónna pobail seirbhísí áitiúla a chur ar fáil agus deiseanna fostaíochta a chruthú. Cuireann sé maoiniú ar fáil le tacú le comhlachtaí pobail agus le comharchumainn. Díríonn sé ar phobail ina bhfuil na hearnálacha poiblí agus príobháideacha easnamhach, mar gheall ar iargúlacht thíreolaíocht nó shóisialta nó de bharr go mbíonn an t-éileamh ró-íseal. Is eagraíocht Oileán-bhunaithe atá mar fhostaitheoir don scéim seo.

**Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán Aibreán 2017**

Caibidil 4

Prionsabail agus Fíricí



Caibidil 4

4.0 Prionsabail

Dar le Forógra Alma Ata na hEagraíochta Domhanda Sláinte i 1978 gurb é an cúram príomhúil croílár na seirbhísí sláinte uile⁵.

Agus moltaí á gcur le chéile don tuairisc seo d'fhorbairt cúraim inbhuanaithe sláinte d'oileáin na hÉireann, ba iad prionsabail WHO don chúram príomhúil, mar a leagtar amach sa réamhrá, an bunús. Breathnaíodh ar phrionsabail eile chomh maith, áfach, agus an tuairisc seo á forbairt le haitheantas a thabhairt don nádúr ar leith agus do na dúshláin intuigthe a bhaineann le cúram sláinte a chur ar fáil do phobail oileánda na hÉireann.

Ba iad seo a leanas na prionsabail a tugadh san áireamh sa tuairisc seo:

- Aithníonn muid nach bhfeileann réiteach amháin do gach comhthéacs; tá dúshlán chasta shainiúla cúraim sláinte agus shóisialta roimh na hoileán arbh fhéidir go dteastódh réitigh chasta lena sárú.
- Is féidir go mbeidh orainn a bheith solúbtha agus raon modhanna éagsúla seachadta a fhorbairt.
- Caithfidh muid a bheith soiléir faoi na “fíricí” a nglactar leo, arbh iad na tuairimí a mbunaítear an tuairisc seo orthu (féach thíos).
- Oibreoidh muid i gcomhar le daoine trí rannpháirtíocht ghníomhach chun tuairimí agus meoin éagsúla a thabhairt san áireamh.

4.1 Fíricí

Bunaíodh an tuairisc seo ar na tuairimí seo a leanas:

- Ba chóir go bhfaigheadh othair cúram den chaighdeán céanna do riochtaí coitianta beag beann ar a n-áit chónaithe, ach ní féidir gach seirbhís a sheachadadh ar oileáin ná i gceantair iargúlta tuaithe.
- Tá muid ag obair taobh istigh de bhuiséad, mar sin tá dúshlán ag baint le rudaí a dhéanamh ar bhealach éagsúil leis na hacmhainní atá ann faoi láthair.
- Déanfaidh muid ár seacht ndícheall na codanna den mhúnla reatha cúraim ar na hoileáin a oibríonn go héifeachtach a choinneáil, agus dul i ngleic leis na gnéithe nach n-oibríonn.
- Cé go bhfuil go leor gnéithe dearfacha ag baint leis an modh reatha cúraim príomhúil a chuirtear ar fáil do phobail oileánda, aithníonn muid nach gcomhlíonann sé riachtanais iomlána na bpobal. Ina theannta sin, de réir mar a théann na pobail oileánda in aois, glactar leis nach bhfreastalóidh an múnla reatha cúraim ar riachtanas na nglún atá le teacht. Is léir go gcaithfear pleanáil d'athruithe anois chun freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais na bpobal oileánda amach anseo.

Scéim na nOileán Neamh-Ghaeltachta

Cuireann Scéim na nOileán Neamh-Ghaeltachta maoiniú tábhachtach ar fáil do naoi n-oileán (An tOileán Mór, Inis Arcáin, Faoide, Oileán Baoi, Inis Uí Drisceoil, Inis Fada, Inis Bó Finne, Cliara agus Inis Toirc) chun ionadaíocht a dhéanamh ar na hoileáin seo agus chun raon seirbhísí a chur ar fáil dá bpobail. Cuireann an maoiniú seo ar chumas na gcomhlachtaí forbartha oileáin oifig a bhainistiú agus foireann a fhostú. Cuireann siad raon leathan seirbhísí áitiúla ar fáil, déanann siad comhordú nó éascú ar ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh forbartha pobail agus cuireann siad seirbhísí comhairleoireachta ar fáil chomh maith le tionscnaimh agus scéimeanna pobail ar na hoileáin a stiúradh. Tá grúpa idirghníomhaireachta cheana in Iarthar Chorcaí, Grúpa Idirghníomhaireachta Oileáin Iarthar Chorcaí, a thugann roinnt eagraíochtaí reachtúla cuí le chéile ar bhonn rialta. Déanann Coiste Oileáin Mhaigh Eo abhcóideacht do na pobail oileánda le heagraíochtaí reachtúla ar nós na Comhairle Contae agus bainistíonn sé an maoiniú tionscadal atá ar fáil. I nDún na nGall, is fo-choiste de chuid na Comhairle Contae atá freagrach as forbairt na n-oileán.

Tá pleananna áitiúla ar fáil ar bhonn contae¹⁸⁻²¹, agus i gcásanna áirithe ar bhonn oileáin, agus tá measúnuithe riachtanas²²⁻²⁴ déanta i gceantair áirithe.

* Oileáin Ghaeltachta

Co. Dhún na nGall

Árainn Mhór,

Toraigh,

Inis Meáin,

Gabhla

Inis Fraoigh

Co. Mhaigh Eo

Inis Bigil

Co. na Gaillimhe

Árainn,

Inis Meáin,

Inis Oírr,

Inis Bearachain,

Inis Treabhair

Inis Gainimh

Co. Chorcaí

Cléire

Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán Aibreán 2017

Caibidil 5

An fhís do Chúram Príomhúil



Caibidil 5

5.0 Fís

Leagadh amach go soiléir an fhís do Chúram Príomhúil in Éirinn i Straitéis Cúraim Phríomhúil 2001¹⁰. Moltar sa tuairisc seo gurb é an cúram príomhúil a bheidh mar phríomhfhócas na seirbhíse sláinte feasta.


Is é seo a leanas ár bhfís do na hoileáin:

- Seirbhísí cuí cúraim phríomhúil a chur ar fáil ar ardchaighdeán chomh gar don bhaile agus is féidir, agus iarracht a dhéanamh an taisteal a dhéanann daoine chun rochtain a fháil ar chúram sláinte a íoslaghdú.
- Na dúshláin a bhaineann le cúram sláinte a chur ar fáil do phobail bheaga oileánda taobh istigh de bhuiséad, chomh maith leis na deacrachtaí a bhaineann le hearcú agus le coinneáil foirne agus le tógáil seasmhachta inár seirbhísí a aithint.
- Oibriú go dlúth i gcomhar le pobail oileánda agus tógáil ar cheangail reatha.
- Oibriú ar bhealach dearfach agus tacúil, tógáil ar ár gcuid sócmhainní, luach na ndaoine a n-oibríonn muid leo a aithint agus oibriú le chéile le fadhbanna a réiteach.
- Tacú le daoine smacht a bheith acu ar a gcuid sláinte féin, drochshláinte a sheachaint agus an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as seirbhísí.
- Úsáid teicneolaíochtaí a chur chun cinn chun feabhas a chur ar an bhfáil atá ag daoine gairmiúla agus ag an bpobal ar scrúduithe diagnóiseacha, ar eolas agus ar chomhairle, cian-chomhairliúchán a chur ar fáil d'othair agus cuidiú le cur in aghaidh cuid den iargúltacht a bhaineann le bheith ag cónaí ar oileán agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith aici ar rochtain ar sheirbhísí.

**Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán Aibreán 2017**

Caibidil 6

**Riachtanais Sláinte Pobal
Beag Oileán: Léirmheas Litríochta**



Caibidil 6

6.0 Riachtanais Sláinte Pobal Beag Oileán: Léirmheas Litríochta

6.1 Réamhrá

Cuirtear i láthair sa chaibidil seo léirmheas ar an litríocht ar riachtanais sláinte pobal beag oileán sula mbreathnófar ar na roghanna do seachadadh ardchaighdeánach agus cothrom seirbhísí sláinte do phobail bheaga oileán amach ó chósta na hÉireann.

6.2. Sainmhíniú ar Phobail Bheaga Oileán

I gcomhthéacs na tuairisce seo, is éard atá i gceist le hoileáin bheaga ná “oileáin atá suite amach ó chósta stáit oileánda nó mór-roinne atá i bhfad níos mó [agus] a bhfuil spleáchas eacnamaíoch agus polaitiúil le feiceáil iontu².” Is áiteanna beaga, ó thaobh achair agus ó thaobh daonra de, iad seo atá iargúlta agus imeallach agus a bhraitheann go mór ar talmhaíocht, ar iascaireacht agus ar thurasóireacht agus atá gann ó thaobh seirbhísí riachtanacha de². Tá go leor de na hoileáin seo tar éis fulaingt de bharr imirce, go háirithe i measc daoine óga, thar thréimhse fhada, rud a fhágann go mbíonn daonra níos sine ar na hoileáin ná ar an mórthír^{3,4}.

Ar ndóigh, d’fhéadfaí na tréithe daonra, eacnamaíocha agus sóisialta a úsáidtear le cur síos ar phobail bheaga oileán a úsáid chomh maith céanna le cur síos ar na cúlchríocha tuaithe is gaire dóibh ar an mórthír. Sa léirmheas litríochta seo a leanas, mar sin, tugtar aird faoi leith ar an litríocht a bhaineann le suíomhanna iargúlta tuaithe ar an mórthír chomh maith le litríocht a phléann go sainiúil le hoileáin bheaga. Ní bhaineann an cur chuige seo de nádúr faoi leith na n-oileán beag, a mbaineann le catagóir speisialta i dtaca le seachadadh seirbhísí sláinte de bharr gur oileáin iad agus mar gheall ar na deacrachtaí rochtana a bhaineann leis sin²⁵.

6.3. Cúram Sláinte agus Pobail Bheaga Oileán

Bíonn dúshlán cúraim sláinte faoi leith roimh phobail oileánda. Bíonn riachtanais áirithe i gceist do sheachadadh seirbhíse sláinte atá cothrom agus ar ardchaighdeán de bharr na dtréithe daonra, na ndúshlán eacnamaíoch agus na hiargúlta a bhaineann leo. Cuirtear leis na riachtanais seo de bharr deacrachtaí soláthair maidir le hoibríthe cúraim sláinte a mhealladh agus a choinneáil agus seirbhísí cúraim sláinte a chur ar fáil in ainneoin drochsheirbhísí cumarsáide agus easnamh eile sa tseirbhís phoiblí²⁶⁻²⁹.

6.4. Léirmheas Litríochta

Tá sé i gceist sa chaibidil seo léirmheas a dhéanamh ar an litríocht a bhaineann le riachtanais sláinte pobal beag oileán agus breathnú ar bhealaí nuálaíocha le seirbhísí sláinte a chur ar fáil dá leithéid de phobail. De bharr gur eolas teoranta atá sa litríocht a bhaineann leis an ábhar seo, tugadh san áireamh chomh maith cúram sláinte agus múnlaí cúraim a chuirtear ar fáil i réigiúin tuaithe nó iargúlta.

6.5. Modheolaíocht

Tugadh faoi léirmheas ar an litríocht idirnáisiúnta acadúil agus ar cháipéisí polasaí chun tuiscint a fháil ar an méid fianaise reatha taighde atá ann ar na ceisteanna a bhaineann le héileamh ar sheirbhísí agus seachadadh seirbhísí ar oileáin bheaga nó i gceantair iargúlta tuaithe. Dearadh an straitéis chuardaigh chun na dúshláin a bhaineann le seirbhísí a sholáthar do phobail den chineál seo a aithint chomh maith le haon fhianaise ar shamplaí dea-chleachtais i bpleanáil seirbhíse, i seachadadh seirbhíse agus i rannpháirtíocht phobail.

6.6. Torthaí

Ag teacht le torthaí Gould agus Moon, is é an chonclúid is mó atá le feiceáil sa chuardach ná nach bhfuil ach fíorbheagán foilsithe ar pholasaí cúraim sláinte ná ar na dúshláin a bhaineann le cúram sláinte a sheachadadh ar phobail bheaga oileánda³⁰. Deir Gould agus Moon go bpléann an chuid is mó de na staidéir ábhartha ceisteanna cúraim sláinte ar oileáin mhóra, agus go bhfuil dearmad déanta ar na dúshláin shainiúla a bhaineann le hoileáin bheaga atá amach ó chósta mórthíre a bhfuil córais forbartha cúraim sláinte orthu⁴⁴.

Tugann na húdair seo faoi deara gurb é mórthéama an mhéid bhig litríochta ábhartha ar cheisteanna sláinte do phobail bheaga oileánda an ‘pionós’ i soláthar seirbhísí do phobail den chineál seo⁴⁴. Tarlaíonn sé seo mar gheall ar roinnt éifeachtaí: go gcaithfear caighdeán áirithe seirbhíse a chur ar fáil chun teacht le riachtanais dhlíthiúla agus ghairmiúla, cé gurbh fhéidir gur daonra beag a bheadh ar oileán; gur gá freastal ar dhaonra iomlaoideach cónaitheoirí sealadacha i gcaitheamh an tsamhraidh; céatadán ard othar breacaosta a d’fhéadfadh a gcuid cúraim a bheith níos casta; an costas a bhaineann le hearraí a iompar go dtí na hoileáin; agus an gá le dreasachtaí pá chun dochtúirí agus oibríthe cúraim sláinte eile a earcú agus a choinneáil i bpoist i bpobail oileánda^{44,45}.

Téama eile a eascraíonn as an gcuardach is ea go gcaithfidh oibríthe cúraim sláinte ar oileáin bheaga raon i bhfad níos leithne seirbhísí a chur ar fáil dá n-othair agus gur minic a bhíonn ar na hoibríthe seo ról iltoiseacha a chomhlíonadh⁴⁶. Feictear i staidéar a rinneadh in Albain, mar shampla, go mbíonn oibríthe cúraim sláinte at oibríonn i bpobail atá lonnaithe i gceantair iargúlta tuaithe agus ar oileáin ag déileáil le hothair a mbíonn fadhbanna éagsúla sláinte agus sóisialta ag cur as dóibh⁴⁶. I gceantair eile ar an mórthír, b’fhéidir go mbeadh réimse seirbhísí agus oibríthe ag déileáil leis na ceisteanna seo.

I staidéar a rinneadh in Earra-Ghàidheal in Albain, rinne altra ceantair cur síos ar a cuid oibre ilghnéithí⁴⁶: “Tá an-easpa seirbhísí sa cheantar seo. Bíonn ormsa gach rud a dhéanamh. Bíonn orm leigheas a sheachadadh ar dhaoine mar nach bhfuil aon phoistigéir ann. Bíonn ormsa cúramóirí a fháil isteach. Bíonn orainne gach rud a chaitheamh le chéile muid féin.”

Is dúshlán é, mar sin, ceist an rialaithe chliniciúil i seachadadh cúraim sláinte ar oileáin iargúlta. Déantar sainmhíniú ar rialú cliniciúil sa litríocht mar “an córas trína roinneann an foras rialaithe, bainisteoirí, cliniceoirí agus an fhoireann freagracht as caighdeán an chúraim, ag feabhsú, ag laghdú rioscaí agus ag cothú timpeallacht dea-chleachtais i gcúram go leanúnach do thomhaltóirí³³⁻³⁴.”

Tá ról tábhachtach an dochtúra teaghlaigh agus an PHN/RGN/PN lárnach d'fhorbairt seirbhísí cúraim sláinte agus b'fhiú go mór tuilleadh plé a dhéanamh ar ról an altra cleachtaidh. Cuirtear béim sa litríocht ar an ról ríthábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag altranas i ceantair iargúlta agus ar na féidearthachtaí cur le hobair foirne. Is gá breathnú níos mine ar ról an Altraspeisialtóra Chliniciúil agus an Ard-Altra Cleachtaidh i gcomhthéacs na n-oileán³⁵⁻³⁶.

6.7. Polasaí Sláinte agus Oileáin Bheaga na hÉireann

Is é polasaí reatha an rialtais tacú le pobail bheaga oileánda fanacht ar na hoileáin. Tá sé ar cheann de príomhchuspóirí na Roinne Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta “tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta ár n-oileán” agus tá “forbairt sheasmhach na n-oileán” mar sprioc i misean na Roinne¹³.

Deir an Roinn go dteastaíonn creat forbartha seirbhísí poiblí chun pobail oileánda a chaomhnú agus tá sé mar aidhm aige é seo a bhaint amach trí infheistiú i seirbhísí poiblí na n-oileán, mar shampla leathanbhanda, iompar agus fóirdheontais do rochtain ar sheirbhísí¹³.

Tá FSS ag tabhairt faoi ath-eagrú ár seirbhísí cúram sláinte chun teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta³⁸⁻³⁹. Cuirtear tús leis seo trí bhéim a leagan ar chumhachtú othar chun aire a thabhairt dá gcuid sláinte féin agus trí struchtúir phobal-bhunaithe chúraim sláinte a dhéanamh níos inrochtana. Nuair a bhíonn gá ag othar le géar-chúram ospidéal, chuirfeadh seirbhís chomhairleoir-threoraithe cóir leighis air/uirthi ag ‘ionad barr feabhais’ réigiúnach³⁹. Cruthóidh lárú na seirbhísí ospidéal dúshlán do phobail oileánda mar go bhféadfadh sé an próiseas a bhaineann le rochtain a fháil ar ghéar-sheirbhísí ospidéal a dhéanamh ní ba dheacra. Tá athchóiriú á dhéanamh ar an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna le feabhas a chur ar agaí freagartha agus ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil d'othair⁴¹. Ina theannta sin, tá béim á cur ar acmhainneachtaí éigeandála na seirbhísí otharcharranna a fheabhsú trí sheirbhísí tacaíochta beatha a chur ar fáil trí Scéim Chéad Fhreagróirí Pobail i gcás éigeandála i suíomh iargúlta nó tuaithe⁴¹. Tá tábhacht leis na forálacha seo le seirbhísí cuí cúraim éigeandála a chinntiú do phobail na n-oileán.

Is tionscnamh é ‘Éire Fholláin – Creat do Shláinte agus d’Fholláine Feabhsaithe: 2013-2025’ atá á stiúradh ag an rialtas chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú¹². Is é príomhchoincheap an chreata seo go bhfuil sé de cheart ag gach duine sláinte agus folláine mhaith fhisiciúil agus intinne a bheith acu agus go gcaithfidh gach duine i sochaí na hÉireann a bheith páirteach leis seo a bhaint amach. Táthar ag súil go seachadfar na feabhsuithe sláinte agus folláine seo trí shainghníomhartha a rangáítear faoi na sé théama seo a leanas¹²:

- 1) Rialachas agus Polasaí – tabharfar tús áite agus tacaíocht do ghníomhartha chun sláinte agus folláine a fheabhsú trí reachtaíocht, rialúchán agus treoir pholasaí.
- 2) Comhpháirtnéireachtaí agus Obair Thras-Earnála – moltar cur chuige ‘d’iomlán na sochaí’ sa chreat. Moltar agus tacaítear le cruthú comhpháirtnéireachtaí oibre idir réimsí den tsochaí agus comhoibriú idir ranna rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla, údaráis áitiúla, an earnáil phríobháideach agus na hearnálacha oideachais agus sláinte i ngníomhartha chun sláinte agus folláine a fheabhsú.
- 3) Cumhachtú Daoine agus Pobal – tacófar le tionscnaimh, straitéisí agus gníomhartha a mbeidh dea-thionchar acu ar an timpeallacht ina n-oibríonn agus ina maireann muintir na hÉireann. Oibrítear i dtreo timpeallachta a mholann seasmhacht trí daoine aonair agus pobail a chumhachtú chun roghanna folláine a dhéanamh agus freagracht a ghlacadh as a gcuid sláinte féin.
- 4) Sláinte agus Athchóiriú Sláinte – tá fórsa saothair atá ábalta agus comhdhéanta d’oibrithe ó réimsí éagsúla de chúram sláinte agus sóisialta a oibríonn le chéile mar fhoirne, le cumarsáid eatarthu sin a chuireann cúram ar fáil sna pobail agus a macasamhla sna hospidéal, lárnach do sheachadadh seirbhíse éifeachtaí sláinte.
- 5) Taighde agus Fianaise – nuair is féidir, bunófar cinní a bhaineann le maoiniú, tionscnaimh, gníomhartha agus straitéisí ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta.
- 6) Monatóireacht, Tuairisciú agus Measúnú – tá creat forbartha chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar chun spriocanna Éire Fholláin a bhaint amach.

Tá sé mar chroisprioc ag Creat Éire Fholláin éagothromaíocht sláinte a laghdú i measc mhuintir na hÉireann. Is éard atá i gceist le cothromaíocht sláinte ná gur chóir do gach duine a acmhainneacht iomlán a bhaint amach ó thaobh sláinte de, beag beann ar a áit chónaithe, ar a ghairm beatha agus ar an méid airgid a shaothraíonn sé⁴². Tá cur chun cinn rochtain chothrom ar sheirbhísí cúraim sláinte, dáileadh cothrom acmhainní sláinte agus baint bac i dtaca le rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte i gceist⁴². Mar sin féin, tá an chuma ar an scéal go dteastóidh cur chuige solúbtha agus nuálaíoch chun oibriú i dtreo cothromaíochta i gcúrsaí sláinte do phobail oileáin na hÉireann, mar gur príomhthéama sa litríocht idirnáisiúnta é na dúshlán a bhaineann le rochtain chothrom ar sheirbhísí a chur ar fáil agus baint na mbac ar sholáthar seirbhísí cuí cúraim sláinte do phobail oileánda.

6.8. An Dúshlán an bhaineann le Freastal ar Riachtanais Sláinte Pobal Oileánda

Mar gheall ar na rátaí arda imirce i measc daoine óga go ceantair uirbeacha, bíonn céatadán níos airde seandaoine i gceantair iargúlta agus tuaithe⁴³. Aithnítear anois le fada an lá go bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide ach le níos mó galar fadtréimhseach⁴⁴. Tagann ardú ar líon na ngalar fadtréimhseach a bhíonn ar dhuine de réir mar a théann sé in aois⁴⁵. Bíonn tionchar aige seo ar chleachtóirí cúraim sláinte: is minice a bhíonn orthu déileáil le níos mó ná galar amháin ar othar, agus ardaítear an leibhéal úsáide seirbhíse cúraim sláinte dá bharr^{46,47}. Cuireann na fadhbanna seo isteach ar oileán bheaga ach go háirithe, áit a bhfuil an daonra ag dul in aois chomh maith le hioncam íseal agus fadhbanna rochtana⁴⁸.

Aithnítear go forleathan go mbíonn tionchar díréireach ag cuid de na príomhchinntigh shláinte, mar shampla iargúltacht agus uaigneas, rochtain ar sheirbhísí iompair, drochthithíocht agus ioncam níos ísle ná an meán, ar phobail tuaithe⁴⁹. Chomh maith leis seo, is minic a bhíonn costas níos airde ag baint le seirbhísí a chur ar fáil i gceantair tuaithe⁵⁰.

De réir mar a théann siad in aois, bíonn baol níos mó ann go mbeidh daoine ag fulaingt le méala, nach mbeidh siad in ann taisteal go neamhspleách (mar shampla, a bheith in ann a gcarr féin a thiomáint), go gcaillfidh siad a gcumas luaineachta agus go mbeidh uaigneas orthu. Cuirtear leis na deacrachtaí seo i gceantair tuaithe mar gheall ar dhrochsheirbhísí iompair phoiblí agus iargúltacht. Samhlaítear cónaí faoin tuath agus breacaos le riosca níos airde eisiaimh shóisialta, agus aithnítear go bhfuil cúrsaí rochtana ar cheann de na príomhchúiseanna a bhaineann leis seo⁵¹.

Is ísle an ráta diagnóise meabhairghalar i gceantair tuaithe le hais ceantair uirbeacha. Mar gheall ar an daonra a bheith ag dul in aois, áfach, is dócha go dtiocfaidh ardú ar líon na ndaoine i gceantair tuaithe a bhfuil néaltrú orthu, agus tá sé le tuiscint ón bhfianaise nach bhfuil na struchtúir chúí ar fáil i gceantair tuaithe le freastal ar an líon ardaithe seo⁵².

6.9. Soláthar Seirbhísí

Tá dúshlán ag baint le seirbhísí dóthanacha cúraim sláinte a chur ar fáil do phobail oileánda. Tá íosleibhéal criticiúil seirbhísí a chaithfear a chur ar fáil chun riachtanais laethúla agus éigeandála na bpobal oileánda a shásamh. Caithfear é sin a dhéanamh i gcomhthéacs iargúlta a bhfuil deacrachtaí rochtana i gceist leis, mar shampla dochtúir teaghlaigh a bheith ar fáil chun leanúnachas sa chúram a chinntiú, rochtain ar oideachas sláinte agus soláthar scileanna bunúsacha tacaíochta beatha. Is féidir na dúshláin seo a shárú trí thuilleadh oibríthe cúraim sláinte a fhostú nó trí oideachas a chur ar an bpobal agus cur ar a gcumas an t-eolas a thabhairt ar aghaidh dá gcuid comharsan⁴⁹.

I measc na ndeacrachtaí a bhaineann le foireann a fhostú chun cúram a dhéanamh de phobal beag oileánda caithfear foireann bhreise a fhostú le bheith ar fáil le linn gnáthuaireanta oibre agus taobh amuigh de ghnáthuaireanta oifige, de bharr go bhfuil teorainn dhlíthiúil le huairéanta oibre, agus bíonn costas níos airde i gceist dá bharr³⁰. Tá an Conradh Reatha GMS do dhochtúirí teaghlaigh bunaithe ar mhúnla 24/7 agus tá na dochtúirí teaghlaigh féin freagrach as clúdach ionaid a aimsiú.

Is minic go mbíonn ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu in áit iargúlta turas níos faide a dhéanamh chun seirbhísí cúraim sláinte a fháil, mar gheall ar lárnú seirbhísí. Is baic aitheanta do rochtain ar chúram sláinte iad drochaimsir agus drochroghanna taistil, rochtain teoranta ar iompar poiblí san áireamh.

Bíonn cuid den fhianaise maidir le stádas sláinte daoine i gceantair iargúlta agus tuaithe in Éirinn ag teacht salach ar a chéile nuair a chuirtear i gcomparáid í leis an litríocht idirnáisiúnta⁴². Tá roinnt buntáistí ag baint le cónaí faoin tuath in Éirinn áit a bhfuil rátaí báis níos ísle, ailse agus galair chroí agus scamhóg as an áireamh. Go hidirnáisiúnta, bíonn pobail tuaithe ag fulaingt níos mó le riochtaí ar nós diaibéitis agus plúchta i gcomparáid le pobail uirbeacha⁵³. Meastar gur mar sin atá sé de bharr go bhfanann muintir na tuaithe níos faide sula bhfaigheann siad comhairle dochtúra mar gheall ar a nglalair⁵⁴. Tá fianaise ann go mbíonn, go hiondúil, prognóis agus ráta marthanachta níos measa i measc pobal tuaithe do dhiagnóisí ailse má bhíonn siad lonnaithe níos faide ón dochtúir teaghlaigh, agus áirítear baic thaistil i measc na gcúiseanna atá leis seo⁵⁵. Bíonn tuirse fhisiciúil agus mhothúchánach agus costas i gceist le turais fhada chun rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte. Is faoin othar a bhíonn sé, den chuid is mó, na costais taistil a íoc agus is féidir go mbíonn leithcheal sóisialta i gceist leis seo sa chaoi nach go gcaithfidh othair nach bhfuil fáil éasca acu ar chóras iompair níos mó ama agus airgid a chur ar leataobh chun freastal ar choinní leighis i gcomparáid le muintir na gcathracha³⁰.

In athbhreithníú a rinneadh ar mhúnlaí cúraim sláinte tuaithe san Astráil, measadh gur cheisteanna lárnacha iad cúrsaí rochtana agus luaineachta⁵⁷. Ní féidir breathnú ar chórais chúraim sláinte a chuireann seirbhísí ar fáil do phobail tuaithe gan breathnú ar an gcóras taistil a thabharfaidh na seirbhísí go dtí an pobal nó na hothair go dtí na seirbhísí⁴².

6.10. Daonchumhacht

Chomh maith leis na dúshláin a luaitear thuas, is deacracht aitheanta i gceantair iargúlta earcú agus coinneáil oibríthe cúraim sláinte^{7,8,49,50,57}. Ar ndóigh is deacracht é an riachtanas a bhíonn le raon leathan scileanna agus eolais a bheith ag duine chun oibriú i gceantar iargúlta, ach chomh maith leis sin bíonn deacracht i gceist leis na scileanna sin a choinneáil cothrom le dáta trí fhreastal ar chúrsaí agus trí oideachas leanúnach leighis (CME)^{52,58}.

Aithnítear “moill scileanna” mar fhadhb i gceantair iargúlta, áit inar féidir nach bhfeictear go minic galair agus gortuithe áirithe a dteastódh scileanna faoi leith lena leigheas⁵⁹. Is dídhreasú mór an fhadhb seo d’oibríthe sláinte oibriú i gceantair iargúlta, i dteannta fadhbanna eile mar shampla deacrachtaí le fáil ar chúrsaí cuí CME, na costais a bhaineann le taisteal go dtí a leithéid de chúrsa agus freastal air agus an clúdach ionaid a eagrú chun feidhmiú in áit an oibríthe chúraim sláinte agus é imithe⁴⁹.

Is baic iad d’oibríthe sláinte feidhmiú i gceantair iargúlta an t-ualach a bhaineann le cúram a chur ar fail taobh amuigh de ghnáthuaireanta oifige, an t-uaigneas gairmiúil, an doiléireacht sna teorainneacha idir an saol gairmiúil agus an saol príobháideach, an costas níos airde maireachtála agus an deacracht a bhaineann le hobair a aimsiú don chéile^{49,51}.

6.11. Roghanna do Mhúnlaí Nua Soláthair do Phobail Oileáin na hÉireann

Is bunús don tsláinte é fáil a bheith ag duine ar sheirbhísí. Léirítear go soiléir sa litríocht thuasluaite gur féidir tionchar a bheith ag an achar ó sheirbhísí agus tacaíocht ar shláinte daoine atá ag cónaí faoin tuath nó ar oileáin.

6.12. Oideachas: Fochéime agus Iarchéime

Dar le Strasser et al go n-imríonn trí fhachtóir tionchar ar an dóchúlacht go rachfar i mbun cleachtais i gceantair tuaithe agus iargúlta: cúlra tuaithe a bheith ag an dochtúir; taithí dhearfach ar obair leighis i gceantar tuaithe trí theagasc dírithe agus sochrúcháin do mhic léinn fochéime; agus oiliúint chúil bhreise ag leibhéal iarchéime⁶⁰.

Molann WONCA (Eagraíocht Dhomhanda na gColáistí, na nAcadamh agus na gCumann Acadúil Náisiúnta Dochtúirí Teaghlaigh) gur chóir gairm beatha le leigheas a chur chun cinn mar rogha do dhaltáí meánscoile i gceantair tuaithe, agus tacaíocht airgeadais agus oideachais a chur ar fáil dóibh chun tabhairt faoi oiliúint leighis⁶¹. Is minic gurb é an cleachtóir tuaithe cúraim sláinte an chéad phointe teagmhála do dhaoine le freastal ar réimse leathan riachtanas sláinte de bharr go bhfuil cónaí orthu i bhfad ón ospidéal. Aithníonn Larkins et al. an réimse níos leithne scileanna agus eolais a theastaíonn ón gcleachtóir tuaithe⁶². Tá treocht ann go roghnaíonn dochtúirí speisialtóireacht a dhéanamh i réimse faoi leith den leigheas. Is dúshlán é seo do chúrsaí leighis faoin tuath agus moltar go chóir go ndíreofaí in oiliúint iarchéime ar na scileanna ginearálta a theastaíonn chun oibriú i gceantair iargúlta agus tuaithe⁴⁹.

Is gá go mbeidh fáil ar oideachas leanúnach leighis (CME) chun riachtanais chlárúcháin ghairmiúil d'oibríthe cúraim sláinte a chomhlíonadh agus chun a gcuid scileanna agus eolais a choinneáil cothrom le dáta. Is féidir le hoideachas leanúnach leighis ar ardchaighdeán atá dírithe ar riachtanais dochtúirí tuaithe cur le muinín, uaigneas gairmiúil a laghdú, sásamh oibre a mhéadú agus cuireann sé sin ar fad le rátaí ardaithe coinneála oibríthe i gceantair iargúlta⁴⁹.

6.13. Féin-Bhainistíocht

Is féidir le córas éifeachtach cúraim príomhúil sláinte, le béim ar oideachas a chur ar othair maidir leis an gcaoi ar féidir leo a gcuid galar ainsealach a bhainistiú, baint den ualach oibre agus den ghá atá le hathbhreithnithe éigeandála lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre⁶³. Mar shampla, laghdaíodh an gá le coinní le dochtúirí teaghlaigh, le hiontrálacha ospidéal agus leis an ngá le hathbhreithnithe éigeandála taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre le linn triail mhór amháin i roinnt ionad i gCeanada a bhain le hoideachas maidir le féin-bhainistiú galair scamhóige thoirmeascaigh ainsealaigh (COPD)⁶³. Cuirtear béim ar fhéin-chúram i gceantair iargúlta agus tuaithe in Albain chomh maith agus tacaíonn an NHS, atá freagrach as comhairle agus eolas maidir le cúrsaí sláinte a sheachadadh ar an nguthán agus ar sheirbhísí ar líne, leis trí oideachas agus tacaíocht a sholáthar ar bhonn 24/7⁴⁹.

6.14. Teacht Aniar an Phobail

Déantar sainmhíniú ar 'Theacht Aniar an Phobail' mar "chomh-fhreagairt chomhoibríoch i bpobail chun neamhspleáchas a chur chun cinn"⁶⁴. Is bealach amháin é tabhairt isteach na 'foirne sínte cúraim phobail' (ECCT) chun cur leis an teacht aniar agus chun a chinntiú go bhfuil íosmhéid seirbhísí ar fáil ag an leibhéal áitiúil⁶⁴. Moltar go n-áireofaí altraí pobail agus, b'fhéidir, paraimhíochaineoirí ar an ECCT, chomh maith le foireann níos leithne a mbeadh cúram sóisialta agus daoine deonacha i bhfoirm oibríthe cúraim sláinte pobail i gceist léi⁶⁴.

D'fhéadfadh baill an ECCT tabhairt faoi chuirteanna agus athbheithnithe ar othair a bhfuil an baol orthu go gcuirfí isteach sa ospidéal ar bhonn éigeandála, agus measúnuithe rioscaí a do dheacrachtaí cosúil le titim agus teagmháil a dhéanamh ansin leis an gcleachtóir cuí cúraim sláinte, dochtúir teaghlaigh atá lonnaithe in áit eile i bhfad ón bpobal, le cinneadh a dhéanamh an dteastaíonn tuilleadh gnímh⁶⁴. Is féidir go laghdódh cúram tnútháin den chineál seo na leibhéil gaoch amach agus cur san ospidéal taobh amuigh d'uaireanta oifige⁶⁴.

Tacaíonn Kendrick & Conway le himeacht ó chúram aisfreagartha, nuair a chuirtear cúram ar fáil mar fhreagairt ar ghalar nó ar éigeandáil, i dtreo an chúraim tnútháin, is é sin nuair a dhéantar iarracht dúshláin a aithint go réamhghníomhach agus dul i ngleic leo sula gcruthaíonn siad fadhbanna le nach gcaithfear an oiread céanna daoine a chur isteach san ospidéal, agus is féidir le hoibrithe cúraim sláinte phobail ról a bheith acu ansin^{64,65}. Mar shampla de seo, d'fhéadfaí oiliúint a chur ar bhaill phobail agus seisiúin oideachais a dhéanamh le hothair maidir le féin-bhainistiú a dhéanamh ar ghalair ainsealacha cosúil le galar scamhóige toirmeascach ainsealach nó cliseadh plúch-chairdiach⁶⁴.

Is baill dheonacha phobail iad Chéad Fhreagróirí Pobail a gcuirtear oiliúint orthu chun déileáil le líon teoranta éigeandálaí míochaine. Tá siad ag éirí níos úsáidí i gcodanna tuaithe agus iargúlta den Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn, áit nach mbíonn an fáil chéanna ar sheirbhísí éigeandála^{41,66,67}.

6.15. Teilea-Shláinte

Úsáidtear an téarma teilea-shláinte le cur síos ar sholáthar seirbhísí ó láthair eile⁶⁸. Is féidir í a úsáid chun eolas a mhalartú i bhfoirmeacha éagsúla: mar shampla, roinnt torthaí scrúdaithe fola agus X-ghathanna agus úsáid ríomhphoist, gutháin agus físchomhdhála⁶⁸.

Déanann teilea-chúram cur síos ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus soghluaiste chun seirbhísí a chur ar fáil ó láthair eile i gcéin⁶⁸. Is féidir réimse leathan seirbhísí a bheith i gceist leis seo, mar shampla monatóirí brú fola agus aláirim d'úsáid seandaoine sa bhaile i gcás titime, d'fhonn timpeallacht níos sábháilte a chothú sa bhaile^{68,69}. Is é aidhm teilea-chúraim an líon daoine a chuirtear san ospidéal a laghdú trí bhainistiú réamhghníomhach cúraim sláinte agus is féidir go bhfeabhsóidh é cúrsaí bainistíochta galar ainsealach sa bhaile⁶⁹.

Is téarma an-leathan é sláinte leictreonach nó "ríomh-shláinte" a bhfuil i gceist leis, dar leis an Roinn Sláinte, "comhtháthú gach foinse eolais agus teicneolaíochta a bhaineann le seachadadh cúraim sláinte trí chórais eolais teicneolaíocht-bhunaithe. Áirítear anseo othair agus a gcuid taifeadtaí, cúramóirí agus a gcuid córas, gléasanna agus braiteoirí monatóireachta, bainistíocht agus feidhmeanna riaracháin; is 'slabhra soláthair' digiteach agus lán-chomhtháite é a bhfuil ardleibhéil uathoibrithe agus comhroinnte eolais i gceist leis"⁶⁹.

Tuairiscítear i dtuairisc Chumann Míochaine na Breataine, "Cúram Sláinte i gCeantar Tuaithe", go dtacaíonn teilea-shláinte agus teilea-chúram le múnla pobal-bhunaithe cúraim agus go laghdaíonn sé an gá atá ag othair le taisteal chun cúraim ospidéil a fháil⁴⁹. Scríobhadh i "Buntáistí agus Glacadh ar Láimh Teilea-Shláinte: Daoine agus Soláthraí a nascadh ar fud Cheanada" gur sábháladh thart ar 47 milliún míle taistil mar thoradh ar chur i bhfeidhm tionscnamh teilea-shláinte. Reáchtáladh breis agus 260,000 seisiún teilea-shláinte in 2010, agus bhí muintir thuath Cheanada i gceist i gcás 94,000 ceann acu sin⁷⁰. Is féidir rochtain a fháil ar sheirbhísí ospidéal-lonnaithe nach mbeadh fáil éasca orthu i gceantair iargúlta trí theilea-shláinte; tacaíonn sé le cleachtóirí cúraim sláinte agus iad ag déanamh cinntí de bharr gur féidir leis pointe teagmhála le comhairleoirí ospidéil a sholáthar; agus spreagann sé oibrithe cúraim sláinte agus shóisialta a bhfuil traenáil agus saeolas éagsúil acu oibriú le chéile chun cúram a chur ar fáil^{49,55}.

Tá sé i gceist ag Straitéis Ríomh-Shláinte na hÉireann othair a chumhachtú lena riochtaí ainsealacha a fhéin-bhainistiú ina mbaile féin⁶⁹. Creideann Mac Farlane et al. gur réiteach féideartha é ar na deacrachtaí a bhaineann le cúram sláinte a chur ar fáil do phobail iargúlta in Éirinn⁷¹. I measc na mbac atá ar fhorbairt teilea-chúraim sláinte in Éirinn tá droch-bhonneagar TF agus an meon i measc oibríthe cúraim sláinte nach bhfuil na scileanna acu úsáid éifeachtach a bhaint as teilea-chúram sláinte⁷². Tagann sé seo go beacht leis an litríocht idirnáisiúnta⁷³. Ar na baic eile atá ar a úsáid tá easpa rochtana ar an trealamh agus ar an traenáil chuí agus an chaoi a nglactar leis go bhfuil an trealamh riachtanach ródhaor⁶⁵.

Aithnítear i Straitéis Ríomh-Shláinte na hÉireann go dteastódh maoiniú suntasach d'fhorbairt an bhonneagair i dtosach, agus creidtear go mbeidh sé éifeachtach ó thaobh costais de agus go mbeidh buntáistí suntasacha eacnamaíocha i gceist leis go fadtréimhseach⁶⁹. Mar chuid de ríomh-fhoghlaim baintear úsáid as an idirlíon chun eolas a fháil⁴⁹. Cuireann sé seo cur chuige inrochtana, solúbtha agus saindeartha ar fáil do chleachtóirí cúraim sláinte dul i ngleic lena gcuid riachtanas foghlama ag am a fheileann dóibh féin. Sáraítear na dídhreasuithe a bhaineann le taisteal agus am a thógáil ón obair leis an modh seo agus tá sé le feiceáil sa litríocht ón Astráil gur fheabhsaigh sé an chaoi a mbreathnaítear ar chúrsaí leighis faoin tuath agus gur laghdaigh sé baol an uaignis ghairmiúil^{49,74,75}. Feictear i saothar Mac Farlane et al. go n-airíonn oibríthe cúraim sláinte in Éirinn nach mbíonn deiseanna líonraithe acu dá bharr agus go gcuireann sé, mar sin, leis an uaigneas gairmiúil⁷².

6.16. Cur Chuige na Foirne Ildisciplíní

Moltar i dtuairisc Rialtas na hAlban ar sheachadadh seirbhísí do chúram sláinte i gceantair tuaithe agus iargúlta cur chuige comhtháite, foireann-bhunaithe i gcás an chúraim sláinte faoin tuath⁶⁴. Mar a luadh cheana, moltar an “Fhoireann Sínte Chúraim Phríomhúil” (EPCT). Ba chóir go mbeadh an EPCT lonnaithe ar láthair amháin chun cumarsáid agus cur chuige foirne a chothú. Tá an cur chuige foireann-bhunaithe seo cosúil leis an gcur chuige a shamhlaítear i gcóras foirne agus líonraí cúraim phríomhúil na hÉireann mar a leagtar amach é sa straitéis chúraim phríomhúil¹⁰.

Mar a míníodh cheana sa pháipéar seo is é is iargúlta agus atá cleachtadh míochaine, is é is mó seirbhísí a chuirfear ar fáil ann, go hiondúil. Mar gheall air seo, agus de bharr deacrachtaí le hearcú agus le coinneáil foirne ar oileáin agus i gceantair iargúlta, tá gá le scóip níos leithne cleachtais agus níos mó solúbthachta i ról chleachtóirí cúraim sláinte⁷⁶. Is féidir gur altra cleachtaidh, dochtúir teaghlaigh le suim faoi leith nó oibrí sláinte pobail ag cur oideachais sláinte ar fáil a bheadh i gceist anseo.

San Astráil tá tionscnamh rialtas-mhaoinithe chun tacú le ról níos leithne paraimhíochaineoirí trí sheirbhísí a chur ar fáil sa phobal a thacaíonn leis na seirbhísí a chuireann an dochtúir teaghlaigh ar fáil⁷⁶. In athbhreithniú ar thug Thompson et al. faoi fuarthas leibhéal ard sástachta leis an tionscnamh seo i measc othar⁷⁷. Cuireann sé seirbhísí ar fáil níos gaire don bhaile do phobail tuaithe agus is féidir leis a bheith éifeachtach ó thaobh costais de⁷⁷.

Sa chomhthéacs seo, caithfidh líonraí láidre taca a bheith ann chun tuairim an speisialtóra chuí a fháil nuair is gá, d'aistriú sábháilte agus éifeachtúil othar go hospidéal nuair is gá, d'fhorbairt nósanna imeachta agus comh-chosán cúraim do bhainistiú galair agus d'aslonnú othar ó oileáin nuair a theastaíonn sé. Chomh maith leis sin, caithfear cás an othair a thabhairt san áireamh, mar shampla a áit chónaithe agus cé chomh éasca agus atá sé dó fillleadh ar an ospidéal, nuair a bhítear ag pleanáil lena scaoileadh amach ón ospidéal agus d'aon scrúdú nó cúram leantach don othar⁶⁴.

6.17. Conclúid


Tá sé i gceist ag Creat Éire Fholláin sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú, agus cuireann sé béim faoi leith ar Éireannaigh a chumhachtú le bhreith freagrach as a gcuid sláinte féin¹². Tá pobail oileáin na hÉireann san áireamh i straitéisí den chineál seo, ach, mar a pléadh cheana, tá dúshláin faoi leith roimh na pobail oileánda seo i dtaca le seirbhísí cúraim sláinte a fháil. Caithfear breathnú, mar sin, ar pholasaithe sainiúla a fhorbairt chun riachtanais faoi leith phobail oileáin na hÉireann a shásamh. Tá gá le cur chuige solúbtha agus comhtháite sna hearnálacha cúraim príomhúil agus thánaistigh i gcomhar leis na pobail chun múnla inbhuanaithe cúraim sláinte atá éifeachtach ó thaobh costais de agus a chuireann cúram ar fáil do phobail bheaga, scaipthe amach, a fhorbairt.

Déanann soláthróirí cúraim sláinte gach iarracht cúram a chur ar fáil gar don bhaile. Is é teacht aniar an phobail agus cur chuige foirne ildisciplíní le béim ar chúram sa phobal an bunús dó seo. Ba chóir cúram den chineál seo a chur ar fáil i gcomhthéacs cosán aontaithe cúraim sláinte agus línte oscailte cumarsáide agus le rochtain éasca ar chúram ospidéal de réir mar a theastaíonn sé. Is beag atá ar fáil ó thaobh litríochta ar riachtanais chúraim sláinte d'oileáin, go háirithe do phobail oileánda na hÉireann, agus teastaíonn tuilleadh taighde sa réimse seo.

**Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán Aibreán 2017**

Caibidil 7

**Céard atá ag obair
go maith faoi láthair**



Caibidil 7

7.0. Céard atá ag obair go maith faoi láthair

Tá earnáil láidir chúraim phríomhúil in Éirinn, le dochtúirí teaghlaigh, PHN/RGN/PN agus Oibrithe Aontaithe Cúraim Sláinte atá díograiseach agus a chuireann seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil in ainneoin na ndúshlán ó thaobh acmhainní de⁷.

Déanann dochtúirí teaghlaigh tromlach mór (90-95%) de na fadhbanna sláinte a chuireann as do mhuintir na hÉireann a láimhseáil, le leibhéil arda sástachta á dtuairisciú ag othair maidir lena dtaithí leis an dochtúir is minice a dtéann siad chuige^{10,79}. Tá ciorruithe maoinithe, deacrachtaí le foireann a earcú agus a choinneáil, easnaimh i dtacaíochtaí bonneagair agus soláthar clúdach éigeandála agus an costas a bhaineann le clúdach ionaid ag bagairt ar inmharthanacht an tsoláthair seirbhíse cúraim phríomhúil ar ardchaighdeán do phobail oileánda, áfach².

Aithnítear i dtuairisc a d'eisigh an ICGP le deireanaí⁷, ina ndéantar cur síos ar na dúshlán a bhaineann le cúram dochtúra teaghlaigh a sholáthar i gceantair tuaithe in Éirinn, ról fíorthábhachtach an dochtúra teaghlaigh ar oileán, agus tá abhcóideacht déanta ag an ICGP le go n-aithneofar agus go gcothófar ról faoi leith an dochtúra teaghlaigh oileánda trí sholáthar tacaíochtaí conartha agus aontaithe ó thaobh oibrithe cúraim sláinte agus bonneagair de⁷.

Agus an tuarascáil seo ar na hoileáin á hullmhú, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le pobail na n-oilean agus cuireadh agallaimh ar bhaill foirne cúraim sláinte a chuireann cúram ar fáil do phobail oileánda. Thug siad siúd a ghlac páirt sa chomhairliúchán go leor aiseolais maidir le rudaí a bhí ag obair go héifeachtach, dar leo, ach rinneadh siad cur síos chomh maith ar réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Bhí sé suntasach go bhfuarthas go leor aiseolas luachmhar maidir le seirbhísí eile nach bhfuil lánach i gcúram príomhúil, m.sh. an tseirbhís dóiteáin, agus cé nach gcuirtear san áireamh sa tuarascáil seo é sin, cuirfear faoi bhráid na seirbhísí ábhartha é.

7.1. Cur Chuige Foirne

Bhí éagsúlacht sa chur chuige foirne a bhí i gceist sna cleachtaí éagsúla de bharr go raibh cuid de na “foirne” an bheag ó thaobh líon na mball de, ach aithníodh go mbeadh tábhacht faoi leith le foirne “níos leithne”, an fhoireann iomlán chúraim phríomhúil san áireamh, chun cúram ar ardchaighdeán a chothú agus a fhorbairt.

Glórtha na nOileánach:

- *“Tá ár seirbhís altranais an-tábhachtach dúinn”*
- *“Is maith an rud é go dtagann an dochtúir teaghlaigh ar cuairt”*

7.2. Dochtúirí Teaghlaigh/PHN/RGN/PN

Tá éagsúlacht mhór sna seirbhísí cúraim sláinte ó oileán go hoileán ach go ginearálta fuarthas aiseolas an-dearfach ón bpobal maidir leis an tseirbhís chúraim príomhúil atá á fáil acu ó dhochtúirí teaghlaigh agus ó PHN/RGN/PN. Bhí sé seo amhlaidh ach go háirithe in gcásanna ina bhfuil an fhoireann ina cónaí ar an oileáin nó ina dtagann an fhoireann ar cuairt ar bhonn rialta. Oibríonn dochtúirí teaghlaigh agus altraí go dlúth le chéile agus tá buntáiste ag baint leis an gcur chuige foirne seo do na hothair.

Aithnítear go laghdaítear an líon othar a chuirtear isteach chuig na hospidéil mar gheall ar leanúnachas sa chúram a chuirtear ar fáil i gcleachtadh ginearálta, nuair a bhíonn caidreamh comhoibríoch idir an t-othar, a dhochtúir teaghlaigh agus an fhoireann níos leithne d'oibríthe cúraim sláinte, agus go ndéanann sé soláthar cúraim iomlánaíoch atá othar-bhunaithe agus éifeachtach ó thaobh costais de a chumasú⁷⁹. Samhlaíonn muintir na hÉireann an-luach lena leithéid de chúram agus bhí sé ar cheann de na téamaí a tháinig aníos arís agus arís eile san aiseolas a bailíodh don tuarascáil seo. Chuir an pobal ardluach ar an tseirbhís phearsanta a fhaightear ó dhochtúirí teaghlaigh/PHN/RGN/PN agus ar thiomantas agus ar dhíograis na foirne cúram d'ardchaighdeán a chur ar fáil taobh istigh agus taobh amuigh de ghnáthuaireanta.

7.2.1. Ceisteanna a d'ardaigh Dochtúirí Teaghlaigh

- Bainistiú riochtaí fadtréimhseacha agus na tacaíochtaí a theastaíonn ó othair.
- Easpa áiseanna faoisimh agus fadchónaithe. Níl áis fadchónaithe ar aon cheann de na hoileáin seachas Árainn, a bhfuil 10 leaba fadchónaithe agus 2 leaba gearrchuairte/téarnaimh/mhaolaitheacha ann.
- Earcú dochtúirí teaghlaigh le cur ina n-áit sin a éiríonn as agus ceisteanna íocaíochta, oideachais leantaigh leighis agus clúdaigh ionaid.
- Acmhainneacht bhorrtha le linn an tséasúir turasoíreachta agus an deacracht a bhaineann le clúdach ionaid nó cúnaimh a fháil nuair a theastaíonn sé.

Glór Dochtúra Teaghlaigh:

- *“Tá sé tábhachtach cuidiú le daoine Breacaosta fanacht sa bhaile mar má théann siad isteach i gcúram fadtréimhseach beidh orthu an t-oileán agus a dteaghlaigh a fhágáil”*

7.2.2 Ceisteanna a d'ardaigh PHNs/ RGNs/PNs

- Buarthaí maidir leis an PHN/RGN a ainmníodh chun dualgais eile a chomhlíonadh ar an mórtáir, anois agus arís nó go fadtréimhseach.
- Tacaíocht don altra i gcás tinnis, déileáil le suíomhanna deacra, agus oibriú mar dhuine gairmiúil aonair i suíomhanna áirithe.
- Ceisteanna maidir le PHN/RGN nach gcónaíonn ar oileán a bheith in ann taisteal le linn drochaimsire; bíonn tionchar aige seo chomh maith ar an altra a bhíonn ag taisteal isteach le fanacht ar an oileán.
- Othair gan a bheith in ann taisteal go dtí an mhórtáir le linn drochaimsire.
- Acmhainneacht bhorrtha le linn saoire nuair is féidir go dtiocfaidh ardú suntasach ar dhaonra cuid de na hoileáin.
- Easpa seirbhíse tacaíochta baile ar go leor oileán.

Glórtha na nOileánach:

- *Bheadh sé go maith mura mbeimis ag fáil altra éagsúil gach cúpla mé*
- *“Caithfidh duine a fháil isteach in áit an altra anois agus arís sa chaoi gur féidir léi freastal ar chúrsaí traenála”*

7.3. Rochtain ar Sheirbhísí Eile Cúraim Phríomhúil

Athraíonn sé seo go mór ó oileán go hoileán. Go ginearálta, atreoraítear othair chuig seirbhísí eile cúraim phríomhúil de réir riachtanas measta, agus tá an rochtain céanna ag muintir na n-oileán ar na seirbhísí ar an mórthír agus atá ag pobail tuaithe.

Bhí rochtain mhaith ar theiripe shaothair (OT) den chuid ba mhó, agus na teiripeoirí ag tabhairt cuairteanna ar na hoileáin de réir mar ba ghá. Tá fisiteiripe ar fáil ar na hoileáin Árann agus ar Inis Bó Finne trí huair sa bhliain ach ar thiomlath na n-oileán eile caithfidh othair dul go dtí an mhórthír. Le linn an phróisis chomhairliúcháin leis an mBainisteoir Tograí, tugadh le fios i gcás roinnt mhaith seirbhísí go rabhthas toilteanach taisteal go dtí na hoileáin chun seirbhísí a chur ar fáil ach i roinnt cásanna ba chosúil nach raibh na hoileánaigh ná na hoibrithe sláinte oileánda ar an eolas faoin rogha seo.

7.3.1. Saincheisteanna

- Tréimhsí fada feithimh do choinní chun rochtain a fháil ar roinnt seirbhísí cúraim phríomhúil; tá dúshlán den chineál céanna roimh phobail tuaithe ar an mórthír chomh maith.
- Bhí deacrachtaí ag roinnt othar taisteal chun na seirbhísí seo. Mar shampla, thuairiscigh othair go raibh deacrachtaí acu taisteal le haghaidh teiripe athshlánaíthe, go háirithe tar éis stróc nó obráid mhór a bheith acu.
- Tá deacrachtaí rochtana i gceist le Seirbhísí Síceolaíochta/Seirbhísí Mheabhairshláinte do Pháistí agus do Dhéagóirí (CAMHS) mar gheall ar thréimhsí fada feithimh agus turais fhada. Arís, bíonn deacrachtaí den chineál céanna ag pobail tuaithe ar an mórthír.

Glór Dochtúra Teaghlaigh:

- *“Ní bheadh cuid de na seandaoine a dteastaíonn fisiteiripe uathu in ann dul ar an mbád farantóireachta, mar sin caithfidh an tseirbhís a bheith lonnaithe ar an oileán”*

7.3.2. Cúntóirí Baile

Is príomhghné é soláthar cúnaimh bhaile dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu de dhaoine a choinneáil ina mbaile féin chomh fada agus is féidir. Tá deacracht faoi leith i gceist le cúntóirí baile a earcú ar chuid de na hoileáin. I gcásanna áirithe, tá sé seo amhlaidh de bharr nach bhfuil dóthain daoine ar an oileán leis an seirbhís a chur ar fáil. I gcásanna áirithe, tagann cúntóirí baile ón mórthír chun na n-oileán.

7.4. Cúram Réamhbhreithe

Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil ar na hoileáin agus roinntear an cúram idir an dochtúir teaghlaigh agus an t-ospidéal. Roghnaíonn mná áirithe taisteal chun na mórthíre chun dochtúir bainneann teaghlaigh a fháil. Moltar do mhná an t-oileán a fhágáil coicís roimh a ndáta tugtha le go mbeidh fáil acu ar sheirbhís chnáimhseachais an ospidéil nuair a theastaíonn sé.

Glór Dochtúra Teaghlaigh:

- *“Is féidir go mbeadh ar dhaoine fanacht ar an mórthír le cóir leighis a fháil nó le linn dóibh a bheith ag iompar clainne agus go mbeadh orthu dá bharr áit fanachta a fháil ar cíós”*

7.4.1. Saincheisteanna

- Is féidir go gcuirtear brú airgeadais ar theaghlaigh mar gheall ar na costais a bhíonn ar mhná le linn na gcéimeanna deiridh den toircheas, agus ar a dteaghlaigh a mbíonn orthu lóistín a fháil ar cíós ar an mórthír.
- Caithfidh pleananna sainiúla breithe a aontú le mná a bhfuil cónaí orthu ar oileáin go luath sa toircheas le sláinte na máithreacha agus na leanaí a chinntiú.
- Go hidéalach, ba chóir go mbeadh bardaí réamhbhreithe ar an eolas faoi na mná ar fad atá ag cónaí ar oileáin agus ag súil le páistí.
- Bainneann na deacrachtaí céanna le hothair atá ag taisteal chun seirbhísí ailse agus cúram maolaitheach a fháil.
- An oiread leis an gcuid is mó de phobail faoin tuath, caithfidh mná tabhairt faoi thuras chun scagthástáil cíoch a fháil agus bíonn ar mhná áirithe dul go dtí an mhórthír chun dochtúir bainneann teaghlaigh a fháil do scagthástáil cheirbheacs.

7.5. Cúram Maolaitheach

Fuarthas aiseolas an-dearfach le linn an phróisis chomhairliúcháin maidir le soláthar na seirbhíse seo. Tugann foirne cúraim mhaolaitheach cuairt ar othair ar na hoileáin de réir mar a theastaíonn sé, agus tugann siad tacaíocht do dhochtúirí teaghlaigh agus d'altraí na n-oileán chun cúram a thabhairt do dhaoine sa bhaile.

7.6. Bainistíocht Chógais

Bíonn conarthaí dáilte dá n-othair a bhfuil cártaí leighis acu ag dochtúirí teaghlaigh a chónaíonn ar oileáin nó a thugann cuairt ar oileáin ar bhonn rialta. Cuireann cuid de na dochtúirí teaghlaigh an cógas ar fáil dá n-othair agus bainneann cuid acu úsáid as poitigéir pobail ar an mórthír. Tá altraí áirithe ar na hoileáin ag daileadh cógais faoi láthair ar chomhairle dochtúra teaghlaigh tríd an nguthán nó le hoidis a fháil mar fhacs. Tá nós imeachta i bhfeidhm in Iarthar Chorcaí d'Oileán Chléire.

Bíonn ceisteanna imníocha i gcásanna ina mbíonn altra ag cleachtadh de réir nós imeachta cógais, ag oideasú, ag dáileadh nó ag tabhairt cógais agus a choinníonn drugaí ina seilbh. Is gá na ceisteanna seo a réiteach. Go háirithe, caithfear nósanna imeachta cógais a leagan síos do gach riocht, m.sh. diaibéitis nó créachtaí, nó riachtanas seirbhíse, m.sh. imdhíonadh. D'fhéadfaí na cúrsaí oideachasúla i dtaca le bainistíocht chógais atá ar fáil in Albain a fhiosrú. Teastaíonn caighdeánú maidir le bainistíocht chógais chomh maith le comhairliúchán le poitigéir pobail agus le gach oibrí cúraim sláinte ábhartha a bhaineann leis.

7.6.1. Saincheisteanna:

- Is féidir go gcuirfí moill shuntasach ar oidis d'othair le linn drochaimsire nuair nach mbíonn an bád farantóireachta ag seoladh.
- Caithfidh othair phríobháideacha a gcógais a fháil ó phoitigéir ar an mórthír de bharr nach bhfuil cead ag dochtúir teaghlaigh cógais a dháileadh ar othair nach bhfuil cárta leighis acu.
- Níl ach rochtain teoranta ar chógas ar na hoileáin agus d'fhéadfadh sé seo deacrachtaí a chruthú do chuariteoirí a ndéanann dearmad ar a gcógas nó a ídíonn a gcógas agus iad ar an oileán.
- Níl ach líon an-teoranta cógas ar fáil thar an gcuntar ar an oileán.
- D'fhéadfaí féidearthachtaí a fhiosrú maidir le cur le ról an PHN/RGN i ndáileadh cógais, le béim ar thraenáil le nósanna aontaithe imeachta agus liosta drugaí.

7.7. An Costas a bhaineann le Soláthar Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

An oiread le gach seirbhís chúraim sláinte, baineann costas le soláthar seirbhísí. Mar a leagadh amach sa chaibidil seo, cuireann seirbhísí altranais phobail agus dochtúirí teaghlaigh formhór an chúraim sláinte ar fáil do phobail oileánda agus tá mionscrúdú déanta ar an gcostas a bhaineann leo sin. Tá éagsúlacht mhór sna seirbhísí dochtúra teaghlaigh agus altranais a sholáthraítear ar na hoileáin, go háirithe i dtaca le rialtacht na seirbhísí: ar bhonn seisiún, i gcaitheamh na seachtaine nó ar bhonn 24/7. Níor cuireadh san áireamh an costas a bhaineann le soláthar seirbhísí eile cúraim phríomhúil ar nós teiripe saothair, fisiteiripe, srl. mar go bhfaigheann agus go soláthraíonn seirbhísí mórthíre iad nó go soláthraítear iad ar bhonn cásanna aonair de réir riachtanais i mbeagnach gach cás. Is eolas tascach atá san eolas maidir le costais bhliantúla do dhochtúirí teaghlaigh, bunaithe ar chostais dhíreacha lena n-áirítear meántáille chaipitíochta bhliantúlaithe, táillí dáilte agus liúntais do chleachtadh tuaithe (má bhaineann) ar bhonn per capita nó daoine atá incháilithe do GMS. Áirítear le costais do sheirbhísí altranais costais buníocaíochta in aghaidh na blianta agus ní áirítear liúntais.

- B'ionann an costas do dhochtúirí teaghlaigh agus €311 per capita nó €555 an duine do dhaoine atá incháilithe ar GMS.
- B'ionann an costas do PHN/RGN oileánda agus thart ar €223 per capita.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nár tugadh san áireamh daonra na n-oileán agus é faoi bhorradh le linn an tséasúir turasóireachta.

Is féidir na figiúirí seo a chur i gcomparáid le pobal mórthíre: léirítear i bhfigiúirí ó thuarascáil bhliantúil Sheirbhís Íocaíochta do Chúram Phríomhúil FSS don bhliain 2015 gurbh é €226.07 in aghaidh an duine cáilithe in aghaidh na scéime do dhochtúirí teaghlaigh. Chun comparáid ghinearálta a dhéanamh i dtaca le costais altranais sláinte poiblí, ba é €29 per capita an bunchostas do réimse cúraim sláinte amháin i gceantar tuaithe in 2015. Ní féidir an costas in aghaidh an duine ar GMS a ríomh mar go gcuirtear seirbhísí altranais sláinte poiblí ar fáil ar bhonn daonra seachas de réir incháilitheachta do GMS.

Bíonn tionchar ag déimeagrafaic na n-oileán agus ar bhairneachtaí ar scála nach bhfuil indéanta taobh istigh de phobail oileánda ar an gcostas in aghaidh an duine do riachtanais seirbhíse agus daonra. Go bunúsach, ag tabhairt san áireamh éagsúlacht na socrúchán seirbhísí agus an easpa caighdeánaithe i gcúrsaí rochtana, bheifí ag súil leis an éagsúlachta sna costais ó oileán go hoileán agus leis an gcostas níos airde in aghaidh an duine ná an meán náisiúnta.

***Nótaí:** Fuarthas na figiúirí a úsáideadh chun costais thásacha a thabhairt ó na soláthróirí ábhartha ar na hoileáin.*

7.8. Conclúid

Is é an chonclúid is suntasaí a eascraíonn as an bpróiseas comhairliúchán leis na pobail oileáin agus leis na hoibrithe cúraim sláinte ná go bhfuil an iliomad sampla de chúram ar ardchaighdeán atá á chur ar fáil do phobail oileánda. Táthar ag súil gur féidir, tríd an tuarascáil seo, tógáil ar a bhfuil ag obair go héifeachtach agus creat a chur ar fáil chun caighdeán an chúraim sláinte a chuirtear ar fáil do na hoileáin ar fad a ardú ar bhealach inbhuanaithe. Sna caibidíl a leanas, leagfar amach na dúshláin a bhaineann le seirbhís chúraim phríomhúil atá cothrom agus ar ardchaighdeán a sholáthar do phobail oileánda, agus pléifear réitigh fhéideartha ar na dúshláin seo.

**Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán Aibreán 2017**

Caibidil 8

Téamaí agus Dúshlán



Chapter 8

8.0 Téamaí agus Dúshláin

8.1. Réamhrá

Tá taithí an-éagsúil ag baill na bpobal oileánda ar sheirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta i gcomparáid le muintir na gcathracha sa mhéid agus go mbíonn orthu go minic tabhairt faoi thuras fada chun cúram a fháil.

Le freastal ar riachtanais sláinte pobal oileánda caithfear dul i ngleic le ceisteanna ar nós athruithe séasúracha sa daonra, pobail atá ag dul in aois agus na riachtanais chasta sláinte a bhíonn mar thoradh air sin. Bíonn impleachtaí suntasacha ag aosú an phobail do chúrsaí iompair agus do rochtain ar sheirbhísí sláinte, do bhainistíocht galar fadtréimhseach, do bhainistiú éigeandálaí, do sheirbhísí cúraim bhaile a bheith ar fáil agus do phleanáil saothair. Déantar cur síos thíos ar na téamaí a tháinig aníos go minic sa phróiseas comhairliúcháin.

Téama 1: An Ghaeilge

Is gcuid dár n-oidhreacht chultúrtha faoi leith í an Ghaeilge agus tá sí ar cheann de na gnéithe a mheallann daoine go dtí na hoileáin Ghaeltachta. Labhraíonn go leor de na daoine a chónaíonn ar na hoileáin Gaeilge agus do chuid acu is í a dteanga dhúchais í. De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá gealltanas ann eolas a chur ar fáil do phobail trí Ghaeilge go náisiúnta⁸⁰. Tá FSS tiomanta do sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge agus do chumas teanga na foirne a oibríonn le pobail Ghaeilge a fheabhsú.

Glórtha na nOileánach:

- *“Is í an Ghaeilge ár dteanga dhúchais – cén uair a bheidh níos mó seirbhísí trí Ghaeilge ag FSS?”*

Téama 2: Taithí na nOileánach ar Chúram Sláinte a Fheabhsú

Taithí na nOileánach

Cé go bhfuarthas go leor aiseolas dearfach mar chuid den phróiseas comhairliúcháin maidir leis na seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a chuirtear ar fáil do na hoileáin, is léir go bhféadfadh sé a bheith ní b’fhéarr. Is léir go bhfuil easpa leanúnachais sna seirbhísí cúraim príomhúil a chuirtear ar fáil do na hoileáin. Tugadh faoi deara an easpa leanúnachais seo i raon leathan réimsí lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí, leanúnachas cúraim, cur san ospidéal a sheachaint, bainistiú cógais agus sástacht na n-othar.

Ba léir gur chruthaigh deacrachtaí rochtana ar sheirbhísí fadhbanna do go leor leor othar. I gcásanna áirithe, bhain sé seo le liostaí fada feithimh agus, i gcásanna eile, easpa soiléireachta maidir le cearta do sheirbhísí. Is bac suntasach ar rochtain ar sheirbhísí é na deacrachtaí praiticiúla a bhaineann le hoileán a fhágáil agus bíonn ar oileánaigh coinní ar an mórthír a chur ar ceal mar gheall ar bhrú airgeadais, easpa ama, easpa modha thaistil, drochshláinte nó drochluaineacht, nó drochaimsir. Cuireadh síos sa phróiseas comhairliúcháin ar chóras ina ndearnadh othar a scaoileadh ón tseirbhís nó ina raibh air atreorú eile a fháil dá mba rud é nach raibh an t-othar in ann freastal ar choinne ar an mórthír de bharr drochaimsire nó de bharr an tseirbhís báid farantóireachta nó rochtain ar mhodh iompair ar an mórthír a bheith teoranta. Cuireadh moill doghlactha ar go leor oileánach ag fáil seirbhísí de bharr a leithéidí de dhúshláin.

Glórtha na nOileánach:

- *“B’fhearr le daoine íoc as an tseirbhís ar an oileán (cosliacht) mar go bhfuil sé níos costasaí dul amach go dtí an mhórthír chun an tseirbhís shaor in aisce a fháil”*

Téama 3: Rochtain na nOileánach ar Chúram Sláinte a Fheabhsú

Transport

Ba théamaí coitianta iad cúrsaí taistil agus iompar sna comhairliúcháin ar fad le pobail oileánda.

Glórtha na nOileánach:


- *“Ní raibh an bád farantóireachta in ann seoladh roinnt mhaith uaireanta i gcaitheamh an gheimhridh”*
- *“Tá sé an-tábhachtach fios a bheith agat gur féidir leat imeacht ón oileán más gá”*

Is é an bád farantóireachta an príomhsheirbhís iompair isteach agus amach ó na hoileáin. Freastalaíonn seirbhís aer ar na hOileáin Árann agus tá an-luach á chur ag an bpobal air sin le 30 bliain anuas. Reáchtáiltear seirbhís ingearáin do Thoraigh uair sa choicís. Ó 2016 ar aghaidh, cuirfear an tseirbhís ar fáil ar bhonn seachtainiúil idir mí na Samhna agus mí Márta gach bliain. Tugadh an tseirbhís bhreise seo isteach mar fhreagra ar na deacrachtaí seolta a bhíonn ag bád Thoraí i gcaitheamh an gheimhridh. Tá an-tábhacht le naisc iompair ar an mórthír chomh maith, mar tagann cuid de na báid farantóireachta isteach in áiteanna iargúlta nach bhfuil aon iompar poiblí iontu. Má chuirtear moill ar na báid farantóireachta ar chúis éigin cruthaítear fadhbanna má chailtear an tseirbhís iompair phoiblí a bhí sceidealaithe agus cuirtear moill ar dhaoine ansin ag freastal ar a gcuid coinní. Chomh maith leis sin, ar chuid de na hoileáin ní bhíonn rochtain éasca ar an gcé do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, atá faoi bheagluaineacht nó a úsáideann cathaoireacha rotha de bharr, mar shampla, go gcaithfear dul síos céimeanna géara le rochtain a fháil ar an mbád ón gcé.

Nuair nach féidir brath ar an aimsir is deacair do dhaoine a bheith muiníneach go mbeidh fáil acu ar chúram sláinte ar an mórthír nuair a theastaíonn sé uathu agus san áit a dteastaíonn sé uathu, agus is dúshlán é chomh maith don fhoireann chúraim sláinte taisteal isteach go dtí na hoileáin. Bíonn deacrachtaí i gceist le coinní a eagrú ar an mórthír ag brath ar an séasúr agus ar an am den lá. Is minic a bhíonn ar oileánach fanacht thar oíche ar an mórthír má bhíonn coinne acu go luath ar maidin nó go mall tráthnóna, agus bíonn costas breise i gceist leis sin. Tá ról lárnach ag comhlachtaí iompair tuaithe le cinntiú go bhfuil fáil ag muintir na n-oileán ar áiseanna cuí taistil.

Is féidir go gcuirfí seirbhísí ar ceal ar fhógra gearr mar gheall ar dheacrachtaí taistil d’fhoireann chúraim sláinte i gcás drochaimsire nó mura mbeadh an bád ag seoladh. Mar a fheictear i bhfigiúr 1, cuireadh 23% de na turais bháid go Toraigh ar ceal le linn 2015, agus bhí impleachtaí tromchúiseacha aige seo orthu siúd a bhfuil cónaí orthu ar an oileán. Is dúshlán é seo d’oibríthe cúraim sláinte, altraí agus dochtúirí teaghlaiha acu go háirithe, a mbíonn orthu déileáil le héigeandálaí sa chás go gcuirtear moill ar sheirbhísí éigeandála atá ag teacht isteach ón mórthír.

Figiúr 1: Líon na mBád Farantóireachta Fóirdheonaithe a cuireadh ar ceal le linn 2015



Buíochas leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta as na figiúirí

Téama 4: Cúram Éigeandála agus taobh amuigh de Ghnáthuaireanta, Aslonnú Taismeach san áireamh

Cúram Éigeandála

I gcás éigeandála, teastaíonn cúram ar an bpointe agus is léir gur teoranta atá an tseirbhís chéad fhreagróra ar na hoileáin. Tá líonta éagsúla daoine ar na hoileáin atá oilte i ngarchabhair agus CPR, ach níl scéim fhoirmiúil chéad fhreagróirí ag aon oileán seachas Toraigh agus Inis Arcáin. Gan aon socrú foirmiúil, is minic a dtiteann an cúram ar na dochtúirí teaghlaigh agus ar na PHN/RGN. Faoi láthair, cuireann na daoine seo cúram éigeandála ar fáil agus féachann siad lena gcuid scileanna a choinneáil cothrom le dáta. Ní áirítear cúram éigeandála i ról foirmiúil an dochtúra teaghlaigh/an PHN/RGN ach i gceantair iargúlta, mar gheall ar nádúr an cheantair is féidir go gcuirfí fios orthu chun é a chur ar fáil agus ba chóir go mbeadh fáil acu ar an trealamh riachtanach, ar nós ocsaigine agus sínteán. Ba chóir tús áite a thabhairt d'fhorbairt scéimeanna chéad fhreagróirí ar na hoileáin ar fad.

Seirbhísí Dochtúra Teaghlaigh/PHN/RGN taobh amuigh de Ghnáthuaireanta

Cuirtear seirbhísí taobh amuigh de ghnáthuaireanta ar fáil ar bhealaí éagsúla ar na hoileáin. Glacann cuid de na hoileáin páirt i gcomharchumainn dochtúirí teaghlaigh ar nós Nowdoc agus Southdoc. Ar oileáin eile, áfach, cuireann na dochtúirí teaghlaigh cónaitheacha seirbhís taobh amuigh de ghnáthuaireanta ar fáil 24/7 agus eagraíonn siad clúdach nuair nach mbíonn siad ar fáil. I gcásanna faoi leith nuair a bhíonn an dochtúir teaghlaigh nó an t-altra ag cónaí ar an oileáin, is féidir le hothair teagmháil a dhéanamh leo go díreach nuair is gá. D'oibrigh an socrú neamhfoirmiúil seo go maith do roinnt ball foirne; ach tugtar le fios in aiseolas ó bhail foirne eile gurbh fearr leo an socrú taobh amuigh de ghnáthuaireanta a bheith níos struchtúrtha. Is mó an seans go mbeadh a leithéid de shocrú seasmhach amach anseo.

I gcás altraí atá ar fáil taobh amuigh de ghnáthuaireanta, thabharfadh córas foirmiúil tríaise roinnt slándála dóibh agus réiteodh sé ceisteanna sábháilteachta pearsanta. Dhéanfaí taifead ar na glaonna agus bheadh an taifead ar fáil ina dhiaidh sin dá dteastódh sé. Níor chóir gurbh é an t-altra an chéad phointe teagmhála taobh amuigh de ghnáthuaireanta. Caithfidh tacaíocht bainistíochta a bheith ar fáil d'altraí atá ar glao-dhualgas taobh amuigh de ghnáthuaireanta mar oibrí aonair le comhairle agus cúlta a thabhairt. Tá difríocht idir na téarmaí agus coinníollacha do PHN a chuireann seirbhís 24/7 ar fáil san Iarthar agus sa Deisceart: san Iarthar faightear am in lieu d'uaireanta a oibríodh agus íocaíocht, agus sa Deisceart ní fhaightear ach íocaíocht d'uaireanta oibre. Ba mhaith an rud é caighdeánú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha seo.


Freagairt agus Iompar i gcás Práinne Míochaine

Nuair is gá othair a aistriú i gcás práinne teastaíonn láimhseáil agus iompar cúramach, déanta ag pearsanra oilte. Déantar aslonnú éigeandála othar tríd an tSeirbhís Seolta Aeraileighis (AMDS), ar tugadh NACC roimhe seo. Is é Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna FSS a dhéanann é seo a chomhordú. Déanann oibríthe sláinte teagmháil dhíreach le AMDS agus is féidir le baill an phobail teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála agus an tseirbhís tríaise a chuireann siad ar fáil trí ghlaoch ar 999 nó ar 112. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí othair agus cuairteoirí ar an eolas faoin gcaoi le teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís seo, agus ba chóir go mbeadh an t-eolas ar fáil go forleathan do mhuintir na n-oileán agus do chuireoirí. Ba chóir é a bheith á thaispeáint in áiteanna feiceálacha ar na hoileáin éagsúla.

Tá sé mar thosaíocht ag AMDS othair a iompar go sciobtha agus go sábháilte in éineacht le foireann a bhfuil an oiliúint chuí orthu chuig an ionad is cuí do chúram tánaisteach nó treasach. Nuair a fhaightear glaoch déantar triáis ar an gcás láithreach agus ansin déanann AMDS teagmháil leis an oibrí míochaine/altranais ar an oileán má bhíonn siad ar fáil. Déantar cinneadh ansin maidir leis an fhoirm aslonnaithe is cuí – ingearán nó bád tarrthála, ag brath ar an gcás. Chun bád tarrthála nó ingearán a sheoladh, déantar teagmháil leis an nGarda Cósta, a eagraíonn an tseirbhís chuí. Eagraítear seirbhísí otharchair le casadh leis an ingearán/bád más gá agus an t-othar a thabhairt go dtí an t-ionad cúraim thánaistigh/threasaigh.

Taispeántar suíomh na stáisiún ingearáin agus INRBT ar Léarscáil 2 thíos. Léiríonn sé seo an t-achar a bhíonn le taisteal chun aslonnú éigeandála a dhéanamh. Le linn an lae teastaíonn thart ar 15 nóiméad chun ingearán a réiteach le himeacht gan choinne agus timpeall 45 nóiméad faoi dhorchadas na hoíche. I gcás drochaimsire déantar cinntí cúramacha maidir le sábháilteacht bád tarrthála nó ingearán a sheoladh.

Léarscáil 2: Suíomh na mBunáiteanna Ingearáin agus Stáisiúin an Gharda Cóta



Airtear anseo sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann le cead de réir Cheadúnas OSI uimhir 030601.

Foinse: www.dttas.ie Tabhair faoi deara go bhfuil seirbhís aerailighis FSS/na Roinne Cosanta Ionaithe i mBeairicí Custume, Baile Átha Luain, chomh maith

Báid Tarrthála

Tá an tseirbhís bád tarrthála (INRBT) ag cur seirbhís den scoth ar fáil i gcás aslonnuithe míochaine othar ó chuid de na hoileáin le fada fada an lá. Is daoine deonacha iad criú na mbád tarrthála a thugann go fial flaithiúil dá gcuid ama agus a théann go minic sa bhearna baoil chun othair thinne a iompar. Déanann AMDS teagmháil leis an nGarda Cósta chun cúnaimh an bháid tarrthála a iarraidh nuair a bhíonn gá le haslonnú míochaine. Cuidíonn na daoine deonacha le hingearáin chomh maith agus iad ag tuirlingt trí sholais tuirlinge a chur ar fail. Nuair a bhíonn an aimsir an-dona amanna ní féidir le hingearáin imeacht ná tuirlingt agus is féidir gurb é an bád tarrthála an t-aon rogha chun othair a aslonnú.

Aeriompar

Ar na hOileáin Árann chuirtear seirbhís eitleáin ar fáil chun daoine a aslonnú i gcásanna leath-phráinne. Cuireadh deireadh leis sin ach ba mhaith leis an bhfoireann leighis ar an oileán dá dtabharfaí isteach an tseirbhís seo in athuir le nach mbeadh an brú céanna ar an tseirbhís ingearáin. Is mar gheall ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht na n-othar, costas agus easpa foirne leighis ag taisteal leis na hothair nach féidir fillleadh ar an gcóras a bhíodh ann, áfach.

Iompar chuig an Ingearán

Caithfear na hothair a thabhairt óna mbaile féin nó ó shuíomh na timpiste chuig an láthair aslonnaithe. Caithfidh daoine atá oilte i láimhseáil agus iompar na hothair a bhogadh. Caithfidh an modh iompar a bheith feiliúnach agus sábháilte agus tá córas éagsúil ag gach oileán leis seo a dhéanamh. Tá otharcharr ar Árainn Mhór chun othair a iompar go dtí an láthair aslonnaithe agus tá teicneoir oilte míochaine éigeandála a thiomáineann an feithicil ar bhonn deonach nuair a theastaíonn sé. Tá otharcharranna de chuid Ord Mhála ar Inis Bó Finne agus ar Chliara, agus tá jíp ag an dochtúir teaghlaigh ar Árainn atá curtha in oiriúint chun sínteán a iompar. Is socruithe níos neamhfhoirmiúla atá ar na hoileáin eile, áit a n-iompraítear na hothair i bhfeithicilí nach bhfuil curtha in oiriúint agus nach bhfuil feiliúnach, b'fhéidir, don chuspóir sin. Caithfear plé a dhéanamh ar an mbearna seo sa tseirbhís le gníomhaireachtaí reachtúla ar nós FSS agus na Roinne Iompair.

Glórtha na nOileánach:

- *“Oibríonn an tseirbhís aslonnaithe éigeandála go maith agus is ábhar misnigh é sin don phobal”*



Téama 5: Fórsa Saothair

Pleanáil d'Fhórsa Saothair

Is iad an dochtúir teaghlaigh agus an t-altra sláinte poiblí an phríomhfhoireann do sholáthar laethúil cúraim phríomhúil ar na hoileáin. Le seirbhísí níos leithne a chur ar fáil is féidir go dtiocfadh an fhoireann iomlán chúraim phríomhúil go dtí an t-oileán nó go gcasfaidís le hothair ar an mórthír. Baineann dúshlán mhóra le hearcú agus le coinneáil oibrithe cúraim sláinte do sheirbhísí cúraim sláinte ar na hoileáin. Áirítear pleanáil chomharbais mar dheacracht shuntasach i gceantair iargúlta agus tuaithe go hidirnáisiúnta agus tháinig sé chun solais anseo in Éirinn chomh maith le linn an phróisis chomhairliúcháin ar tugadh faoi mar chuid d'ullmhú na tuarascála seo^{7,30,64}.

I measc na ndeacrachtaí eile a bhaineann le hearcú agus le coinneáil foirne tá an réimse leathan scileanna a theastaíonn ó oibrithe cúraim sláinte ar oileáin agus sonraí poist nach ndéanann cur síos an-sonrach ar an obair. Chun na scileanna ar fad a theastaíonn uathu a fhorbairt, caithfidh an t-oibrí cúraim sláinte tabhairt faoi thraenáil rialta agus a gcuid scileanna nua a chleachtadh go minic chun a gcuid eolais a choinneáil cothrom le dáta. Níl fáil éasca ar na rudaí seo nuair a bhítear ag obair le pobail oileánda: de bharr gur daonra beag a bhíonn i gceist ní minic a fhaigheann na hoibrithe cúraim sláinte an deis a gcuid saineolais agus sainscileanna a chleachtadh. Tugtar “moill scileanna” air seo⁵⁹.

Cruthaítear na deacrachtaí a bhaineann leis an oileán a fhágáil mar gheall ar ualach trom oibre, deacrachtaí le clúdach a fháil nó deacrachtaí airgeadais a bhaineann le ham a thógáil chun traenáil a fháil fadhbanna maidir leis an traenáil leanúnach a theastaíonn ó oibrithe cúraim sláinte chun riachtanais chlárúcháin ghairmiúil a chomhlíonadh. Níor oibrigh próisis chineálacha earcaíochta FSS go maith do chomhthéacsanna oileánda go dtí seo agus moltar aonaigh áitiúla earcaíochta níos dírithe a reáchtáil.

Dochtúirí Teaghlaigh

Cuireann dochtúirí teaghlaigh seirbhís bhunlíne ar fáil don phobal ar fad agus seirbhís iomlánaíoch do phobal faoi leith ó bhreith go bás. Déanann siad diagnóisí agus cuireann siad cóir leighis ar dhaoine a bhfuil géar-riochtaí agus riochtaí ainsealacha orthu, cuireann siad cúram coisctheach agus cúram deiridh shaoil ar fáil, is tríothu a fhaightear rochtain ar chúram tánaisteach agus is tacadóirí sláinte pobail iad⁶. Faoi láthair, tá dochtúirí teaghlaigh ag cónaí ar chuid de na hoileáin mhóra, mar shampla Árainn Mhór, Árainn agus Inis Oírr. I gcás cuid de na hoileáin eile tagann dochtúirí teaghlaigh ar cuairt agus bíonn seirbhísí dochtúra teaghlaigh ar fáil ar an mórthír amháin i gcásanna eile. Is deacair do dochtúirí teaghlaigh cothromaíocht a bhaint amach idir a saol oibre agus a saol pearsanta agus iad ag cónaí ar oileán agus ar fáil ar bhonn 24/7. Bíonn an fhadhb chéanna ag altraí a chónaíonn ar oileáin freisin. Baineann na deacrachtaí le trí rud ach go háirithe: earcú, íocaíocht agus coinneáil. Is deacair dochtúirí cónaitheacha a earcú mar gheall ar uaigneas gairmiúil agus, in amanna, sóisialta. Is minic nach mbíonn daonra sách mór ann le gurbh fhiú é ó thaobh cúrsaí airgeadais de murach dreasuithe áirithe. Is fadhb mhór é chomh maith foireann a choinneáil, go minic mar gheall ar shonraí poist a bhaineann doiléire leo agus ualach ceanglas taobh amuigh de ghnáthuaireanta. Caithfear breathnú ar phleanáil chun tosaigh d'oibrithe cúraim sláinte mar thosaíocht le go mbeidh foireann leis an traenáil agus leis an taithí chúí acu ar fáil le poist a líonadh de réir mar a thagann siad aníos.

Tá sé deacair eolas a fháil ar ualach oibre reatha na ndochtúirí teaghlaigh le cinntí a dhéanamh faoin gcaoi is fearr le cúram a chur ar fáil. Chun cúram sláinte atá inbhuanaithe agus nach bhfuil ródhaoir a chur ar fáil, b'fhéidir go mbeidh gá le múnlaí nua oibre foirne agus leis na scileanna a theastaíonn chun cúram sláinte a chur ar fáil do phobail oileánda a fhiosrú. I gcomhar leis an ICGP, caithfear ról an dochtúra teaghlaigh oileánda agus soláthar seirbhísí dochtúra teaghlaigh do phobail oileánda a fhiosrú. Caithfear chomh maith breathnú ar an oiliúint agus ar an scileanna a theastóidh agus na tacaíochtaí a dhéanamh an tseirbhís inbhuanaithe.

Tá difríocht idir cúram príomhúil a chur ar fáil i gceantair iargúlta agus seirbhísí a sholáthar i dtimpeallachtaí uirbeacha agus ar cheann de na bealaí cruthaithe chun Cleachtadh Ginearálta a dhéanamh níos inbhuanaithe tá soláthar traenála fochéime i gcúram sláinte tuaithe do dhochtúirí, d'altraí agus d'oibrithe sláinte ábhartha eile. D'fhéadfadh sé seo cohórt daoine leis na scileanna cuí a chur ar fáil a d'fhéadfadh oibriú ar róta sna ceantair tuaithe agus oileánda agus a gcuid scileanna á gcothú agus speisialtóireacht i gcúram sláinte tuaithe á forbairt. Is ról an-sínte atá i ról an dochtúra teaghlaigh ar oileán, agus d'fhéadfaí cur leis tuilleadh chun cúram riochtaí fadtréimhseacha agus cur chun cinn sláinte agus folláine a thabhairt san áireamh. Chaithfí Conradh nua a fhorbairt dó seo.

Ba chóir go ndéanfaí pleanáil chun tosaigh in am trátha chun poist a bheidh ar fáil amach anseo a líonadh. Dá n-earcófaí cúntóirí a mbeadh spéis acu dul ag obair ar oileán go fadtréimhseach, bheadh an t-am ann ansin a chinntiú go gcomhlíonfadh siad na critéir a theastaíonn do phost buan. Caithfear breathnú ar sholúbthacht maidir le dreasuithe do dhochtúirí teaghlaigh ar oileáin. I measc na ndreasuithe a d'fhéadfadh dochtúirí teaghlaigh oileánda tá soláthar tuarastail aontaithe agus ceart clúdaigh ionaid chun sosanna rialta a chinntiú.

Altraí Oileánda

Faoi láthair, cuireann PHN/RGN/PN cúram ar fáil d'othair le riachtanais chasta sláinte agus chúraim i gcomhthéacs pobail. Tá ról lárnach acu i seachadadh seirbhísí sláinte poiblí agus is príomhphointe teagmhála don phobal iad. Ní hionann obair an altra oileánda agus obair an PHN/RGN/PN ar an mórthír. Bíonn daonra i bhfad níos lú ar na hoileáin agus teastaíonn scileanna éagsúla. Bíonn róil bhreise ar go leor altraí sa phobal i dtaca le tacaíocht agus abhcóideacht agus oibríonn siad go dlúth leis na dochtúirí teaghlaigh. Caithfidh siad a bheith in ann oibriú as a stuaim féin agus a bheith níos neamhspleáiche ná altraí ar an mórthír. Teastaíonn oiliúint bhreise do ról an altra oileánda chun cur leis an ról agus chun scóip an chleachtaidh a thabhairt san áireamh. Ba chóir tabhairt faoi mheasúnú riachtanas i dtosach agus oiliúint bhreise a chur ar altraí chun na riachtanais sin a shásamh.

Caithfear sain-sonraí poist a fhorbairt d'Altra Oileánda le go mbeidh an meascán cuí scileanna ar fáil, chomh maith le deiseanna do chothú leantach na scileanna seo. Is gá chomh maith róil an Altraspeisialtóra Chliniciúil (CNS) agus an Ard-Altra Cleachtaidh (ANP) a fhiosrú tuilleadh do phobail oileánda. Leis an ról a dhéanamh inbhuanaithe ar oileán caithfear breathnú ar an ualach reatha oibre agus ar fhéidearthachtaí do ról breise maidir le bainistíocht riochtaí fadtréimhseacha agus le feabhsú sláinte. D'fhéadfaí obair eile na seirbhíse PHN a dhéanamh a dhéanamh i bhfoirm cian-oibre, rud a dhéanfadh an ról níos inbhuanaithe agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de. Baineann na fadhbanna céanna ó thaobh earcaíochta, coinneála agus íocaíochta leis na haltraí agus a bhaineann le dochtúirí teaghlaigh. Níor chóir go mbeadh aon oibrí sláinte ag obair faoi uaigneas ó thaobh rialachais agus ó thaobh freagrachta gairmiúla de^{33,34}.

Ó thaobh na n-oileánach deis é an rud is tábhachtaí na go mbeadh a seirbhís altranais cosanta ionas go mbeidh an t-altra ceangailte don oileán agus nach mbeidh éiginnteacht maidir leis an altra a bheith ar fáil. Chun é seo a bhaint amach, b'fhéidir go dteastódh cohórt altraí a bheadh in ann oibriú ar róta ar na hoileáin chun leanúnachas seirbhíse agus caomhnú scileanna a chinntiú.

Altraí Cleachtaidh

Bíonn ar an altra cleachtaidh réimse leathan gnáthamh altranais a sheachadadh, i gcomhar leis an dochtúir teaghlaigh. I measc na ndualgas a d'fhéadfadh a bheith ar altra cleachtaidh speisialaithe ar oileán tá seachadadh clár bainistíochta galar ainsealach agus seachadadh sainchlinicí, mar shampla pleanáil teaghlaigh. Is léir go raibh ról den chineál seo ina bhuntáiste mór don dá oileán a bhfuil altra cleachtaidh lonnaithe orthu.

Foireann Chúraim Phríomhúil

Áirítear ar an bhfoireann chúraim phríomhúil seirbhísí ar nós fisiteiripe, teiripe saothair, teiripe urlabhra agus teanga, diatéitice, seirbhísí fiacloireachta, alra meabhairshláinte pobail, poitigéara agus seirbhísí tacaíochta baile. Tá na seirbhísí seo ar fáil do gach othar incháilithe ar bhonn riachtanas measta. Má theastaíonn na seirbhísí seo ó othar, ba chóir go gcuirfí ar fáil iad chomh gar don bhaile agus is féidir ach i ndáiríre is minic a bhíonn ar othair taisteal chun na mórthír chun na seirbhísí seo a fháil.

Cúntóirí Cúraim Sláinte

Mar a luadh cheana sa tuarascáil seo tá éagsúlacht i gceist leis na hoileáin éagsúla maidir le fáil a bheith acu ar chúntóirí baile. Tá sé thar a bheith deacair earcú do sheirbhísí cúntóirí baile agus é a choinneáil. Faoi láthair, fostaítear roinnt cúntóirí baile trí ghníomhaireacht ach ba phróiseas ní ba sheasmhaí a bheadh ann dá n-earcófaí na cúntóirí go díreach trí FSS, dá ndéanfaí conarthaí socraithe a sholáthar do líon réamhshocraithe uaireanta agus dá gcuirfí le ról an chúntóra chúraim baile agus é/í ag freagairt go díreach d'altra an oileáin. Tá sé tábhachtach daoine a earcú go háitiúil mar gur mó an seans go mbeidh sé sin inbhuanaithe go fadtréimhseach.

Chuirfí go mór le seachadadh cúraim phríomhúil ar oileáin dá mbeadh cúntóirí cúraim sláinte ar an bhfoireann chúraim phríomhúil mar go dtabharfadh sé sin tacaíocht níos mó do sheandaoine agus go ndéanfaidh sé iad a chumasú le fanacht sa bhaile níos faide.

Níl áis fhadchónaitheach ach ar oileán amháin agus mar sin, mar nach féidir le daoine a chónaíonn ar na hoileáin a gcearta cúram cónaitheach fadtréimhseacha a fháil ar an oileán, bheadh níos mó solúbthachta i dtaca le soláthar tacaíochta cúraim bhaile ina réiteach cothrom. Thiocfadh an rogha seo le polasáí reatha na hÉireann ina moltar “dul in aois sa bhaile”^{14,15}.

Téama 6: Bonneagar**Bonneagar**

Úsáidtear an téarma ‘bonneagar’ le cur síos ar “na bunstruchtúir agus na bun-áiseanna fisiciúla agus eagraíochtúla (m.sh. foirgnimh, bóithre, soláthar chumhachta) a theastaíonn d’oibriúchán sochaí nó frontair”⁸¹.

Foirgnimh agus Áiseanna

Faoi láthair, tá éagsúlacht mór i mbonneagar fisiciúil na nIonad Cúraim Phríomhúil ó oileán go hoileán. Tá sain-ionaid ar chuid de na hoileáin, ach, mar shampla, úsáidtear ionad pobail ar Inis Bigil. Is é Rannóg Eastát FSS atá freagrach as gach áitreabh Cúraim Phríomhúil de chuid FSS. Cinntíonn an Rannóg Eastát go bhfuil na háiseanna ar fad feiliúnach agus a dhéanann cúram de chothabháil agus deisiúchán. Tá gealltanas faighte d’Ionad Sláinte nua ar Inis Bó Finne agus ar Árainn. Caithfidh gach áitreabh, más le FSS nó le gníomhaireacht eile é, a bheith feiliúnach dá chuspóirí agus rochtain a bheith ag an bhfoireann ildisciplíneach air. Ba chóir go mbeadh féidearthacht leathanbhanda ag gach áitreabh nua.

Beidh sé mar mholadh sa tuarascáil seo go ndéanfar athbheithniú ar na hIonaid Sláinte ar fad le cur lenár dtuiscint maidir le riachtanais bhonneagair agus chothabhála.

Trealamh

Tá éagsúlacht shuntasach sa trealamh a bhíonn ag Ionaid Sláinte ar an mórthír. Mar a luadh cheana, ní mar a chéile iad na seirbhísí dochtúra teaghlaigh a bhíonn ar fáil sna hoileáin éagsúla agus cuireann cuid de na dochtúirí teaghlaigh ar na hoileáin seirbhísí breise ar fáil ar nós mion-obráidí, uamadh agus críóiteiripe. Caithfear, ar a laghad, fardal buntrealaimh riachtanaigh a fhorbairt do na hoileáin, áfach. Do dhochtúirí teaghlaigh a bhfuil clinicí acu ar an mórthír agus a thugann cuairt ar na hoileáin, chuirfí feabhas ar an raon cúraim a d'fhéadfaidís a chur ar fáil dá mbeadh trealamh ar fáil don chlinic ar an oileán nó maoiniú ar fáil lena fháil, m.sh. meaisín ECG, trealamh uamtha.

Lóistín d'Fhoireann Chónaitheach

Cónaíonn cuid den fhoireann chúraim sláinte ar na hoileáin ar feadh tréimhsí. Caithfidh lóistín cuí agus feiliúnach a bheith ar fáil don fhoireann chónaitheach chúraim sláinte agus don fhoireann chlúdaigh. Is féidir go dteastódh lóistín breise sa gheimhreadh ar fhaitíos nach féidir taisteal de bharr drochaimsire.

Ríomh-Shláinte

Cuireann Ríomh-Shláinte agus teicneolaíocht deiseanna ar fáil chun seirbhísí a sheachadadh ar oileánaigh ar bhealaí nua^{68,70}. Ní féidir é a úsáid mar mhalairt ar chomhairliúcháin phearsanta agus ní oibríonn sé ach amháin nuair a fhorbraítear cosáin agus nósanna imeachta soiléire lena aghaidh, áfach. Caithfidh sé a bheith simplí agus éasca le húsáid agus caithfidh fíorluach a bheith leis d'othair agus do na hoibríthe araon. Braitheann forbairt Ríomh-Shláinte ar bhonneagar láidir, go háirithe i dtaca le ceangal leathanbhanda⁶⁹. Mar atá le feiceáil sna próifílí sláinte, tá éagsúlacht mhór ann idir na hoileáin maidir le líon na dtithe a bhfuil ceangal leathanbhanda acu, agus maidir le luas agus caighdeán an cheangail chomh maith. Tá sé fíorthábhachtach go ndéanfar dul chun cinn chun seirbhísí cuí leathanbhanda a chur ar fáil ar na hoileáin le go mbeidh seirbhís sláinte ar ardchaighdeán ar fáil do mhuintir na n-oileán.

Glórtha na nOileánach:

- *“Ba chóir cúrsaí teicneolaíochta a fheabhsú le gur féidir naisc físchomhdhála agus comhairliúcháin ar líne a úsáid”*
- *“Bheadh teicneolaíocht cosúil le Skype go maith don oileán mar b'fhéidir nach mbeadh orainn an oiread sin taistil a dhéanamh le haghaidh coinní cúraim sláinte”*

Is gá go mbeidh gach ionad cúraim príomhúil nasctha le córas líonraithe FSS. D'fheabhsódh a leithéid de ghníomh cúrsaí cumarsáide chomh maith agus b'fhéidir go gcuideodh sé leis an uaigneas gairmiúil. Tá geallúint tugtha go náisiúnta go bhforbrófar seirbhísí leathanbhanda i ngach ceantar tuaithe ach go háirithe agus beidh ról fíorthábhachtach aige seo le cur in aghaidh an uaignis shóisialta.



Coincheap úsáide Ríomh-Shláinte i dtaca le:

- Daoine aonair ag fáil eolais ó shuíomhanna cúraim sláinte agus ó shuíomhanna gréasáin tacaíochta d'othair chun othair a chumhachtú lena gcúram féin a bhainistiú.
- Cumarsáid le hoibrithe sláinte trí chóras líonraithe/ríomhphoist FSS.
- Cian-mhonatóireacht ar riochtaí fadtréimhseacha m.sh. diaibéiteas, cliseadh croí agus féidearthachtaí teilea-shláinte eile. Táthar ag tabhairt faoi thogra teilea-shláinte ar bhonn píolótach i nDún na nGall faoi láthair chun cian-mhonatóireacht a dhéanamh ar othair a bhfuil diaibéiteas orthu agus atá ag tosú amach ar theiripe insline. Tá an-rath ar an togra go dtí seo.
- Dochtúirí teaghlaigh agus PHN/RGN ag fáil sonraí digiteacha ó áiseanna treasacha; is féidir torthaí fola, ECG agus íomhánna a aistriú go leictreonach. Caithear fadhbanna a bhaineann le ballaí dóiteáin agus rochtain a réiteach.
- Rochtain ar shain-chomhairle trí fhíschomhdháil nó ríomhphost.
- Amach anseo, cuirfidh taifeadtaí leictreonacha othar feabhas ar chúrsaí cumarsáide idir fhoireann ildisciplíneach.

Téama 7: Riochtaí Dúshlánacha**Meabhairshláinte**

D'ardaigh idir oibrithe cúraim sláinte agus bhaill den phobal ceisteanna maidir le rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte. Ní bhaineann sé seo go sainiúil leis an saoil oileánda mar go mbaineann go leor de na ceisteanna seo le ceantair iargúlta tuaithe ar an mórthír chomh maith.

- Tréimhsí fada feithimh do shíceolaíocht, do theiripe chognaíoch iompraíochta agus d'fhoirne áitiúla meabhairshláinte.
- Dul i ngleic le géarchéim i meabhairshláinte duine fásta, páiste nó déagóra taobh amuigh de ghnáthuaireanta.
- Deacrachtaí rochtana ar shíciatracht do sheandaoine agus ar chomhairleoireacht alcóil.
- Cur chun cinn meabhairshláinte (mar chuid de chlár teacht aniar pobail) do gach aoisghrúpa le cur in aghaidh uaigneas féideartha, go háirithe i gcaitheamh an gheimhridh.
- Seirbhísí comhairleoireachta cúraim príomhúil atá inrochtana agus nach bhfuil ródhaor.
- Cosáin shoiléire atreoraithe chuig seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine le géar-riachtanais.
- Tacaíocht rialta, a bhféadfadh roghanna teilea-shláinte a bheith i gceist léi, do dhaoine atá ag déileáil le riocht fadtréimhseach meabhairshláinte.
- Tacaíocht do dhaoine breacaosta agus dá dteaghlaigh i mbainistiú riochtaí meabhairshláinte a bhaineann le haois, mar shampla néaltrú.

Riochtaí Fadtréimhseacha

Faoi láthair tá líonta éagsúlta daoine a bhfuil riochtaí fadtréimhseacha orthu ag cónaí ar na hoileáin. Tá daonra na hÉireann ina iomláine ag dul in aois agus leis sin bíonn níos mó galar fadtréimhseach ar dhaoine agus gá níos mó acu le cúram príomhúil⁴⁴. Is údar imní é seo do mhuintir na n-oileán ach go háirithe mar go bhfuil níos mó seandaoine sna pobail sin cheana féin arbh fhéidir nach bhfuil fáil éasca acu ar sheirbhísí cúraim phríomhúil.

Is dúshlán atá ann d’othar ar bith maireachtáil le riocht fadtréimhseach ach bíonn deacrachtaí breise i gceist do phobail oileánda:

- Bíonn sé níos deacra rochtain a fháil ar fhoireann níos leithne chúram phríomhúil mura bhfuil othair ar fócaimh agus má bhíonn a gcumas taistil laghdaithe.
- Faoi láthair, níl bainistiú riochtaí fadtréimhseacha san áireamh i gconarthaí do dhochtúirí teaghlaigh.
- Níl ach rochtain teoranta ar ghrúpaí tacaíochta agus ar eolas.
- Bíonn dúshlán i gceist le bainistíocht chógais, go háirithe nuair nach féidir brath ar an aimsir.
- Is ualach breise é ar na hothair má bhíonn orthu freastal ar choinní rialta nó breise do chúram príomhúil nó tánaisteach.
- Mura bhfuil cárta leighis ag othar, caithfidh sé íoc as gach seirbhís agus as an taisteal.

Cúram Réamhbhreithe

Go hidéalach, ba chóir go mbeadh an t-aonad máithreachais ar an eolas faoi mhná ar na hoileáin atá ag súil le páistí agus atá ag tarraingt ar an dáta tugtha. Teastaíonn pleanáil chúramach le sábháilteacht na máthar agus an linbh a chinntiú, agus caithfidh pleananna breithe a bheith ann ina dtugtar san áireamh na ceisteanna agus na deacrachtaí sainiúla a bhaineann le máithreacha a chónaíonn ar oileáin.

Bainistíocht Chógais

Teastaíonn rialachas soiléir do bhainistíocht agus infhaighteacht chógais, gnáthchógais, cógais thar an gcuntar agus cógais éigeandála, ar oideas nó gan oideas, i dtaca le pobail na n-oileán. Ní bhíonn an fháil chéanna ag daoine a chónaíonn ar oileáin nó a thagann ar cuairt ar oileáin ar phoitigéir agus a bhíonn acu siúd a bhfuil cónaí orthu ar an mórthír. Caithfear athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar oideasú, ar dháileadh agus ar thabhairt cógais ar na hoileáin, i gcomhar leis na hoibrithe ábhartha cúraim sláinte.

Téama 8: Idirphlé

Idirphlé le Cúram Tánaisteach/Treasach

Baineann sláinte, sa chiall is leithne den fhocal, le folláine iomlán fhisiciúil, intinne agus shóisialta⁸². Mar sin, bíonn earnálacha agus eagraíochtaí éagsúla i gceist chun sláinte a chothú. Ní bhaineann comhoibriú leis na gníomhaireachtaí eile seo le scóip na tuarascála seo, ach glactar leis gur bunriachtanas é chun sláinte an phobail a chur chun cinn.

I dtaca le seirbhísí sláinte, tá an-tábhacht leis na naisc idir cúram príomhúil agus cúram tánaisteach. Cuireann ospidéal áitiúla cúram ar fáil d’othair a bhfuil riochtaí fadtréimhseacha orthu, chomh maith le cúram pleanáilte agus cúram éigeandála. Oibríonn sé seo go han-mhaith i gcásanna áirithe agus bíonn na hothair agus na hoibrithe an-sásta leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil ach i gcásanna eile tagann fadhbanna chun cinn maidir le hamanna na gcoinní, easpa comhordaithe coinní agus clinicí a bheith á gcur ar ceal ar fhógra gairid. Caithfear a aithint go dtarlaíonn go leor de na fadhbanna seo d’othair a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta agus tuaithe ar an mórthír, ach baineann deacrachtaí breise leo dóibh siúd a chónaíonn ar na hoileáin.

Glórtha na nOileánach:

- ***“Ba chóir go gceapfaí ball foirne i ngach ceantar FSS le feidhmiú mar phointe teagmhála do na hoileánaigh nuair a thagann deacrachtaí chun cinn”***

Caithfear a thabhairt san áireamh sna cosáin chumarsáide agus sna cosáin chúraim na saindúshláin a bhaineann le freastal ar choinní agus coinní a chomhordú nuair a bhítear ag brath ar an gcóras iompair phoiblí. Caithfear coinní a shocrú ar fhógra sách fada chun socruithe taistil agus lóistín a dhéanamh lena n-aghaidh. Is ceist mhór eile í pleanáil d’othair atá le scaoileadh amach as ospidéal mar go gcaithfear socruithe a dhéanamh leis na hothair a thabhairt amach as an ospidéal agus ar ais go dtí an t-oileán. Teastaíonn tuilleadh socruithe ansin d’aon chúram leantach nach mbíonn ar fáil ag an deireadh seachtaine nó a dteastaíonn tuilleadh comhordaithe uaidh.

I gcás othar cónaitheach, seandaoine leochaileacha ach go háirithe, d’fhéadfaí breis taistil a sheachaint trí athbhreithniú a dhéanamh ar choinní atá ag teacht aníos agus an t-othar cheana féin san ospidéal. Bhíodh seirbhís for-rochtana ar fáil ina dtugadh geiriatriathe cuairt ar sheandaoine sa bhaile mura mbeidís in ann taisteal. Cuireadh deireadh leis an tseirbhís seo i roinnt mhaith ceantar mar gheall ar an ualach oibre atá ar na hoibrithe. D’fhéadfaí an bhearna seo sa tseirbhís a líonadh trí geiriatraí pobail a cheapadh. Déanfar moladh go dtabharfar cuireadh d’ionadaithe ó chúram tánaisteach a bheith páirteach i bhfoirne pleanála áitiúla d’oileáin.

Téama 9: Cúairteoirí agus Acmhainneacht Bhorrtha

Cúairteoirí ar na hOileáin


Tagann méadú mór ar dhaonra go leor oileán, go háirithe i gcaitheamh an tsamhraidh, mar gheall ar an turasóireacht. Mar thoradh ar rath Shlí an Atlantaigh Fhiáin, tagann go leor cúairteoirí chuig iarthar na hÉireann agus bíonn séasúr na turasóireachta níos faide anois ná a bhíodh. Déanann acmhainní breise ar nós na cé nua i nDúlainn níos éasca é do chúairteoirí cuairt a thabhairt ar na hoileáin. Is cuid thábhachtach é seo de gheilleagar na n-oileán é seo. I gceantar ar bith, áfach, is féidir go gcuirfeadh méadú mór tobann sa daonra brú ar sheirbhísí agus is féidir go dtiocfadh méadú ar líon na dtimpistí agus na dtinneas dá bharr, rud a fhágann ualach do-bhainistithe oibre ar an bhfoireann. Ar an drochuair, níorbh fhéidir figiúirí cruinne do líon na gcúairteoirí a fháil don tuarascáil seo. Sa bhliain 2015, rinne na seirbhísí bád farantóireachta atá á maoiniú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta taifead ar 245,000 cúairteoir go dtí na hoileáin mar a léirítear i dTábla 12 thíos. Ní áirítear sna figiúirí seo comhlachtaí príobháideacha bád farantóireachta, seirbhísí aeir ná daoine a thaistil ar bháid príobháideacha. Meastar (bunaithe ar thuilleadh agus ar rialtacht na mbád farantóireachta) gur thug suas le 200,000 duine cuairt ar Inis Oírr in 2016 agus go dtugann suas le 2,500 duine in aghaidh an lae cuairt ar Árainn le linn an phríomhshéasúir turasóireachta. Thug 132,233 duine cuairt ar Dhún Aonghasa ar Árainn in 2016. Is é 2,846 daonra iomlán na n-oileán mar sin fiú le meastachán coimeádach de 245,000 cúairteoir in aghaidh na bliana bheifí ag caint ar mhéadú 8,600% ar líon na ndaoine ar na hoileáin.

Tábla 12: Líon na nDaoine a tugadh isteach ar Bháid Farantóireachta Fóirdheonaithe in 2015

2015	Seoltaí	Oileánaigh	Eile	Iomlán
Dún na nGall				
Toraigh	1,532	5,456	8,313	13,769
Árainn Mhór	4,803	21,484	38,832	60,316
	6,335	26,940	47,145	74,085
Maigh Eo				
Inis Bigil	722	1,644	919	2,563
Inis Toirc	1,017	4,158	4,474	8,632
Cliara	1,325	8,632	9,316	17,948
	3,064	14,434	14,709	29,143
Gaillimh				
Inis Bó Finne	1,365	10,741	34,610	45,351
Inis Oírr/Inis Meáin	1,417	24,153	26,847	51,000
	2,782	34,894	61,457	96,351
Corcaigh				
An tOileán Mór	8,698	37,169	31,844	69,013
Inis Arcáin	5,398	17,132	41,754	58,886
Faoide	3,245	5,845	7,473	13,318
Oileán Chléire	1,877	11,369	29,020	40,389
Inis Fada	816	992	719	1,711
Inis Uí Drisceoil	4,424	3,347	10,765	14,112
	24,458	75,854	121,575	197,429
Iomlán	36,639	152,122	244,886	397,008

Buíochas leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta as na figiúirí. In 2015, níor cuireadh seirbhísí ar fáil ach amháin do Inis Oírr agus Inis Meáin, le hoibreoirí príobháideacha ag feidhmiú an mbealach go Inis Mór

Figiúr 2: Líon Cuairteoirí isteach agus amach ó na hOileáin Árann via Eitleán in 2015



Feidhmíonn Comhairle Contae Chorcaí seirbhís charranna cábla go hOileán Baoi agus chuir siadsan líon cruinn na gcuariteoirí go dtí an t-oileán in 2015. Bhí triúr ina gcónaí ar an oileán agus b'ionann líon na gcuariteoirí agus 12,234 duine. Arís eile, leagann a figiúr seo béim ar líon suntasach na gcuariteoirí féideartha go dtí an t-oileán. Tá Coláistí Samhraidh Gaeilge ar chuid de na hoileáin chomh maith a mbíonn scoláirí ag freastal orthu i gcaitheamh an tsamhraidh agus ag fanacht iontu ar feadh cúpla seachtain.

Acmhainneacht Bhorrtha

Cruthaíonn an t-athrú i líon na gcuariteoirí dúshláin do chúram sláinte de bharr go gcuirtear leis an riosca go dtarlóidh timpistí nó go mbuailfidh tinneas tromchúiseach duine. Is tomhas atá in acmhainneacht bhorrtha ar acmhainneacht na seirbhíse déileáil le borradh tobann i líon na n-othar⁸³. Braitheann sé sin ar chóras feidhmiúil agus athróga lena n-áirítear spás, soláthairtí, foireann agus aon chúinsí speisialta ar nós taistil⁸³. Le plé ceart a dhéanamh ar acmhainneacht bhorrtha caithfear ar dtús sonraí cruinne a fháil maidir le líon cuairteoirí agus is moladh é seo don todhcháí. Má bhailítear sonraí cruinne ar líon cuairteoirí agus más féidir acmhainneacht bhorrtha a mheas beifear in ann tabhairt faoi phleanáil chúí teagmhais do gach oileán.

Caithfear athbheithniú a dhéanamh ar líon foirne don samhradh agus is féidir go dteastóidh dochtúir, altra agus cúntóirí cúraim sláinte ó na hoileáin is gnóthaí le cúnaimh a thabhairt le linn an tséasúir turasóireachta. D'fhéadfaí Teicneoir Míochaine Éigeandála (EMT) a chur ar fáil do na hoileáin mhóra chomh maith le linn na míonna is gnóthaí den samhradh. Caithfear breathnú ar acmhainneacht bhorrtha sna hIonaid Sláinte chomh maith le cinntiú go bhfuil dóthain spáis chomhairliúcháin ann do líon níos airde othar.

8.2 Conclúid

Fuarthas léargas fíorthábhachtach le linn an phróisis chomhairliúcháin ar na dúshlán a bhaineann le seirbhís chúraim príomhúil do na hoileáin atá cothrom agus ar ardchaighdeán. Is léir go bhfuil gnéithe dearfacha go leor ag baint leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil faoi láthair agus go bhfuil sé an-tábhachtach do na hoileánaigh. Ní hí an tseirbhís chéanna í a chuirtear ar fáil ar na hoileáin ar fad, áfach, agus aithnítear sa chaibidil seo go leor réimsí ina bhféadfaí an tseirbhís a fheabhsú. Léiríodh sa phróiseas comhairliúcháin gur seirbhís cineál ilroinnte agus frithghníomhach atá ann, nach féidir brath uirthi i gcónaí, ina bhfuil oibrithe cúraim sláinte oileánda ag obair go dian dícheallach chun seirbhís iomlánaíoch ar ardchaighdeán a chur ar fáil in ainneoin na heaspa acmhainní cuí.

Mar gheall ar na deacrachtaí a thugtar chun solais thuas, ní coinníollacha tarraingteacha oibre a bhíonn i gceist agus is dócha go mbeidh dúshlán i gceist le hearcú agus le coinneáil foirne dá bharr sin go rachfar i ngleic le chuid de na gnéithe seo den tseirbhís. Mar bharr air sin, caithfear tacú le pobail na n-oileán a gcearta maidir le rochtain níos éasca ar chúram sláinte a bhaint amach. Moltar cur chuige le foireann solúbtha ildisciplíneach chúraim príomhúil a dhéanann cumarsáid oscailte agus a bhfuil cosáin aontaithe chúraim aici le cúram tánaisteach agus a bhfuil tacaíocht aici i bhfoirm bonneagair agus acmhainní cuí.



**Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán Aibreán 2017**

Caibidil 9

**Conclúidí, Príomhtheachtaireachtaí
agus Moltaí**

Caibidil 9

9.0 Conclúidí, Príomhtheachtaireachtaí agus Moltaí

9.1 Conclúidí

Is é príomhspríoc an chúraim sláinte phríomhúil sláinte níos fearr a chothú do chách⁸⁴.

Déanann an WHO cur síos ar na gnéithe riachtanacha chun an spríoc seo a bhaint amach, lena n-áirítear oibriú chun eisiámh sóisialta agus éagothromaíocht sláinte a laghdú trí chlúdach uilíoch sláinte a chur ar fáil, trí sheirbhís a sholáthar a bhfuil rochtain éasca air, atá othar-lárnach agus comhtháite le hearnálacha eile cúraim sláinte agus shóisialta, seirbhís atá ar son feabhsuithe sláinte agus a dhéanann othair a chumhachtú chun aire a thabhairt dá sláinte féin nuair is féidir⁸⁴.

Tá go leor seirbhísí cúraim príomhúil ar na hoileáin a chuireann seirbhís den scoth ar fáil. Tá seirbhísí ann chomh maith a dteastaíonn tuilleadh forbartha uathu. Is bunús é an tuarascáil seo do phlean a rachaidh i ngleic leis na ceisteanna a ardaíodh le linn an phróisis chomhairliúcháin. Ceapadh na moltaí sa chaibidil seo chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a aithníodh le linn an phróisis chomhairliúcháin agus téann plan feidhmithe do Bhliain 1 leo le cinntiú go ndéanfar dul chun cinn cuí chun seirbhís sláinte d'ardchaighdeán a chur ar fáil do phobail na n-oileán.

Is gá fíis a chur ar fáil d'fhorbairt chúraim sláinte inbhuanaithe do phobail ár n-oileán. I measc na ndúshlán a gcaithfear tabhairt fúthu tá riachtanais atá ag éirí níos casta in imeacht ama agus nádúr athraithe cúraim.

9.2 Moltaí

Teastaíonn comhoibriú idir go leor rannóg agus pobal éagsúil le cur chuige éifeachtach agus ciallmhar i leith shláinte agus fholláine phobail na n-oileán a fhorbairt.

Moltaí:

- Go dtabharfaí cás na n-oileán san áireamh i bpolasaithe rialtais le cinntiú go mbreathnaítear ar an tionchar a bheidh acu ar mhuintir na n-oileán.
- Go dtabharfaí Fóram Náisiúnta le chéile a mbeidh faoina chúram moltaí na tuarascála seo a chur i bhfeidhm. San áireamh ar an bhfóram seo beidh ionadaithe ó na hoileáin, idir bhaill den phobal agus oibríthe cúraim sláinte a chónaíonn ar na hoileáin, ó na rannóga cuí rialtais, ó FSS agus ó fhorais ábhartha eile.
- Go gcuirfí i Plean Bliantúil Seirbhíse Náisiúnta FSS feasta spríocanna sonracha a bhaineann le seachadadh agus forbairt seirbhísí do na hoileáin, lena n-áirítear gníomhartha chun moltaí an athbhreithnithe seo a chur i bhfeidhm.

9.3 An Ghaeilge

Aithníonn FSS tábhacht na Gaeilge sa timpeallacht chultúrtha faoi leith ina maireann pobail na n-oileán agus léiríonn sí meas uirthi.

Moltaí:

- Go n-aontóidh FSS scéim teanga de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
- Go gcuirí seirbhísí cúraim phríomhúil ar fáil trí Ghaeilge dóibh siúd a dteastaíonn siad uathu.
- Moltar acmhainní seirbhísí (m.sh. uirlisí measúnaithe) i nGaeilge a fhorbairt.
- Teastaíonn ó gach suíomh cúraim sláinte liosta na ndaoine atá ar fáil a bhfuil Gaeilge acu, go háirithe sa chás go mbíonn ceantar Gaeltachta faoi chúram na foirne cúraim sláinte.

9.4. Eagraíochtaí Sláinte Pobail (CHO) agus Grúpaí Ospidéal/Cúraim Chomhtháite

Tá seirbhísí den scoth á gcur ar fáil do roinnt mhaith oileán ag grúpaí ospidéal agus cúraim phríomhúil ach teastaíonn comhtháthú níos fearr.

Moltaí:

- Bunófar fóraim áitiúla idirghníomhaireachta i CHO* ar a mbeidh ionadaithe ó phobal oileánda, FSS (an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna san áireamh), Dochtúirí Teaghlaigh, Altraí Oileánda, Údaráis Áitiúla, Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (INRBT), an Garda Cóstá, an Garda Síochána agus an tSeirbhís Dóiteáin. Beidh ar na fóraim seo na pleananna a eascróidh as an athbheithniú seo agus as an bhfóram náisiúnta a chur i bhfeidhm agus beidh siad freagrach do Phríomhoifigeach an CHO.
- Cuirfear seirbhísí cúraim phríomhúil ar fáil ar na hoileáin de réir riachtanas measta cliniciúil agus de réir incháilitheachta. Beidh eolas faoi na seirbhísí seo ar fáil go forleathan do dhaoine a chónaíonn ar na hoileáin agus do na hoibrithe ábhartha cúraim sláinte a bheidh i gceist.
- Go gcuirfidh pearsanra FSS riachtanais sláinte phobail na n-oileán chun cinn trí fhóraim reatha idirghníomhaireachta, lena n-áirítear na Coistí Áitiúla Forbartha Pobail.

**Sa chás go gcuimsíonn CHO pobail oileánda*

9.5. Pleanáil Fórsa Saothair

Caithfear tús áite a thabhairt do phleanáil chun tosaigh do sholáthar fórsa saothair cuí agus ard-oilte amach anseo.

Dochtúirí Teaghlaigh:

- Ba chóir do Choláiste Dochtúirí Teaghlaigh Éireann (ICGP) agus FSS oibriú i gcomhar le dochtúirí teaghlaigh oileánda chun riachtanais oiliúna do dhochtúirí teaghlaigh a aithint agus ba chóir go mbeadh an raon leathan seirbhísí a chaithfidh dochtúirí teaghlaigh a chur ar fáil do phobail oileánda a bheith le feiceáil i gcuraclam oiliúna na ndochtúirí teaghlaigh.
- Caithfear tacaíocht cuí ó thaobh clúdaigh de a chur ar fáil do dochtúirí teaghlaigh le gur féidir leo saoire a thógáil agus freastal ar oiliúint leanúnach ar bhonn rialta. Caithfear soláthar róta do na dochtúirí teaghlaigh ábhartha a thabhairt san áireamh sa phleanáil.
- Ba chóir rannpháirtíocht dochtúirí teaghlaigh i bhFoirne Cúraim Phríomhúil ar oileáin a mholadh agus tacú leis.
- Ba chóir pleanáil do chúram leanúnach dochtúra teaghlaigh do dhaoine a chónaíonn ar oileáin agus acmhainní cuí a chur ar fáil dó trí phleanáil fórsa saothair.

Altranais:

- Forbrófar sain-sonraí poist d'Altra Sláinte Pobail Oileánda (PHN) chun ról nua altranais a aithint mar fhreagra ar riachtanas cruthaithe. Forbrófar an post seo chun cur le ról an altra i bhfeabhsú seachadta seirbhíse cúraim phríomhúil.
- Tabharfar san áireamh i sonraí poist an altra oileánda sainriachtanais na bpobal oileánda agus a suíomh tíreolaíochta, an t-uaigneas gairmiúil agus sóisialta a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus na dúshláin a bhaineann le taisteal go dtí an t-oileán i gcaitheamh na bliana.
- Caithfidh an ról a bheith inbhuanaithe agus i gcás na n-oileán beag b'fhéidir go gcaithfeadh solúbthacht a bheith ann chun dualgais na seirbhíse PHN a chomhlíonadh ar an oileán.
- Go bhforbrófar sainchlár oiliúna d'altraí oileánda i gcomhar leis na hAonaid Phleanála agus Forbartha Altranais agus Cnáimhseachais.
- Teastaíonn athbhreithniú ar rialachas agus ar chothú scileanna altraí oileánda.
- Caithfidh clúdach ionaid a bheith ar fáil le go mbeidh an t-altra in ann freastal ar laethanta oiliúna agus maoirseacht a chothú.
- Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar rialachas maidir le riachtanais oibríthe aonair agus ba chóir go mbeadh tacaíocht shásúil ó bhainistíocht shinsearach ar fáil go héasca i gcás tinnis/suíomhanna deacra.

Foireann Chúraim Phríomhúil (PCT):

- Ba chóir go seachadfadh Foireann Chúraim Phríomhúil cúram príomhúil do phobail oileánda.
- Ba chóir go dtabharfadh an Fhoireann Chúraim Phríomhúil faoi ghníomhaíochtaí ar na hoileáin chun sláinte agus folláine a chur chun cinn agus chun feasacht a ardú ar sheirbhísí.
- I gcás Foirne Cúraim Phríomhúil a bhfuil oileáin faoina gcúram acu, ba chóir go mbreathnófaí ar fhéidearthachtaí le cruinnithe a réachtáil ar an oileán go tráthrialta.
- Breathnóidh FSS ar earcú agus ar oiliúint Cúntóirí Cúraim Sláinte (HCA) ar oileáin le hoibriú mar chuid d'fhoireann leis an tseirbhís oileánda altranais.
- Ba chóir conradh ar uaireanta seasta a bheith ag HCA ach le sainchúram níos leithne ná mar a bhíonn ach HCA ar an mórthír.
- Ba chóir grúpa HCA a thraenáil agus a chur ar fáil le tacaíocht chuí a chinntiú do mhuintir na n-oileán.

9.6. Teacht Aniar an Phobail

Tá FSS tiomanta d'oibriú le muintir na n-oileán chun a gcuid sláinte agus folláine a fheabhsú trí phlé gníomhach a bheith aici leo agus trí oibriú i gcomhpháirtnéireacht le heagraíochtaí forbartha pobail atá cheana féin ag feidmiú ar na hoileáin.

Moltaí:

- Forbróidh agus cuirfidh FSS i bhfeidhm plean i gcomhpháirt le pobail aonair oileánda chun sláinte agus folláine na bpobal oileánda a chur chun cinn, bunaithe ar riachtanais aitheanta, ar chlár tosaíochtaí náisiúnta agus ar spriocanna Éire Fholláin.
- Oibreoidh FSS le pobail oileánda chun cur le cumas teacht aniar an phobail le cinntiú gur féidir cúram a dhéanamh de dhaoine chomh gar don bhaile agus is féidir.

San áireamh anseo beidh iarrachtaí chun:

- ⚡ Deiseanna a aithint do phobail oileánda chun oiliúint a fháil i mbuntacaíocht beatha/CPR/láimhseáil/cúram tnútháin/bainistíocht riochtaí fadtréimhseacha.
- ⚡ Traenáil agus rialachas leanúnach do Scéim Chéad Fhreagróirí Phobail a fhorbairt, a spreagadh, a chur ar fáil agus tacú leis.
- ⚡ Comhordaitheoir do Scéim Chéad Fhreagróirí Phobail a earcú.

9.7. Tacaíocht Féin-Bhainistíochta

Spreagann féin-bhainistíocht riochtaí fadtréimhseacha teacht aniar. Caithfidh Líonraí Cúraim Phríomhúil tacú le daoine aonair, iad a chur chun cinn agus a spreagadh, chun a riochtaí féin a bhainistiú. Tá clár oideachais ar fáil do dhaoine chun a dtuiscint ar a riocht áirithe féin agus a gcumas an riocht sin a bhainistiú a fheabhsú. Tá grúpaí deonacha agus grúpaí tacaíochta ar fáil go forleathan agus tríd an idirlíon.

Moltaí:

- Ba chóir go dtacódh an córas cúraim i bpobail oileánda le féin-chúram, ba chóir go n-aithneofaí riachtanais sláinte atá ag teacht chun cinn chun géarchéimeanna galar ainsealach a sheachaint agus le go mbeidh ar a chumas freagairt do chásanna éigeandála.
- Tacóidh Foirne Cúraim Phríomhúil le daoine aonair a bhféin-chúram féin a bhainistiú.

9.8 Ríochtaí Fadtréimhseacha

Is minic a chuirtear daoine isteach san ospidéal mar thoradh ar riochtaí fadtréimhseacha, m.sh. galar riospráide, diaibéitis agus riochtaí croí. D'fhéadfaí cuid de seo a sheachaint dá ndéanfadh foireann ildisciplíneach monatóireacht rialta ar na riochtaí seo, agus géarchéimeanna cliniciúla a sheachaint dá bharr. Faoi láthair, ní áirítear bainistíocht riochtaí fadtréimhseacha ar chonradh GMS do dhochtúirí teaghlaigh.

Moltaí:

- Forbrófar córas comhtháite idir cúram príomhúil, tánaisteach agus treasach chun cosáin sheasmhacha cúraim a thabhairt isteach do bhainistíocht riochtaí fadtréimhseacha.

9.9. Meabhairshláinte

Is féidir go gcruthódh cúrsaí meabhairshláinte fadhb shuntasach do dhaoine iargúlta atá ag dul in aois. Ba chóir go gcuirfí le tacaíochtaí síceolaíochta mar chuid den chúram príomhúil agus de réir mar a fhorbraíonn FSS postanna mar Síceolaithe Cúnta ba chóir breathnú ar phobail na n-oileán. Tá ról an Ard-Altra Cleachtaidh i gcúrsaí meabhairshláinte sa phobal á fhiosrú chomh maith.

Moltaí:

- Ba chóir do tabharfaí tús áite do chur chun cinn meabhairshláinte i bpobail oileánda.
- Ba chóir go gcuirfí le tacaíochtaí síceolaíochta mar chuid de chúram príomhúil.
- Ba chóir go gcuirfí tacaíocht ar fáil ar an oileán, chomh fada agus atá indéanta, do dhaoine a bhfuil riochtaí fadtréimhseacha meabhairshláinte orthu.

9.10. Cúram Tnútháin

Tá fianaise anna léiríonn gurb é an chúis is mó a gcuirtear daoine isteach in ospidéal phobail ná le haghaidh athshlánaithe tar éis dóibh titim nó mar chúram tánaisteach ar ghalar ainsealach bacúil na bhfeadán anála. D'fhéadfadh measúnú agus idirghabháil choiscithe titime an riachtanas seo a laghdú agus laghdódh úsáid athshlánaithe scámhógaigh an gá atá le hothair a chur isteach sna hospidéal chomh maith.

Moltaí:

- Ba chóir go mbeadh sainphleananna gnímh do shláinte ar oileáin ag na CHO agus ag na Grúpaí Ospidéal a bhfuil oileáin faoina gcúram acu le cúram comhtháite a chinntiú d'othair a bhfuil riochtaí fadtréimhseacha orthu.
- Caithfear pleananna cúraim réamhbhreithe a fhorbairt i gcomhar le máithreacha atá ag súil le páistí go luath sa toircheas.

9.11. Cúram Pleanáilte

Tá tábhacht faoi leith le dochtúirí teaghlaigh agus le PHN/RGN in atreorú othar atá sa líonra cúraim príomhúil chuig seirbhísí ar nós teiripe saothair, seirbhísí meabhairshláinte, fisiteiripe, srl. Tá an dochtúir teaghlaigh riachtanach d'atreorú chuig seirbhísí tánaisteacha agus treasacha chomh maith.

Ba chóir go mbeadh cosáin aontaithe chúraim ar fáil do gach othar agus go gcuirfí seirbhísí ar fáil ar bhealach comhtháite agus chomh háitiúil agus is féidir. Má bhíonn cúram in áis thánaisteach nó threasach ag teastáil ba chóir machnamh a dhéanamh ar choinní a chomhordú agus rochtain a éascú ó thaobh sceideal taistil de.

Moltaí:

- Ba chóir go rachfaí i ngleic le sainriachtanais na ndaoine a chónaíonn ar oileáin i dtaca le coinní sláinte agus ospidéal.
- Caithfidh Ospidéal agus Foirne Cúraim Phríomhúil athbheithniú a dhéanamh ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do phobail oileánda, ag tabhairt san áireamh deacrachtaí taistil agus an gá le pleanáil chun tosaigh.

9.12. Cúram Éigeandála

Ba chóir go mbeadh cosáin shoiléire agus ghonta do ghéarthinneas agus do chúram éigeandála ar fáil do gach oileáin, d'oileánaigh agus do chuariteoirí araon. Tá sé riachtanach i dtaca le cúram éigeandála go bhféadfaí cúram a sholáthar ar an spota agus an t-othar a thabhairt amach ón oileán go tráthúil agus go sábháilte dá mba ghá.

Moltaí:

- Ba chóir go mbeadh Polasaí Aslonnaithe Leighis atá sainiúil, cothrom le dáta agus caighdeánach ag gach oileán, forbartha ag Oifigeach Idirchaidrimh Aeraileighis na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna.
- Cuirfear eolas poiblí maidir le nósanna imeachta éigeandála in airde go feiceálach do gach duine a chónaíonn ar na hoileáin nó a thugann cuairt orthu.
- Ba chóir go mbeadh plan mórthimpiste faoi leith ag gach oileán agus go ndéanfadh na príomhpháirtithe leasmhara freastal ar chleachtadh rialta.
- Reáchtálfaidh Oifigeach Idirchaidrimh Aeraileighis na Seirbhíse Otharcharranna gnáthsheisiúin rialta faisnéisithe le hoibrithe sláinte agus le pobail na n-oileán maidir le aslonnuithe éigeandála a tharla.
- Tabharfar faoi iniúchadh bliantúil ar aslonnuithe éigeandála ó na hoileáin.
- Ba chóir go mbeadh fáil rialta ag oibrithe sláinte a oibríonn ar na hoileáin ar thraenáil agus ar uasoiliúint rialta i mbainistíocht éigeandálaí leighis agus aslonnuithe leighis.
- Cuirfear tús le plé ar iompar othar chuig láithreacha aslonnaithe leighis.

9.13. Cúram taobh amuigh de Ghnáthuaireanta

Caithfear cúram taobh amuigh de ghnáthuaireanta a chur ar fáil chomh háitiúil agus is féidir. Tá idirbheartaíocht leanúnach ar siúl chun athbheithníú a dhéanamh ar an gconradh do dhochtúirí teaghlaigh agus ar na ceanglais taobh amuigh de ghnáthuaireanta. Ba chóir tacaíocht faoi leith a chur ar fáil do dhochtúirí teaghlaigh ar oileáin le tabhairt san áireamh na dúshlán shainiúla a bhíonn rompu agus na ceanglais mhóra a bhíonn orthu taobh istigh agus taobh amuigh de ghnáthuaireanta.

Moltaí:

- Go ndéanfaí an cosán do bhainistíocht sheirbhís an dochtúra teaghlaigh taobh amuigh de ghnáthuaireanta a shoiléiriú. I gceantair ina mbíonn seirbhís taobh amuigh de ghnáthuaireanta ba chóir gurbh é seo an chéad phointe teagmhála.

9.14. Ríomh-Shláinte

Braitheann forbairt Ríomh-Shláinte ar bhonneagar láidir inar féidir teicneolaíocht leathanbhanda a úsáid do nascacht. Mar a fheictear sna próifílí sláinte, athraíonn líon na dtithe a bhfuil leathanbhanda acu go mór ó oileán go hoileán. Chomh maith leis sin, bíonn éagsúlacht mhór i luas an naisc agus i gcaighdeán na nascachta. Tá ceanglas náisiúnta ann seirbhísí leathanbhanda a fhorbairt, go háirithe i gceantair tuaithe.

Moltaí:

- Aithníonn FSS an gá atá le nascacht chúí leathanbhanda do na hoileáin agus oibreoidh sí leis an gníomhaireachtaí ábhartha le cinntiú go ndéantar tosaíocht de seo ar bhonn náisiúnta chun seachadadh cúraim sláinte a fheabhsú.
- Oibreoidh FSS i dtreo seirbhísí teili-leighis a fhorbairt do na hoileáin d'fhonn:
 - ∴ Seachadadh comhairliúcháin físchomhdhála a éascú.
 - ∴ Gléasanna a chur ar fáil a éascaíonn cian-mheasúnú agus a fheabhsaíonn seachadadh seirbhísí ar na hoileáin, ag teacht le dea-chleachtais.
 - ∴ Oibriú ildisciplíneach a fheabhsú
 - ∴ Oiliúint agus oideachas ar líne a chur ar fáil.
- Oibreoidh FSS leis na gníomhaireachtaí cuí chun feabhas ar chlúdach gutháin a chur chun cinn.
- Cuirfidh FSS tacaíocht chúí theicneolaíoch ar fáil do gach Oibrí Cúraim Phríomhúil atá ag cur seirbhísí ar fáil ar oileáin, lena n-áirítear rochtain ar líonra FSS, ríomhphost, facs, guthán agus gléasanna móibíleacha.
- Tacófar agus cuirfear le hoibriú i bhFoireann Ildisciplíneach Chúraim Phríomhúil trí roghanna teili-leighis a fhorbairt (m.sh. físchomhdháil, Skype) agus trí roinnt cruinnithe a réachtáil ar na oileáin gach bliain.
- Beidh rochtain ag Foirne Cúraim Phríomhúil atá ag obair ar na hoileáin ar taifeadtaí roinnte leictreonacha. Mar gur féidir nach bhforbrófar taifeadtaí leictreonacha go ceann tamall eile, breathnófar ar fhorbairt taifeadtaí i seilbh an othair.

9.15. Bonneagar Fisiciúil

Faoi láthair, athraíonn bonneagar fisiciúil na nIonad Sláinte go mór ó oileán go hoileán. Ba chóir go mbeadh gach áitreabh feiliúnach dá chuspóirí agus go mbeadh fáil ag an bhfoireann ildisciplíneach air. Ba chóir go mbeadh acmhainneacht leathanbhanda in aon áitreabh nua.

Moltaí:

- Ba chóir go ndéanadh FSS athbhreithniú ar a háiseanna cúraim phríomhúil ar na hoileáin agus tús áite a thabhairt dá pleananna caipitil le áitribh saintógtha a thabhairt san áireamh, ag obair i gcomhar le hÚdarás Áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun áiseanna a roinnt.
- Ba chóir go mbeadh gach áitreabh de chuid FSS feiliúnach dá chuspóirí.
- Agus ionaid nua chúraim phríomhúil á bhforbairt ar oileáin áirithe, breathnóidh FSS ar sholáthar lóistín do dochtúirí teaghlaigh clúdaigh agus d'altraí.
- Cuirfeadh feabhas ar an lóistín atá ar fail d'altraí agus d'altraí clúdaigh a chuireann seirbhís 24/7 ar fail ar na hoileáin, déanfar é a chaighdeánú agus cuirfeadh idirlíon ar fáil ann.
- Le comhairliúchán ó na Foirne Cúraim Phríomhúil oileánda, forbrófar fardal caighdeánach de threallamh riachtanach a theastaíonn ó ionaid sláinte aonair.
- Forbrófar ionaid nua chúraim phríomhúil ar Inis Bó Finne agus ar Árinn.
- Tabharfar san áireamh in aon ionad cúraim phríomhúil d'oileán forálacha breise do chásanna cúraim éigeandála.
- Déanfar measúnú ar an ngá atá le gineadóir taca i gcás gearrthaí fada cumhachta do gach ionad cúraim phríomhúil ar oileán.
- Déanfaidh an grúpa áitiúil idirghníomhaireachta athbhreithniú ar shocruithe taistil othar ar oileáin i gcomhar leis an gComhlacht cuí Iompair Tuaithe.

9.16. Bainistíocht Chógais

Caithfidh rialachas soiléir a bheith ann d'infhaighteacht agus bainistíocht chógais; gnáthchógais, cógais éigeandála agus cógais thar an gcuntar, ar oideas nó gan oideas, i gcás phobail na n-oileán.

Moltaí:

- I gcás na n-oileán a bhfuil seirbhís altranais 24/7 acu ach nach bhfuil dochtúir teaghlaigh cónaitheach acu, forbrófar ról an altra oileánda i gcur i bhfeidhm prótacail do dháileadh cógas. San áireamh anseo beidh liosta caighdeánach cógas a bheidh ar fáil agus rialachas inghlactha maidir le hoideas a fháil ar fhacs ón dochtúir teaghlaigh agus dáileadh an altra ina dhiaidh sin.
- Bainfear úsáid as poitigéirí pobail chun an próiseas soláthair chógais do riochtaí fadtréimhseacha agus d'oidis leantacha a dhéanamh níos éifeachtaí.
- Breathnófar ar ról an altra oideasóra i bhforbairt sonraí poist d'altra oileánda.
- Rachfar i ngleic le fhadhbanna a bhaineann le cúram tnútháin i dtaca le cógais thar an gcuntar agus oidis leantacha trí chlár teacht aniar an phobail.

9.17. Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse le Gníomhaireachtaí Seachtracha

Cuirtear go leor seirbhísí cúraim sláinte ar fáil i bhfoirm conradh idir FSS agus gníomhaireachtaí seachtracha.

Moltaí:

- I gcás CHO agus grúpaí ospidéal a chuireann seirbhísí ar fáil do phobail oileánda, cinnteofar go bhfuil gach comhaontú leibhéal seirbhíse le gníomhaireachtaí seachtracha feiliúnach i gcomhthéacs oileánda, i. beidh ar ghníomhaireachtaí cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfaidh siad an tseirbhís a sheachadadh ar na hoileáin.

9.18. Bailiú Eolais

Agus an tuarascáil seo á hullmhú, bhí sé deacair teacht ar eolas cuí faoi na hoileáin i dtaca le táscairí tábhachtacha áirithe. I measc na ndeacrachtaí a bhaineann le bailiú eolais a tháinig chun solais le linn an phróisis seo bhí caighdeánú córas bailithe eolais chun comparáidí idir na hoileáin a éascú.

Moltaí:

- Caithfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh breathnú ar gach oileán as féin agus sonraí Daonáirimh á gcur i láthair.
- Cinnteoidh grúpaí áitiúla idirghníomhaireachta go mbailítear eolas maidir lena n-oileáin, go gcoinnítear an t-eolas cothrom le dáta agus go ndéantar athbhreithniú air.
- Caithfear córais bhailithe eolais a fhorbairt le gur féidir riachtanais seirbhísí sláinte agus gníomhaíocht ar na hoileáin a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Córais eolais le cur i bhfeidhm chun eolas cuí a bhailiú maidir le líon cuairteoirí chun an acmhainneacht bhorrtha do phearsanra chliniciúil a theastaíonn a shoiléiriú.

9.19. Plean Cur i bhFeidhm do Bhliain 1

Le cinntiú go dtugtar aghaidh ar na príomhcheisteanna a aithníodh sa tuarascáil seo, cuireadh plean cur i bhfeidhm do Bhliain 1 san áireamh. Leagtar amach sa phlean na príomhthosaíochtaí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu agus cuirtear treochlár ar fáil i gcásanna ina moltar tuilleadh plé agus comhoibrithe.

Tábla 13: Plean Forfheidhmithe - Bliain Amháin

Gealltanas	Réasúnaíocht	Cé	Scála ama	Costáil
Tabharfar Fóram Náisiúnta le chéile a mbeidh faoina chúram moltaí na tuarascála seo a chur i bhfeidhm.	Teastaíonn Straitéis Náisiúnta chiallmhar.	FSS/An Roinn Sláinte. Beidh ionadaíocht ar an bhfóram seo ó na pobail oileánda, ó na ranna ábhartha rialtais agus ó FSS chomh maith agus teastóidh Bainisteoir Náisiúnta Tograí.	An chead ceathrú de 2019	Forbrófar cás gnó do cheapadh Bainisteora Tograí
Bunófar Comhpháirtneireachtaí Idirghníomhaireachta i ngach ceantar CHO chun sláinte agus folláine na bpobal oileánda a chur chun cinn.	Tá cur chuige comhpháirtneireachta do riachtanais na bpobal oileánda riachtanach ag teacht le spriocanna Éire Fholláin.	Tabharfaidh gach CHO a bhfuil oileán faoina chúram aige fóram idirghníomhaireachta le chéile le hionadaíocht ón bpobal, ó dhochtúirí teaghlaigh, ó FSS (idir sheirbhísí pobail agus ghéarsheirbhísí), ón nGarda Síochána, ón tSeirbhís Dóiteáin agus ón Údarás Áitiúil. Beidh na grúpaí seo freagrach do Phríomhoifigeach an CHO ábhartha.	Bunófar Grúpa Oibre le linn an 4ú ceathrú de 2018.	Ní bheidh aon ardú costais i gceist
Cuirfear an t-eolas ar fad a fuarthas le linn an phróisis chomhairliúcháin ar tugadh faoi agus an tuarascáil seo á hullmhú agus sonraí na seirbhísí reatha ar fáil do na grúpaí áitiúla feidhmithe.	Beidh an t-eolas scagtha ar fad ar fáil chun bonn eolais a chur faoi dhéanamh cinntí maidir le seirbhísí do na hoileáin.	Grúpa Stiúrtha	An 4ú ceathrú de 2018	Ní bheidh aon ardú costais i gceist
Tús a chur leis an bpróiseas le sonraí nua poist a fhorbairt d'Altra Oileánda.	Sainról d'Altra Oileánda le forbairt.	FSS le tús a chur leis an bpróiseas	An chead ceathrú de 2019.	Ní bheidh aon ardú costais i gceist
Forbrófar pleananna gnímh sláinte faoi leith do gach oileán.	Bíonn riachtanais agus deacrachtaí faoi leith ag gach oileán.	Fóram Idirghníomhaireachta	An 2ú ceathrú de 2019	Beidh deimhniú faoin gcostas nuair a bheidh an plean gnímh forbartha
Déanfar athbheithniú ar áiseanna Cúraim Phríomhúil na n-oileán.	Caithfidh gach áitreabh cúraim sláinte a bheith feiliúnach dá chuspóirí.	FSS	An chead ceathrú de 2019	Ní bheidh aon ardú costais i gceist leis an athbheithniú; caithfear costáil a dhéanamh ar aon phlean forbartha amach anseo

Tábla 13: Plean Forfheidhmithe - Bliain Amháin

Gealltanais	Réasúnaíocht	Cé	Scála ama	Costáil
Forbrófar áiseanna nua Cúraim Phríomhúil ar Inis Bó Finne agus ar Árann.	Faomhadh na forbairtí seo.	FSS	Aontófar ar phlean do chríochnú na n-áiseanna seo in 2018.	Costáil d'áiseanna aonair déanta
Tabharfar isteach scéim uasdátaithe Gaeilge (de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003).	Cuirfidh gach CHO plean áitiúil i bhfeidhm agus cuirfidh sé tacaíocht ar fáil don fhoireann a gcuid scileanna teanga a fheabhsú, déanfaidh siad rochtain daoine ar fhoireann le Gaeilge a éascú agus forbrófar acmhainní seirbhísí (m.sh. uirlisí measúnaithe) i nGaeilge.	FSS	An chead ceathrú de 2019	Ní bheidh aon ardú costais i gceist
Forbrófar córas comhtháite idir cúram príomhúil, tánaisteach agus treasach chun cosáin láidre cúraim a thabhairt san áireamh do bhainistíocht riochtaí fadtréimhseacha.	Tá go leor seirbhísí ilroinnte faoi láthair.	FSS	Cuirfear tús leis an réamhobair sa chead ceathrú de 2019.	Ní bheidh aon ardú costais i gceist
Forbrófar teimpléad coitianta chun sonraí gníomhaíochta a bhaillú i dtaca leis an ualach oibre atá i gceist le cúram príomhúil ar na hoileáin.	Is eolas ilroinnte atá ann faoi láthair atá deacair le bailiú.	FSS	An chead ceathrú de 2019	Ní bheidh aon ardú costais i gceist
Cuirfear tús le plé leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna maidir le hiompar othar go dtí láithreacha aslonnaithe leighis.	lomar sábháilte d'othair	FSS	An chead ceathrú de 2019	Deimhneofar na costais nuair a fhorbrófar pleananna sainiúla.

9.20. Conclúid

Tá nádúr an chúraim príomhúil ag athrú de réir mar a théann daonra na hÉireann in aois agus de réir na castachta a bhaineann le riachtanais dá bharr. Is é an cúram príomhúil bunús Sheirbhísí Sláinte na hÉireann agus caithfear é a chosaint agus a chothú chun seirbhís chothrom sláinte a chur ar fáil do na pobail oileánda, ag teacht le dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun creat fianaise-bhunaithe a fhorbairt chun seirbhís inbhuanaithe chúraim sláinte príomhúil a chur ar fáil d'oileáin na hÉireann. Fuarthas le linn an phróisis chomhairliúcháin léargas ar sheirbhís chúraim sláinte agus shóisialta atá mí-eagraithe, mí-éifeachtúil agus scaipthe agus nach n-aithníonn na dúshláin bhreise a chuirtear go minic roimh oileánaigh agus iad ag iarraidh an leibhéal céanna cúraim sláinte a fháil agus atá ar fáil do mhuintir na mórthíre. Ina theannta sin, is léir go bhfuil dochtúirí teaghlaigh agus altraí oileánda, chomh maith le baill eile na foirne chúraim príomhúil, ag obair gan stad chun seirbhís dhóthanach chúraim sláinte agus shóisialta a chur ar fáil do mhuintir na n-oileán i gcomhthéacs ina bhfuil acmhainní teoranta agus easpa shuntasach pleanáil chun tosaigh don fhórsa saothair. Ní bheidh a leithéid de mhúnla cúraim inbhuanaithe amach anseo agus tá na hoileánaigh, agus na hoibrithe cúraim sláinte a dhéanann freastal orthu, ag éileamh go rachfaí i ngleic leis na fadhbanna fadbhunaithe seo.

Tá gealltanais tugtha ag rialtas na hÉireann go gcosnóidh siad pobail na n-oileán agus go dtacóidh siad leo. Ina theannta sin, tacaítear i bpolasáí na hÉireann le soláthar cúraim chomh gar don bhaile agus is féidir do mhuintir na hÉireann, beag beann ar a n-áit chónaithe. I gcás na bpobal oileánda, braitheann baint amach na sprice seo ar dhaoine a chumhachtú le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí chun cinn na sláinte agus féin-chúraim i dtimpeallacht thacúil agus le foireann chúraim príomhúil a bhfuil na hacmhainní cuí acu agus a oibríonn i gcomhar leis na seirbhísí cúraim thánaistigh agus threasaigh, agus le hearnálacha eile sa tsochaí, chun seirbhís chothrom agus inrochtana chúraim sláinte a chur ar fáil do phobail na n-oileán.

Caithfear róil an dochtúra teaghlaigh oileánda agus an altra oileánda a aithint mar phoist speisialtóra iontu féin, agus caithfear tacú leo le hoiliúint chúí, le sonraí soiléire poist le hacmhainní agus cosáin láidre aontaithe chúraim agus chumarsáide agus trí dhul i ngleic le pleanáil chúí fórsa saothair agus le cúrsaí íocaíochta.

Aithnítear nach bhfeilfidh an cur chuige céanna do gach oileán agus go gcaithfear breathnú ar mhodhanna níos nuálaíche agus níos solúbtha soláthair chúraim sláinte a mbeidh bonneagar láidir fúthu. Chun plean sainiúil a sheachadadh a chomhlíonfaidh riachtanais phobal gach oileáin, moltar go mbunaítear fóram sainiúil do na hoileáin agus go dtugtar faoi mheasúnú riachtanais sláinte chun na riachtanais sláinte nach bhfuil á gcomhlíonadh ar gach oileán a aithint.

Caithfear oidhreacht fhíorluachmhar oileáin na hÉireann a chosaint go cúramach. Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar ár bhfís do sholáthar seirbhíse sláinte atá cothrom agus ar ardchaighdeán do na pobail oileánda, agus oibreoidh sé mar chreat chun athruithe a dhéanamh agus chun tacú le rogha na n-oileánach fanacht ina gcónaí ar na hoileáin.

**Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim
Phríomhúil na nOileán Aibreán 2017**

Aguisíní

Téarmaí*

Meán: Is ionann an meán agus suim na dtuairimí roinnte ar líon na dtuairimí.

Airmheán: Is é seo an luach láir i raon luachanna atá in ord ón luach is ísle go dtí an luach is airde. Úsáidtear é in áit an mheáin má bhíonn na sonraí ar sceabha.

Raon: Is ionann an raon agus an difríocht idir an uimhir is mó agus an uimhir is lú.

Raon idircheathairle: Is é an raon idircheathairle an raon ina bhfuil 50% de na tuairimí.

Dáileadh normalach: Úsáidtear an téarma seo le cur síos a dhéanamh ar shonraí atá dailte go siméadrach, i gcruth 'cloigín'. Dá gcuirfí na sonraí i láthair i bhfoirm graif is graf siméadrach a bheadh ann.

Sceabha: Úsáidtear 'sceabha' le cur síos ar shonraí nach bhfuil roinnte go siméadrach. Dá gcuirfí na sonraí i láthair i bhfoirm graif bheadh sé ar leathmhaing nó 'ar sceabha'.

**Sainmhínte bunaithe ar shainmhínte ó
théacsleabhar Sláinte Poiblí ar
<http://www.healthknowledge.org.uk/>**

Aguisín 1

Mínítear sa rannóg seo an chaoi ar chóir na “graif dhromlaigh” (spíne chart) seo a leanas a léamh. Dóibh siúd a dteastaíonn tuilleadh míniúcháin uathu déantar tagairt d’fhíseán an-mhaith thíos.

Cén chaoi uirlís dromlaigh a léamh?

Is bealach físiúil é an graf dromlaigh le roinnt táscairí do cheantar a chur i láthair. Cuirtear staitisticí gach táscaire ar scála ionas go bhfeictear meánluach an táscaire d’Éirinn mar líne ingearach dhubh amháin ar an ngraf. Cuirtear luach ceantair do gach táscaire i láthair i bhfoirm ciorcail ar chúlra scáthaithe ar a dtaispeántar raon agus raon idircheathairle luachanna na n-údarás áitiúil ar fud na hÉireann.

Lean an nasc seo thíos chun breathnú ar fhíseán oiliúna faoi léamh na huirlise dromlaigh:

<http://www.youtube.com/watch?v=480Mswgcg8M>

Aguisín 2

Figiúr 1: Toraigh agus Inis Meáin

Eochair don Oileán

	Meán d'Éirinn			
Luach is ísle	25ú	Ceintíl	75ú	Luach is airde

Táscaire	Uimhir Áitiúil	Luach Áitiúil	Meán d'Éirinn	Luach is ísle don Oileán	Raon don Oileán	Luach is airde don Oileán
Táscairí Déimeagrafacha						
1 Aois 0-4	7	4.6	7.8	0.9		6.5
2 Aois 5-14	10	6.6	13.6	6.6		16.9
3 Aois 15-24	20	13.0	13.0	7.4		24.0
4 Aois 25-64	95	63.0	54.0	43.8		62.9
5 Aois 65 agus os a chionn	19	13.0	12.0	12.6		28.0
6 Daonra iomlán	151					
7 Daonra agus Cóimheas Cleithiúnais	36	31.3	49.3	31.0		90.4
8 Éireannach Geal	145	96.7	84.5	76.0		97.2
9 Gach Eitneacht eile	5	3.3	15.5	2.8		24.0
10 Daonra nach labhraíonn Gaeilge	8	5.4	57.4	1.7		74.8
11 Teaghlaigh Aon Tuismitheora	4	7.0	10.9	5.1		14.4
12 Teaghlaigh de Dhuine Aonair amháin	21	36.8	23.7	26.5		55.3
Táscairí Timpeallachta						
13 Títhe a tógadh roimh 1960	33	57.9	23.8	25.0		59.3
14 Títhe gan córas téimh lárnaigh	4	7.0	1.6	0.0		14.3
15 Títhe ar cíós ón Údarás Áitiúil	4	7.0	7.8	1.0		11.3
16 Príomhphíobán Poiblí Uisce	6	10.5	75.6	10.5		85.0
17 Scéim Ghrúpa Uisce leis an Údarás Áitiúil	14	24.6	8.8	4.0		80.3
18 Scéim Ghrúpa Uisce le Foinse Phríobháideach	27	47.4	2.8	0.0		47.0
19 Córas eile Uisce le Foinse Phríobháideach	8	14.0	9.8	0.0		54.0
20 Teaghlaigh le Ríomhaire	27	47.0	73.0	45.0		78.0
21 Teaghlaigh le Leathanbhanda/nasc eile idirlín	25	44.0	72.0	38.0		78.0
22 Líon iomlán Teaghlach	57					
Táscairí Eacnamaíoch						
23 Díth		-13.5	0.2	-20.4		11.0
24 Ag obair	35	26.1	50.1	21.7		57.0
25 Dífhostaithe nó ag cuardach poist den chéad uair	44	32.8	11.8	6.0		33.0
26 Mac Léinn	12	9.0	11.3	3.0		27.2
27 Ag tabhairt aire do Theaghlach/Chlann	16	11.9	9.4	5.0		16.0
28 Éirithe as	16	11.9	12.7	11.9		29.0
29 Ní féidir dul ag obair de bharr Tinnis/Míchumais	8	6.0	4.4	1.9		6.3
30 Stádas fostaíochta eile	3	2.2	0.4	0.0		2.2
31 Neamhoilte agus Leathoilte	38	25.2	16.3	13.0		25.2
32 Daoine gan aon oideachas foirmiúil nó le hoideachas bu	58	49.2	15.2	9.0		49.2
Táscairí Sláinte						
33 Drochshláinte nó An-Drochshláinte	4	2.6	1.5	0.0		4.0
34 Daoine faoi mhíchumas 0-14 bl. d'aois	0	0.0	8.9	0.0		25.0
35 Daoine faoi mhíchumas 15-24 bl. d'aois	1	3.3	7.5	0.0		13.0
36 Daoine faoi mhíchumas 25-44 bl. d'aois	2	6.7	20.2	0.0		18.0
37 Daoine faoi mhíchumas 45-64 bl. d'aois	14	46.7	29.1	15.0		47.1
38 Daoine faoi mhíchumas 65+ bl. d'aois	13	43.3	34.3	17.6		63.3
39 Líon iomlán daoine faoi mhíchumas	30					

Figiúr 2: Árainn Mhór

Eochair don Oileán

	Meán d'Éirinn			
Luach is ísle	25ú	Ceintil	75ú	Luach is airde

Táscaire	Uimhir Áitiúil	Luach Áitiúil	Meán d'Éirinn	Luach is ísle don Oileán	Raon don Oileán	Luach is airde don Oileán
Táscairí Déimeagrafacha						
1 Aois 0-4	24	4.7	7.8	0.9		6.5
2 Aois 5-14	76	14.8	13.6	6.6		16.9
3 Aois 15-24	45	9.0	13.0	7.4		24.0
4 Aois 25-64	225	44.0	54.0	43.8		62.9
5 Aois 65 agus os a chionn	144	28.0	12.0	12.6		28.0
6 Daonra Iomlán	514					
7 Daonra agus Cóimheas Cleithiúnais	244	90.4	49.3	31.0		90.4
8 Éireannach Geal	466	93.8	84.5	76.0		97.2
9 Gach Eitneacht eile	31	6.2	15.5	2.8		24.0
10 Daonra nach labhraíonn Gaeilge	66	13.1	57.4	1.7		74.8
11 Teaghlaigh Aon Tuismitheora	26	12.3	10.9	5.1		14.4
12 Teaghlaigh de Dhuine Aonair amháin	77	36.3	23.7	26.5		55.3
Táscairí Timpeallachta						
13 Tithe a tógadh roimh 1960	89	42.0	23.8	25.0		59.3
14 Tithe gan córas téimh lárnaigh	1	0.5	1.6	0.0		14.3
15 Tithe ar cíós ón Údarás Áitiúil	9	4.2	7.8	1.0		11.3
16 Príomhphíobán Poiblí Uisce	142	81.6	75.6	10.5		85.0
17 Scéim Ghrúpa Uisce leis an Údarás Áitiúil	44	67.0	8.8	4.0		80.3
18 Scéim Ghrúpa Uisce le Foinse Phríobháideach	14	20.8	2.8	0.0		47.0
19 Córas eile Uisce le Foinse Phríobháideach	12	5.7	9.8	0.0		54.0
20 Teaghlaigh le Ríomhaire	115	54.0	73.0	45.0		78.0
21 Teaghlaigh le Leathanbhanda/nasc eile idirlín	107	50.0	72.0	38.0		78.0
22 Líon iomlán Teaghlach	212					
Táscairí Eacnamaíocha						
23 Díth		-20.4	0.2	-20.4		11.0
24 Ag obair	90	21.7	50.1	21.7		57.0
25 Dífhostaithe nó ag cuardach poist den chéad uair	70	16.9	11.8	6.0		33.0
26 Mac Léinn	39	9.4	11.3	3.0		27.2
27 Ag tabhairt aire do Theaghlach/Chlann	66	15.9	9.4	5.0		16.0
28 Éirithe as	120	29.0	12.7	11.9		29.0
29 Ní féidir dul ag obair de bharr Tinnis/Míchumais	26	6.3	4.4	1.9		6.3
30 Stádas fostaíochta eile	3	0.7	0.4	0.0		2.2
31 Neamhoilte agus Leathoilte	128	24.9	16.3	13.0		25.2
32 Daoine gan aon oideachas foirmiúil nó le hoideachas bu	162	45.9	15.2	9.0		49.2
Táscairí Sláinte						
33 Drochshláinte nó An-Drochshláinte	16	3.1	1.5	0.0		4.0
34 Daoine faoi mhíchumas 0-14 bl. d'aois	3	3.1	8.9	0.0		25.0
35 Daoine faoi mhíchumas 15-24 bl. d'aois	2	2.1	7.5	0.0		13.0
36 Daoine faoi mhíchumas 25-44 bl. d'aois	8	8.3	20.2	0.0		18.0
37 Daoine faoi mhíchumas 45-64 bl. d'aois	30	31.3	29.1	15.0		47.1
38 Daoine faoi mhíchumas 65+ bl. d'aois	55	55.0	34.3	17.6		63.3
39 Líon iomlán daoine faoi mhíchumas	96					

Figiúr 3: Cliara agus Inis Toirc

Eochair don Oileán

	Meán d'Éirinn			
Luach is ísle	25ú	Ceintil	75ú	Luach is airde

Táscaire	Uimhir Áitiúil	Luach Áitiúil	Meán d'Éirinn	Luach is ísle don Oileán	Raon don Oileán	Luach is airde don Oileán
Táscairí Déimeagrafacha						
1 Aois 0-4	13	5.9	7.8	0.9		6.5
2 Aois 5-14	32	14.5	13.6	6.6		16.9
3 Aois 15-24	21	10.0	13.0	7.4		24.0
4 Aois 25-64	115	52.0	54.0	43.8		62.9
5 Aois 65 agus os a chionn	40	18.0	12.0	12.6		28.0
6 Daonra Iomlán	221					
7 Daonra agus Cóimheas Cleithiúnais	85	62.5	49.3	31.0		90.4
8 Éireannach Geal	192	91.4	84.5	76.0		97.2
9 Gach Éitneacht eile	18	8.6	15.5	2.8		24.0
10 Daonra nach labhraíonn Gaeilge	160	74.8	57.4	1.7		74.8
11 Teaghlaigh Aon Tuismitheora	8	9.9	10.9	5.1		14.4
12 Teaghlaigh de Dhuine Aonair amháin	32	39.5	23.7	26.5		55.3
Táscairí Timpeallachta						
13 Tithhe a tógadh roimh 1960	33	41.3	23.8	25.0		59.3
14 Tithhe gan córas téimh lárnaigh	2	2.5	1.6	0.0		14.3
15 Tithhe ar cíos ón Údarás Áitiúil	9	11.3	7.8	1.0		11.3
16 Príomhphíobán Poiblí Uisce	21	26.3	75.6	10.5		85.0
17 Scéim Ghrúpa Uisce leis an Údarás Áitiúil	33	41.3	8.8	4.0		80.3
